AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2015
COM(2015) 583 final

2015/0268 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2015) 255 final}
{SWD(2015) 256 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is céim thábhachtach atá san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Réamheolairí[1] chun Aontas na Margaí Caipitil a chruthú. Is "slí isteach" atá i réamheolaire comhchuibhithe an Aontais d'eisitheoirí a dteastaíonn maoiniú uathu chun rochtain a fháil ar mhargaí caipitil na hEorpa. Fógraíodh go ndéanfaí athchóiriú ar na rialacha maidir le réamheolairí sa Phlean Infheistíochta don Eoraip[2], mar chuid den tríú colún arb é is aidhm leis an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus tá an t-athchóiriú sin ar cheann de phríomhghnéithe Aontas na Margaí Caipitil. I bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil[3] tá clár cuimsitheach uaillmhianach beart arb é is aidhm leis an ról atá ag maoiniú margadh-bhunaithe sa gheilleagar Eorpach a neartú.

Is cuspóir lárnach d'Aontas na Margaí Caipitil é éascú a dhéanamh ar mhaoiniú a fháil sna margaí caipitil. Bíonn fáil ar raon leathan soláthraithe maoinithe laistigh de na margaí caipitil agus tugann siad deis imeachta d'aingil chothromais phríobháidigh agus ghnó, aingil a dhéanann infheistíocht i gcuideachtaí agus na cuideachtaí sin ag céim forbartha níos luaithe.

Is éard atá i réamheolaire ná doiciméad, a cheanglaítear faoin dlí, ina dtugtar eolas ar chuideachta. Tá sé mar aidhm leis an bhfaisnéis seo bonn a thabhairt ar ar féidir le hinfheisteoirí cinneadh an ndéanfaidh siad infheistiú in urrúis éagsúla arna n-eisiúint ag an gcuideachta sin. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach gan an réamheolaire bheith ina bhacainn gan ghá roimh rochtain a fháil ar na margaí poiblí chun caipiteal a thiomsú. Go háirithe, is féidir drogall a bheith ar FBManna urrúis a chur ar fáil don phobal díreach i ngeall ar an bpáipéarachas agus na costais mhóra a leanann é. Ba cheart go mbeadh sé níos éasca ar ghnólachtaí a gcuid oibleagáidí riaracháin a chomhlíonadh, ach é sin a dhéanamh ar chaoi a fhágfaidh go leanfaidh infheisteoirí de bheith eolasach ar na táirgí a ndéanann siad infheistíocht orthu.

Ar a shon go bhfeidhmíonn córas na réamheolairí go maith, tríd is tríd, tá ceanglais áirithe sa Treoir maidir le Réamheolairí a d'fhéadfaí a fheabhsú, b'fhéidir, chun an t-ualach riaracháin a bhíonn ar chuideachtaí a tharraingíonn suas réamheolaire (fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go háirithe) a laghdú féachaint réamheolairí a dhéanamh níos úsáidí ag infheisteoirí féideartha. Ach na rialacha maidir le réamheolairí a chur i gcomhréir níos dlúithe le rialacha eile de chuid an Aontais maidir le nochtadh (e.g. an Treoir maidir le Trédhearcacht[4] agus an Rialachán maidir le doiciméid faisnéise bunriachtanaí do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna)[5], d'fhéadfaí réamheolairí a dhéanamh níos éifeachtúla. I bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil tá béim ar leith ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Réamheolairí agus tá an t-athbhreithniú sin ar cheann de na gníomhaíochtaí luatha

---

1 Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire a bheidh le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64).

2 COM(2014) 903 final.

3 COM(2015) 468 final.

4 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

5 Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

ardtosaíochta atá leagtha síos. Is é an réasúnaíocht uileghabhálach atá leis an athbhreithniú ceann de na príomhbhacainní rialála a bhíonn roimh eisitheoirí, agus a n-urrúis chothromais agus fhiachais á dtairiscint acu do phobal na n-infheisteoirí, a mhaolú. Rannchuidíonn an togra seo leis an cuspóir a bhaint amach arb é atá ann scagadh a dhéanamh ar an *acquis* féachaint réimsí sonracha a aithint inar féidir rialacha a shimpliú agus ualaí agus costais a laghdú. Ar an gcúis sin, leanann measúnú tionchair an Choimisiúin ó na torthaí ar mheastóireacht a rinneadh mar chuid den clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT, COM(2014)368).

Tá sprioc simplí ag an athbhreithniú ar Treoir maidir le Réamheolairí: rialacha maidir le nochtadh a leagan síos do gach cineál eisitheora, rialacha atá curtha in oiriúint do riachtanais an eisitheora sin, agus, san am céanna, foinse eolais níos úsáidí a dhéanamh den réamheolaire d'infheisteoirí féideartha. Chuige sin tá béim ar leith ar cheithre ghrúpa eisitheoirí sa togra: (1) eisitheoirí atá liostaithe cheana ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna, ar mian leo caipiteal breise a ardú trí bhíthin eisiúint thánaisteach, (2) FBManna, (3) eisitheoirí rialta urrúis de gach cineál agus (4) eisitheoirí urrús neamhchothromais. Ina theannta sin, tá an togra ceaptha dreasachtaí breise a thabhairt chun úsáid a bhaint as an bpas trasteorann i gcomhair réamheolairí formheasta, pas a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Réamheolairí.

Ba cheart an méid seo a leanas a bhaint amach leis na bearta atá beartaithe: (i) an t-ualach riaracháin a bhaineann le réamheolaire a tharraingt suas a laghdú do gach eisitheoir, go háirithe i gcás FBManna, eisitheoirí rialta urrús agus eisiúintí tánaisteacha; (ii) a úsáidí atá réamheolairí mar uirlisí nochta faisnéise ag infheisteoirí, ag FBManna go háirithe, a fheabhsú; agus (iii) réamheolaire an Aontais Eorpaigh a thabhairt i gcomhréir níos dlúithe le rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le nochtadh.

Eisiúintí tánaisteacha

Eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús liostaithe cheana féin ar mhargadh rialáilte (is sa chatagóir seo atá thart ar 70% de na réamheolairí ar fud a fhormheastar in aon bhliain ar leith), nó ar mhargadh na FBManna fáis amach anseo, ba cheart go bhféadfaidís leas a bhaint as réamheolairí laghdaithe dá gcuid eisiúintí tánaisteacha. Na rialacha athchóirithe maidir le nochtadh íosta d'eisiúintí tánaisteacha, meastar go laghdóidh siad an costas a bhaineann le réamheolairí a tharraingt suas agus go bhfágfaidh siad go mbeidh an nochtadh a dhéanfar iontu níos úsáidí ag infheisteoirí féideartha.

FBManna

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart an rogha a thabhairt do FBManna réamheolairí sainiúla saincheaptha a tharraingt suas agus urrúis á dtairiscint don phobal acu, réamheolairí a bheadh ag díriú ar an bhfaisnéis atá bainteach le hábhair do chuideachtaí den mhéid sin. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh réamheolaire den chineál sin ar fáil do FBManna a ligtear isteach chun trádáil a dhéanamh ar mhargaí rialáilte, chun nach gcruthófar chaighdeán dhá leibhéil maidir le nochtadh ar mhargaí rialáilte, rud a d'fhéadfadh muinín infheisteoirí a laghdú. Chomh maith leis sin, meastar go gcabhróidh an fhormáid roghnach nua "ceisteanna agus freagraí" le FBManna réamheolairí dá gcuid féin a tharraingt suas, agus mórchuid táillí dlí a sheachaint ar an dóigh sin.

Eisitheoirí rialta

Ba cheart go mbeadh laghdú ar chostais mar thoradh ar an "doiciméad clárúcháin uilíoch" bliantúil atá beartaithe do chuideachtaí a bhfuil rún acu leas a bhaint as na margaí caipitil go

minic, agus ar mian leo doiciméad clárúcháin "ar an tseilf" a bheith acu atá ceadaithe ag an údarás inniúil agus a ligeann dóibh deiseanna caipiteal a thiomsú a thapú go mear ar theacht chun cinn dóibh. Tá sé beartaithe an próiseas formheasta réamheolairí, ón uair a bheidh an deis ann caipiteal a thiomsú, a laghdú ó 10 lá oibre (aga an ama i láthair) go 5 lá, tríd an doiciméid chlárúcháin uilíoch a thabhairt isteach.

Láimhseáil urrús neamhchothromais a bhfuil ainmníocht ard in aghaidh an aonaid acu

De réir na fianaise atá sa mheasúnú tionchair, bhí impleachtaí nach raibh coinne leo ag an láimhseáil fhabhrach a leagadh síos faoin Treoir maidir le Réamheolairí i leith urrúis ar EUR 100 000 nó níos mó an ainmníocht in aghaidh an aonaid atá acu, mar atá saobhadh a theacht i margaí bannaí na hEorpa agus gan rochtain a bheith ag mórchuid infheisteoirí ar sciar mór de na bannaí arna n-eisiúint ag cuideachtaí ar ghrád infheistíochta. Dá bhrí sin, sa Rialachán seo tá deireadh curtha leis na dreasachtaí a bhaineann le hurrúis fiachais a eisiúint le hainmníocht mhór d'fhonn deireadh a chur le ceann de na bacainní a aithnítear a bheith roimh leachtacht thánaisteach i margaí bannaí na hEorpa.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile an Aontais**

Tá an t-athchóiriú ar na réamheolairí ceaptha a bheith ina chomhlánú ar chuspóirí seo Aontas na Margaí Caipitil: ilroinnt sna margaí airgeadais a laghdú, foinsí maoiniúcháin a éagsúlú agus sreafaí trasteorann caipitil a neartú. An phríomhthosaíocht atá ag an gCoimisiún borradh a chur faoi gheilleagar na hEorpa agus infheistíocht a spreagadh chun poist a chruthú. Is cuid thábhachtach den fhreagairt ar an ngéardhúshlán seo é margaí caipitil níos láidre a bheith san Eoraip, arae d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin an méid maoinithe atá ar fáil a mhéadú agus an maoiniú sin a dhíriú ar bhealach níos éifeachtúla chuig deiseanna infheistíochta fiúntacha ar fud an Aontais.

I gcroílár Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil, tá an creideamh láidir gur féidir le maoiniú atá bunaithe ar mhargaí caipitil, de gach saghas – caipiteal fiontair, sluamhaoiniú agus an tionscal bainistíochta sócmhainní – réitigh maoiniúcháin a thabhairt do chuideachtaí a dteastaíonn níos mó caipitil uathu chun a ngnólachtaí a rith nó a mhéadú. Aidhmeanna eile atá ag Plean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil is ea caoi a thabhairt le tuilleadh infheistíocht phríobháideach a dhéanamh i dtionscadail bonneagair, deiseanna breise a thabhairt d'infheisteoirí agus do lucht coigiltis a gcuid airgid a chur chun tairbhe ar bhealach níos éifeachtaí, agus deireadh a chur le bacainní atá roimh infheistíocht trasteorann.

Beidh Aontas na Margaí Caipitil ag feidhmiú chun leasa gach ceann de na 28 mBallstát. Is féidir leis na Ballstáit a bhfuil na margaí is lú agus acmhainn mhór fáis acu an-leas a bhaint as caipiteal agus infheistíochtaí a dhíriú i dtreo na dtionscadal atá acu. Maidir leis na geilleagair margaidh atá forbartha, bainfidh siad leas as méadú ar infheistíocht trasteorann agus as roghanna coigiltis. Tiocfaidh buntáistí breise as foinsí maoiniúcháin de chineálacha níos éagsúla a bheith ar fáil: tacóidh sé le cobhsaíocht airgeadais, agus laghdóidh sé spleáchas na hearnála gnó agus an gheilleagair i gcoitinne ar iasachtaí ó na bainc. Ar an gcúis sin, is cuid thábhachtach é Aontas na Margaí Caipitil de chur i gcrích Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa.

D'fhéadfadh sé freisin go gcabhróidh an t-athbhreithniú seo chun rannpháirtíocht infheisteoirí in urrúis chothromais agus fiachais arna dtairiscint go poiblí a éascú, trí fhaisnéis a chur ar fáil atá curtha in oiriúint dá margadh sprice ar bhealach níos fearr agus trí dhíriú ar fhaisnéis a bhaineann le hábhar i dtaca le measúnú níos stuama a bheith á dhéanamh ag infheisteoirí ar an infheistíocht atá beartaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais seo**

Is leis an Treoir maidir le Réamheolairí a rialaítear an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Bhí sé mar aidhm ag an Treoir ag an tús go mbeadh sé níos éasca agus níos saoire do chuideachtaí caipiteal a chruinniú chucu féin ar fud an Aontais trí fhormheas amháin a fháil ó údarás rialála ("an t-údarás inniúil baile") in aon Bhallstát amháin. Faoin Treoir, is féidir le heisitheoirí, tairgeoir nó daoine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte "pas" a thabhairt dá gcuid réamheolairí ar mhaithe le tairiscintí agus liostuithe trasteorann.

Trí chosaint íosta chomhchuibhithe a áirithiú d'infheisteoirí trí ráthaíocht a thabhairt go mbeidh, i ngach réamheolaire, beag beann ar áit a fhoilsithe, an t-eolas soiléir cuimsitheach caighdeánaithe atá uathu chun cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh, tá an Treoir maidir le Réamheolairí ag comhlánú na n-oibleagáidí maidir le tuairisciú leanúnach agus *ad hoc* atá leagtha síos go háirithe sa Treoir maidir le Trédhearcacht agus sa Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh[6]. Tá an ghné chomhlántach ann toisc nach mbaineann an Treoir maidir le Réamheolairí ach leis na rialacha maidir le nochtadh le haghaidh tairiscint phoiblí nó liostú ar mhargadh rialáilte.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí le gníomh a dhéanamh. Léiríonn an cinneadh an bunús dlí seo a roghnú an ról ríthábhachtach atá ag córas comhchuibhithe le haghaidh réamheolairí, agus deiseanna pas a bheith acu ag gabháil mar chuid den chóras sin, i bhfeidhmiú margaidh inmheánaigh le haghaidh cothromas agus fiachas a chruinniú.

Tá nochtadh faisnéise i gcásanna ina ndéantar urrúis a thairiscint don phobal nó nuair a ligtear urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte ríthábhachtach chun infheisteoirí a chosaint trí dheireadh a chur le haon éagothroime idir an méid faisnéise atá acu agus méid atá ag eisitheoirí. Ach comhchuibhiú a dhéanamh ar an nochtadh sin is féidir sásra trasteorann pasanna a bhunú a fhágfaidh gur éifeachtaí a fheidhmeoidh an margadh inmheánach i raon leathan urrús. D'fhágfadh cineálacha cur chuige éagsúla go ndéanfaidh an margadh inmheánach a ilroinnt toisc go mbeadh eisitheoirí, tairgeoirí agus daoine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála faoi réir rialacha difriúla i mBallstáit dhifriúla agus d'fhéadfadh sé go gcuirfidh cosc ar réamheolairí a bheadh formheasta i mBallstát amháin a úsáid i mBallstáit eile. In éagmais creat comhchuibhithe chun aonchineálacht an nochta, agus feidhmiú an phas san Aontas, a áirithiú, is dócha go gcuirfeadh difríochtaí i reachtaíocht na mBallstát bacainní roimh fheidhmiú réidh rianúil an mhargaidh inmheánaigh d'urrúis. Dá bhrí sin, chun feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus chun dálaí a fheidhmithe a fheabhsú, go háirithe i ndáil le margaí caipitil, agus chun leibhéal ard cosanta a ráthú do chustaiméirí agus d'infheisteoirí, is iomchuí creat rialála maidir le réamheolairí a leagan síos ar leibhéal an Aontais.

[6] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

- **Coimhdeacht**

Is uirlis é réamheolaire comhchuibhithe an Aontais Eorpaigh nach féidir margaí caipitil ar fud an Aontais a chomhtháthú dá huireasa. A luaithe atá réamheolaire formheasta ag údarás inniúil, féadfaidh an t-eisitheoir pas a iarraidh chun an réamheolaire sin a úsáid i mBallstát eile den Aontas. Ní bheidh aon fhormheas breise ná aon nós imeachta riaracháin breise a bhaineann leis an réamheolaire de dhíth sa Bhallstát "óstaigh" sin. Tá feidhmiú an phas sin bunaithe ar an toimhde go ndéantar comhchuibhiú ar inneachar íosta an réamheolaire ar leibhéal an Aontais Eorpaigh faoi na rialacha is infheidhme maidir le réamheolairí (na rialacha bunúsacha agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme).

Toisc go bhfuil gné Eorpach ag baint leis an bpas dá bharr sin, ní féidir feabhsuithe a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais. Leis na roghanna eile atá ann, e.g. gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát, ní fhéadfaí an cuspóir a bhaint amach arb é atá ann bonn comhchuibhithe a leagan síos do nós imeachta an phas, ní fhéadfaí sin a bhaint amach ar dhóigh leordhóthanach agus éifeachtach.

An cuíchóiriú ar na gnéithe de réamheolaire an Aontais atá luaite thuas, meastar gur cothrom iomaíochta níos fearr d'eisitheoirí agus d'infheisteoirí araon an toradh a bheidh air agus meastar go rannchuideoidh sé le harbatráiste rialála a sheachaint. Leis na hathchóirithe atá beartaithe, chuirfí teachtaireacht shoiléir chomhsheasmhach amach ar fud an Aontais go raibh córas na réamheolairí ag feidhmiú go maith fiú le linn na géarchéime airgeadais, ach gur gá athruithe a dhéanamh chun fíormhargadh aonair a chruthú do na spriocghrúpaí sin nach raibh in ann leas iomlán a bhaint as córas comhchuibhithe réamheolairí go nuige seo (FBManna, eisitheoirí rialta agus/nó eisitheoirí tánaisteacha). Má chuirtear an réamheolaire ar fáil do FBManna agus d'eisitheoirí rialta, is féidir leis sin bheith ina chuidiú na linnte caipitil pan-Eorpacha atá ar fáil d'eisitheoirí den sórt sin a dhoimhniú. I gcás FBManna, is é a bheadh i gceist anseo córas sainiúil réamheolairí a cheapadh a mbeadh a inneachar agus a formáid oiriúnach d'eisitheoirí agus d'infheisteoirí araon. Príomhchuid de bhunú Aontas na Margaí Caipitil a bhunú is ea an aidhm sin. Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach leo féin agus is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tríd is tríd, tá na roghanna a piocadh ceaptha laghdú a dhéanamh ar an ualach a leagann comhlíonadh na rialacha ar na spriocghrúpaí seo a leanas: FBManna, eisitheoirí tánaisteacha, eisitheoirí rialta, eisitheoirí urrús neamhchothromais.

Meastar go mbainfeadh gach ceann de na grúpaí sin a bheagán nó a mhórán de leas as na hathchóirithe atá beartaithe.

Sa mheasúnú tionchair tá réamh-mheastacháin ar an tsábháil costais a bheadh ann, réamh-mheastacháin atá bunaithe ar thoimhdí fíorasacha réadúla ar an úsáid a bhainfí as an doiciméad clárúcháin uilíoch agus as an dá thacar de rialacha maidir le nochtadh atá beartaithe do FBManna agus d'eisitheoirí tánaisteacha araon.

FBManna

Ar choinníoll nach bhfuil siad ligthe isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte, bainfidh FBManna ar mian leo caipiteal a chruinniú trí bhíthin tairiscint phoiblí leas as rialacha nua maidir le nochtadh, lena n-áirítear an fhormáid nua "ceisteanna agus freagraí", agus ba cheart go laghdódh sin an costas a bhaineann le réamheolaire a ullmhú. Meastar go dtiocfaidh laghdú breise ar na costais a sheasann na FBManna sin atá liostaithe ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna toisc go mbainfidh siad tairbhe as an córas nochta laghdaithe a bheidh i bhfeidhm i leith eisiúintí tánaisteacha (féach thíos). De réir réamh-mheastacháin a

rinneadh, d'fhéadfadh na FBManna ar fad isteach is amach le EUR 45 milliún a shábháil gach bliain ach an córas nochta nua i gcomhair FBManna a thabhairt isteach.

Eisiúintí tánaisteacha

Tugann sonraí a sholáthar na Ballstáit le fios gur le heisiúintí tánaisteacha urrús, arna ndéanamh ag cuideachtaí a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, gur le sin a bhaineann 70% de na réamheolairí uile a fhormheastar aon bhliain ar leith. I bhfianaise na sonraí atá ar fáil i dtaobh réamheolairí a bhaineann le cothromais, meastar go bhféadfadh sé go rachadh na rialacha laghdaithe maidir le nochtadh chun sochair do thart ar 700 réamheolaire in aghaidh na bliana i gcás eisiúintí tánaisteacha. De réir figiúirí ón gcomhairliúchán poiblí faoin gcostas a bhíonn ar réamheolaire a tharraingt suas, d'fhéadfadh laghdú 130 milliún sa bhliain ar chostais teacht as sin.

Eisitheoirí rialta

D'fhéadfadh sé go luathófaí ar fhormheas réamheolairí má mhéadaíonn ar úsáid an doiciméid chlárúcháin uilíoch atá beartaithe i gcás réamheolairí cothromais agus neamhchothromais, agus go dtiocfadh méadú 150% (i gcás urrúis cothromais) agus 70% (i gcás urrúis neamhchothromais) ar líon na réamheolairí d'fhormheasfaí laistigh de 10 lá oibre gach bliain.

Eisitheoirí fiachais

Dá mbeadh ceanglas aonfhoirmeach ann d'eisiúintí bannaí, beag beann ar mhéid na hainmníochta, bheadh spreagadh ag eisitheoirí uile fiachais méideanna ainmníochta a roghnú a dhéanfadh a gcuid bannaí níos tarraingtí ag mórchuid cineálacha infheisteoirí. Agus is é a thiocfadh as mórchuid cineálacha infheisteoirí a bheith ann, meastar, méadú ar an tóir ar cheannach agus ar dhíol bannaí, agus ar an dóigh sin leachtacht mhargadh na mbannaí corparáideacha san Aontas a mhéadú.

Infheisteoirí

Ach réamheolairí a dhéanamh níos so-úsáidte agus a bhfócas ar chás sonrach an eisitheora a ghéarú , tiocfaidh dhá shochar, mar atá costais a laghdú agus na réamheolairí a dhéanamh níos úsáidí mar fhoinse eolais d'infheisteoirí féideartha. Ach fócas na bhfachtóirí priacail a luaitear sa réamheolaire a athdhíriú ar na priacail sin atá ábhartha agus sonrach, cabhrófar le hinfheisteoirí faisnéis atá ríthábhachtach chun cinneadh eolasach infheistíochta a dhéanamh a aithint thar fhaisnéis de chineál eile.

Na sochair a thiocfadh as athchóiriú a dhéanamh ar achoimre an réamheolaire, agus as bunachar inchuardaithe réamheolairí a chur ar bun, is deacra iad a thomhas go cainníochtúil: sa mheasúnú tionchair is mó de mheasúnú cáilíochtúil atá déanta orthu. Mar sin féin, an réasúnaíocht atá le hathchóiriú a dhéanamh ar achoimre an réamheolaire, tá sí bunaithe ar obair a rinneadh cheana faoi choinne an doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta pacáistithe.

Údaráis náisiúnta agus ÚEUM

Na hathchóirithe atá molta, níor cheart go gcuirfidís costais ar bhuiséid ná ar riaracháin na mBallstát. Go deimhin, ba cheart go rachadh simpliú an réamheolaire chun tairbhe d'údaráis inniúla na mBallstát de bhrí go bhfágfadh sé go mbeadh an próiseas formheasta réamheolairí níos fusa dóibh.

D'fhéadfadh sé go mbeadh costas ríomhaireachta a mhéadódh de réir a chéile ar ÚEUM as gach réamheolaire a chur ar fáil ar líne ar a shuíomh gréasáin agus iad inchuardaithe. Dealraíonn sé go bhfuil údar leis na costais sin i ngeall ar an mórthairbhe a thiocfadh as costais chuardaigh níos ísle agus rochtain éasca láraithe a d'fhéadfadh a bheith ann

d'infheisteoirí agus d'infheisteoirí féideartha a mbeadh suim acu i raon leathan urrús arna n-eisiúint san Aontas Eorpach.

Costais ar eisitheoirí as comhlíonadh

An rogha atá déanta an t-athmhúnlú a bheith i bhfoirm Rialacháin, níor cheart go mbeadh tionchar aige ar na costais a chuireann comhlíonadh ar eisitheoirí ná ar na costais a chuireann forfheidhmiú ar údaráis inniúla. Seo a leanas achoimre ar an tionchar a bheadh ag an méid atá beartaithe ar na costais a thagann as comhlíonadh agus ar na costais a thagann as forfheidhmiú.

Ba cheart go bhfágfadh na córais nua maidir le nochtadh i gcás eisiúintí tánaisteacha agus i gcás FBManna araon go mbeidh costais níos ísle ar eisitheoirí as comhlíonadh agus go laghdódh siad freisin ualach oibre na n-údarás inniúil toisc gur lú an méid faisnéis a bheadh le nochtadh agus le grinnscrúdú acu. An laghdú sin costais, is mó de dhifear fós a dhéanfadh sé do na heisitheoirí sin nach raibh in ann leas a bhaint as na córais sin go nuige seo ach a bheidh in ann leas a bhaint as amach anseo. Mar sin féin, bheadh costais áirithe i gceist do na heisitheoirí sin atá ag úsáid na sceidil atá ann faoi láthair toisc go bhféadfadh sé go mbeadh orthu dul i dtaithí ar na rialacha nua.

Is iad na geallsealbhóirí a bhaineann leas i láthair na huaire as an díolúine maidir le réamheolairí agus as maoluithe i leith tairiscintí urrúis neamhchothromais arb é EUR 100 000 nó níos mó a n-ainmníocht, is iad na geallsealbhóirí sin is dócha a dtiocfaidh méadú ar na costais a sheasann siad. Iad siúd nach féidir leo leas a bhaint as aon díolúine eile, bheadh orthu réamheolaire a ullmhú faoin ngnáthchóras, é sin nó faoi chóras na réamheolairí bunaidh nó faoin gcóras maidir le nochtadh sonrach le haghaidh eisiúintí tánaisteacha, más infheidhme.

Ina theannta sin, ach doiciméad a bheadh ar aon dul leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí d'infheisteoirí a dhéanamh d'achoimre an réamheolaire, thiocfadh morlaghdú ar na costais a bhaineann le comhlíonadh toisc nach mbeadh an achoimre chomh huileghabhálach céanna agus dá bhrí sin ní bheadh sé chomh costasach céanna é a ullmhú. Lena chois sin, i gcásanna ina dtiocfadh urrúis faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 araon, ba cheart cead a thabhairt athúsáid iomlán a bhaint as a bhfuil sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí san achoimre chun costais a bhaineann le comhlíonadh agus an t-ualach riaracháin a íoslaghdú d'infheisteoirí.

- **An rogha ionstraime**

Tháinig roinnt cásanna chun cinn faoi Threoir 2003 maidir le Réamheolairí, in ainneoin athchóiriú na bliana 2010, ina bhfacthas go raibh an Treoir maidir le Réamheolairí á chur chun feidhme ar bhealaí éagsúla i mBallstát áirithe. Rachfaí i ngleic le fadhbanna den sórt sin a thagann chun cinn agus Treoir á trasuíomh dá ndéanfaí Rialachán den Treoir maidir le Réamheolairí agus d'fheabhsófaí freisin comhleanúnachas agus comhtháthú ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus ag an am céanna laghdófaí an éagsúlacht agus an ilroinnt atá i rialacha ar fud an Aontais, rud atá ag teacht le spriocanna Aontas na Margaí Caipitil.

Ach aon leabhar amháin rialacha a bheith ann, chuirfí deireadh leis an bhfadhb arb é atá ann go gcaithfidh eisitheoirí agus infheisteoirí ar suim leo caipiteal a chruinniú nó a infheistiú thar theorainneacha, go gcaithfidh siad comparáid a dhéanamh idir rialacha náisiúnta lena áirithiú go dtuigeann siad na rialacha ábhartha agus go bhfuil na rialacha sin á gcomhlíonadh acu. Ach Rialachán a úsáid d'fhéadfaí costais a bhaineann le cuardaigh neamhthairgiúla den sórt sin a sheachaint. Ba cheart gurbh fhusa na dlíthe náisiúnta faoina ndearnadh an Treoir maidir le Réamheolairí atá ann faoi láthair a thrasuíomh, ba cheart gurbh fhusa iad a chur in oiriúint don Rialachán atá beartaithe toisc go bhfuil na bearta cur chun feidhme atá ann faoi láthair i

bhfoirm Rialacháin cheana féin. Dá bhrí sin, is é an rogha tosaíochta an Treoir maidir le Réamheolairí a thiontú ina Rialachán.

3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex-post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá an Treoir maidir le Réamheolairí curtha ar áireamh i gclár REFIT an Choimisiúin Eorpaigh. Tá tuilleadh sonraí faoin meastóireacht sin faoi "Oiriúnacht rialála agus simpliú" thíos.

- **Comhairliúchán le geallsealbhóirí**

Comhlíonadh na bprionsabal maidir le Rialáil Níos Fearr, a bhfuil cur síos orthu sna Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr (SWD(2015) 111 final) agus sa bhosca uirlisí a ghabhann leis, comhlíonadh na prionsabail sin trí chomhairliúcháin poiblí, a bhí ar siúl ón 18 Feabhra go dtí an 13 Bealtaine 2015, a eagrú. Fuarthas 182 fhreagra san iomlán, agus ina measc siúd bhí 124 fhreagra ó eagraíochtaí (comhlachais) agus cuideachtaí (bainc, stocmhalartáin, ardáin sluamhaoinithe), 22 fhreagra ó údaráis phoiblí (Ballstáit, údaráis inniúla náisiúnta agus ÚEUM) agus 36 fhreagra ó dhaoine aonair príobháideacha. Ó thaobh tíortha de, tháinig 21% de na freagraí ón nGearmáin (38 bhfreagra), 21% ón Ríocht Aontaithe (37), 11% ón bhFrainc (20), 9.5% ón mBeilg (17) agus ó na Ballstáit eile a tháinig na freagraí eile.

Ó thús deireadh an chomhairliúcháin bhí na scairshealbhóirí ar son, tríd is tríd, an athbhreithnithe agus na roghanna a moladh. An aidhm ghinearálta arb é atá ann maolú ar an iallach a bhíonn ann i gcás eisitheoirí rialta, FBManna, agus eisiúintí tánaisteacha, faisnéis gan chall a thabhairt agus an fhaisnéis chéanna a thabhairt roinnt uaireanta sa réamheolaire, bhí na geallsealbhóirí ar fad, na Ballstáit san áireamh, ar a son. Thacaigh na geallsealbhóirí freisin le achoimre ar réamheolaire de chineál nua a chruthú, ar nós an doiciméid faisnéise bunriachtanaí, agus le córas láraithe stórála réamheolairí ag a bheith ÚEUM.

- **Measúnú tionchair**

Déantar anailís ar roinnt rogha beartais sa mheasúnú tionchair, roghanna a bhfuil sé mar aidhm leo dhá sprioc a bhaint amach, mar atá an t-ualach riaracháin a bhíonn ar chuideachtaí a tharraingíonn suas réamheolaire (FBManna go háirithe) a laghdú agusréamheolairí a dhéanamh níos úsáidí ag infheisteoirí féideartha. Déantar measúnú ann freisin ar conas an bonn infheistíochta d'eisiúintí neamhchothromais a leathnú (méideanna ainmníochtaí).

Sa tábla thíos tá achoimre ar na maoluithe éagsúla agus ar na bearta cosanta infheisteora difriúla a roghnaíodh, maille leis an tionchar a bheadh acu ar na geallsealbhóirí ábhartha agus ar an margadh trí chéile ina bhfeidhmíonn na geallsealbhóirí sin.

Na roghanna tosaíochta beartais	An tionchar ó thaobh costais de ar gheallsealbhóirí	An tionchar ar mhargaí/earnálacha ábhartha
An chomaoin tairisceana uasta, ar féidir le Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan ceangal a leagan síos réamheolaire an Aontais Eorpaigh a tharraingt suas má tá an chomaoin faoina bhun, a shocrú ag	Bheadh isteach agus amach le 100 réamheolaire i gceist (thart ar 3% de líon na réamheolairí a fhormheastear gach bliain) a bhféadfadh sé nach mbeadh oibleagáid orthu a thuilleadh réamheolaire an Aontais Eorpaigh a tharraingt suas, ag brath ar rogha na Ballstát.	Bheadh an laghdú costais ag brath ar an gcinneadh a dhéanfadh na Ballstáit maidir le díolúine a thabhairt, nó gan é a thabhairt, i gcás tairiscintí intíre ar lú ná EUR 10 milliún a gcomaoin iomlán.

Na roghanna tosaíochta beartais	An tionchar ó thaobh costais de ar gheallsealbhóirí	An tionchar ar mhargaí/earnálacha ábhartha
EUR 10 milliún		
Córas nochta laghdaithe le haghaidh eisiúintí tánaisteacha	Acmhainneacht chun margaidh an-mhór toisc go mbaineann thart ar 70% de na réamheolairí cothromais go léir a fhormheastear gach bliain le "heisiúintí tánaisteacha", rud a d'fhágfadh go bhféadfadh thart ar 700 den 935 réamheolaire cothromais leas a bhaint as. Meastar gur thart ar EUR 130 milliún a bheadh sa tsábháil bhliantúil.	An tionchar ar mhargaí cothromais: an méadú ar eisiúintí tánaisteacha, éascaíonn sé na deiseanna chun caipiteal cothromais a thiomsú tar éis tairiscintí poiblí tosaigh ar éirigh leo, agus is gné thábhachtach den iarracht leanúnach atá idir lámha chun Aontas na Margaí Caipitil a chruthú é sin.
An tairseach maolaithe le haghaidh díolúine a thabhairt do réamheolaire i gcás ligean isteach chun trádála a ardú (Airteagal 1(4)(a))	Oiread is EUR 1 mhilliún in aghaidh an réamheolaire má ligtear isteach níos lú ná 20% de na hurrúis gan íoc.	An tionchar ar mhargaí cothromais: an méadú ar eisiúintí tánaisteacha, éascaíonn sé caipiteal cothromais a chruinniú i gcomhréir le hAontas na Margaí Caipitil.
Doiciméad uilíoch clárúcháin d'eisitheoirí rialta ar mhargaí rialáilte nó do shaoráidí trádála iltaobhacha	Acmhainneacht chun margaidh mór toisc nach bhfuil an tréimhse a thógann sé faoi láthair formheas a fháil níos lú ná 10 lá ach ag 20% de réamheolairí cothromais agus 32% de réamheolairí neamhchothromais (gan réamheolairí bunaidh san áireamh). I gcás na Fraince, chun an sampla sin a úsáid, ina bhfuil córas cosúil leis sin i bhfeidhm le beagnach scór bliain anuas, d'fhéadfaí go dtiocfadh méadú ar an gcéatadán sin go 50% i gcás eisiúintí cothromais (= 370 réamheolaire cothromais/bliain san Aontas ar fad) agus 55% sa chás eile (= 838 réamheolaire/bliain i gcás eisiúintí neamhchothromais san Aontas ar fad).	Baineann sochair le formheas luathaithe d'eisitheoirí rialta urrúis chothromais agus neamhchothromais. Laghdódh an tréimhse ama laghdaithe chun formheas a fháil de 5 lá costais agus d'fhágfadh sé go mbeadh eisitheoirí rialta in ann deiseanna margaidh a thapú chun caipiteal nó fiachas a chruinniú.
Réamheolaire aonfhoirmeach le haghaidh urrúis neamhchothromais atá liostaithe ar mhargaí rialáilte (deireadh a chur leis an gcóras comhthreomhar mórdíola/miondíola)	Méadú beag a eascraíonn as an ngá le réamheolaire ligin isteach a chur le chéile, le hachoimre san áireamh, le haghaidh urrúis neamhchothromais. Is féidir an méadú a mhaolú mar is cuí leis an dearadh ar an teimpléad aonfhoirmeach le haghaidh réamheolairí neamhchothromais sna gníomhartha tarmligthe.	Mar thoradh ar mhéideanna ainmníochta níos lú beidh suim níos mó i ndíol agus ceannach, rud a fheabhsóidh leachtacht agus bonn na n-infheisteoirí i margaí bannaí an Aontais. Bainfidh infheisteoirí tairbhe as éagsúlú ar phunanna.
Deireadh a chur leis an díolúine EUR 100 000 le haghaidh urrúis neamchonthromais a thairiscint don phobal	Méadú a eascraíonn as an ngá le réamheolaire tairiscintí poiblí a chur le chéile le haghaidh urrúis neamhchothromais. Gach seans go gcúiteofaí sin i ngeall ar díolúintí eile a bheith ar fáil (infheisteoirí incháilithe / tiomantas íosta	Mar thoradh ar mhéideanna ainmníochta níos lú beidh suim níos mó i ndíol agus ceannach, rud a fheabhsóidh leachtacht san Aontas Eorpach i saoráid trádála iltaobhacha.. Bainfidh infheisteoirí tairbhe as éagsúlú

Na roghanna tosaíochta beartais	An tionchar ó thaobh costais de ar gheallsealbhóirí	An tionchar ar mhargaí/earnálacha ábhartha
	EUR 100 000). Cothromaithe i gcoinne an tairbhe a bheadh i gceist le margadh níos mó do bhannaí corparáide.	ar phunanna.
Córas nochta sonrach le haghaidh FBManna	D'fhéadfadh sé go mbainfeadh 320 réamheolaire FBM leas as na réamheolairí nua "i bhfabhar FBManna" agus bheifeá ag súil le sábháil bhliantúil thart ar 45 milliún dá bharr. D'fhéadfadh sábháil bhreise, anuas ar na cinn atá luaite thuas, a bheith ann má éiríonn go maith leis an bhformáid "ceisteanna agus freagraí".	Agus réamheolaire "i bhfabhar FBManna" nach mbeadh chomh costasach agus a bheadh níos éasca don úsáideoir, bheadh níos mó FBManna in ann liostú ar shaoráidí trádála iltaobhacha/margaí Fás FBManna. Éascaíonn méadú ar liostuithe FBManna le hinfheisteoirí punanna a éagsúlú.
Samhail nua d'achoimre an réamheolaire, bunaithe ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí	Baineann eisitheoirí cothromais agus neamhchothromais leas as solúbthacht a bheith acu tuairiscí gairide a dhréachtú agus faisnéis mhargaidh ón réamheolaire a chur le chéile faoi cheannteidil sholéite. Bhainfeadh eisitheoirí leas as freisin tríd an t-ábhar atá i ndoiciméad faisnéise bunriachtanaí atá ann cheana a athúsáid in achoimre an réamheolaire.	Bhainfeadh infheisteoirí miondíola leas as an athchóiriú an achoimre, achoimre a mbeadh teorann ar líon na leathanach. Bheadh sé níos éasca comparáid a dhéanamh idir na deiseanna infheistíochta i ngeall ar cheannteidil réamhshocraithe/éasca le tuiscint, ceannteidil a bheadh bunaithe ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí.
Foilsiú leictreonach (córas lárnach stórála ag ÚEUM)	Éascaíonn pointe aonair rochtana taighde agus forfheidhmiú agus méadaíonn sé ar éifeachtúlacht chóras na bpasanna do réamheolairí.	Uirlis riachtanach i gcomhair rochtain ar líne ar réamheolairí, rud a fhágann gur féidir comparáid a dhéanamh agus a chabhraíonn le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach.

Bheadh roinnt de na roghanna tosaíochta ag teacht go maith le chéile. Mar shampla, tá an doiciméad clárúcháin uilíoch d'eisitheoirí rialta ag teacht go maith leis na réamheolairí laghdaithe i gcomhair eisiúintí tánaisteacha agus d'fhéadfadh sábháil teacht as an dá rogha sin in éineacht nach, sábháil gcuirtear san áireamh san anailís sa mheasúnú tionchair seo (a scrúdaítear ann an dá rogha ar leithligh). Ar an gcaoi chéanna, toisc go mbeadh tionchar aige ar ghnéithe éagsúla, dá ndéanfaí doiciméad faisnéise bunriachtanaí feabhsaithe d'achoimre an réamheolaire, neartófaí an dá chóras ar leith, go háirithe an córas do FBManna: mar shampla, d'fhéadfadh FBM liostú a fháil ar Mhargadh Fáis FBManna a bheadh ag baint tairbhe as réamheolaire i bhformáid "ceisteanna agus freagraí", formáid a bhfuil ag gabháil léi tairbhí an doiciméid faisnéise bunriachtanaí feabhsaithe.

Chomh maith leis sin, téann an tionscnamh maidir le méideanna na hainmníochta i gcás urrúis neamhchothromais, a imríonn tionchar ar ghnéithe éagsúla, téann sé chun leasa gach eisitheora a bhuí le margadh tánaisteach níos doimhne agus níos leachtaí le haghaidh fiachais corparáideach a bheith ann. Arís, bhainfeadh FBManna agus eisitheoirí rialta leas as achoimre a bheith i bhfoirm doiciméid faisnéise bunriachtanaí feabhsaithe, na córais shonracha maidir

le nochtadh faoi seach agus deireadh leis na dreasachtaí chun urrúis neamhchothromais a eisiúint in ainmníocht mhór de EUR 100 000 nó níos mó.

Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair go mbeidh laghdú ar an ualach riaracháin ar eisitheoirí, go mbeidh sé níos éasca ag FBManna rochtain a fháil ar mhargaí caipitil agus go mbeidh cosaint d'infheisteoirí níos saoire agus níos fearr trí oiriúnacht na ndoiciméad maidir le nochtadh a fheabhsú agus go mbeidh rogha níos leithne urrús bunaithe ar réamheolairí ar deireadh mar thoradh ar an athchóiriú atá beartaithe. Ina dhiaidh sin, ba cheart go dtiocfadh comhtháthú breise ar mhargaí caipitil san Aontas uaidh sin, i bhfoirm níos mó urrúis bunaithe ar réamheolairí a bheith á dtairiscint thar theorainneacha agus feabhas ar thrédhearcacht agus inchomparáideacht.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach nach gclúdaítear faoin Treoir maidir le Réamheolairí ach céatadán beag na hionstraimí airgeadais a thrádáil san Aontas agus nach bhfuil ann ach fachtóir amháin de go leor fachtóirí a imríonn tionchar ar fheidhmiú na margaí caipitil. Dá bhrí sin, is i gcomhthéacs níos leithne Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil is ceart na bearta atá beartaithe a mheas arae is cuid de sin iad.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I Meitheamh 2014 cuireadh an Treoir maidir le Réamheolairí ar áireamh sa chlár REFIT (COM(2014)368). Bhí údar lena chur ar áireamh toisc go raibh imní curtha in iúl ag geallsealbhóirí maidir leis an gcostas ard a bhain le réamheolaire a ullmhú agus formheas an údaráis inniúil ina leith a fháil.

Rinneadh an mheastóireacht ar an Treoir in 2015 lena áirithiú go mbeadh na torthaí ar fáil in am don tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach, tuarascáil nach mór don Choimisiún a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 1 Eanáir 2016 ar a dhéanaí (Airteagal 4 de Threoir 2010/73/AE). Sa mheastóireacht sin scrúdaítear éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach na Treorach. Tá sí ag gabháil le measúnú tionchair an Choimisiúin mar iarscríbhinn, agus seo a leanas ar thángthas orthu inti.

Nuair a glacadh Treoir 2003/71/CE in 2003, thóg sé áit dhá threorach, ceann maidir mionsonraí (1980) agus ceann maidir le réamheolairí (1989). Rinne geallsealbhóirí diancháineadh ar an dá threoir sin toisc gur cheadaigh siad cleachtais an-éagsúil ar fud an Aontais fúthu agus go raibh siad bunaithe ar chóras aitheantais fhrithpháirtigh, córas a d'fhág lánrogha fhairsing ag na húdaráis sa Bhallstát óstaigh (e.g. aistriú an réamheolaire go teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh a bheith ina cheangal).

I gcomparáid leis an méid sin, is féidir a aithint go ndearna an Treoir maidir le Réamheolairí éascaíocht do chruinniú caipitil thar theorainneacha san Eoraip, trí phrionsabal an “phas aonair” a chur i bhfeidhm, a d'fhág go bhféadfadh údarás na tíre baile sraith amháin de dhoiciméid maidir le nochtadh a fhormheas agus go nglacfaí leis sin ar fud an Aontais Eorpaigh i ndáil le tairiscintí poiblí agus/nó urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte. Dá bhrí sin, ní féidir an méid a chuidigh an Treoir maidir le Réamheolairí margadh aonair urrús don Eoraip a chur ar bun, ní féidir sin a mheas faoina luach agus go deimhin is féidir a mhaíomh gur chloch mhíle í ar an ábhar sin.

Mar sin féin, san athbhreithniú in 2010 aithníodh, agus údar leis sin, go raibh roinnt easnamh ar Threoir 2003/71/CE a bhí ag déanamh difear do dheimhneacht dhlíthiúil roinnt de na coincheapa atá ann agus a bhí ag lagú a héifeachtúlacht ó thaobh cothromaíocht cheart a bhaint amach idir éifeachtúlacht an mhargaidh (réimsí ina bhfuil ualach rómhór rialála) agus cosaint d'infheisteoirí (cáilíocht, inléiteacht agus ábharthacht an nochta). Tugadh isteach athruithe le Treoir 2010/73/AE chun dul i ngleic leis na heasnaimh sin.

Trí bliana tar éis Treoir 2010/73/AE teacht i bhfeidhm, tugann sonraí staidrimh agus aiseolas ó na geallsealbhóirí le fios go bhfuil an diagnóis a rinneadh san athbhreithniú roimhe seo fós an-bhailí inniu. Go deimhin, is cosúil go bhfuil na treochtaí a aithníodh an tráth sin fós ann (réamheolairí a bheith á n-úsáid mar "sciath i gcoinne dliteanais", infheisteoirí miondíola a bheith ag tabhairt droim láimhe do réamheolairí agus do na hachoimrí atá iontu, scálú míchuí ar na ceanglais maidir le nochtadh idir na tairiscintí poiblí tosaigh agus eisiúintí tánaisteacha), agus is féidir a mhaíomh go bhfuil sin amhlaidh toisc nach raibh an toradh a rabhthas ag súil leis ar na réitigh a moladh sa Treoir leasaitheach (an achoimre ar an réamheolaire), nó toisc nach raibh na réitigh uaillmhianach a ndóthain (na córais i ndáil le nochtadh comhréireach), nó toisc nach raibh aon bheart i dTreoir 2010/73/AE a bhí ceaptha dul i ngleic leo.

I bhfianaise na n-easnamh a aithníodh sa mheastóireacht sin is iomchuí athbhreithniú dian a dhéanamh ar an Treoir maidir le Réamheolairí. Go háirithe, i ndáil leis na leasuithe a rinneadh leis an athbhreithniú in 2010, is iomchuí dul i ngleic arís leis na "córais maidir le nochtadh comhréireach" (i gcomhair FBManna agus cuideachtaí ar chaipitliú margaidh íseal agus i ndáil le ceisteanna a bhaineann le cearta) agus le hachoimre an réamheolaire, ar an ábhar nár baineadh amach cuspóirí na leasuithe a tugadh isteach le Threoir 2010/73/AE.

- **Cearta bunúsacha**

Is gá bearta reachtacha a dhéanfar amach anseo maidir le córas na réamheolairí, lena n-áirítear smachtbhannaí oiriúnacha, is gá iad a bheith ag teacht leis na cearta bunúsacha ábhartha atá cuimsithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart, freisin, aird ar leith a thabhairt ar chomh riachtanach agus chomh comhréireach atá na bearta reachtacha sin. Ní bhaineann le hábhar ach gnéithe áirithe de chosaint sonraí pearsanta (Airteagal 8), an tsaoirse chun gnó a dhéanamh (Airt. 16) agus cosaint tomhaltóirí (Airt. 38) i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ceadaítear teorainneacha a chur leis na cearta agus na saoirsí sin faoi Airteagal 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá na cuspóirí atá sainithe thuas ag teacht leis na hoibleagáidí atá ar an Aontas Eorpach cearta bunúsacha a urramú. Mar sin féin, má chuirtear teorainn le feidhmiú na gceart agus na saoirsí sin, ní mór foráil dlí a dhéanamh maidir leis agus ní mór bunbhrí na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a thabairt isteach ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad go fíreannach do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

I gcás na reachtaíochta a bhaineann le réamheolairí, is é cuspóir leasa ghinearálta a fhágann go bhfuil údar le teorainneacha áirithe a chur le cearta bunúsacha ná an cuspóir sláine an mhargaidh a áirithiú. Tharlódh go gcuirfí as don tsaoirse gnó a dhéanamh ar an ábhar nach mór cloí le hoibleagáidí áirithe a bhaineann le nochtadh, formheas agus comhdú chun a áirithiú go mbeidh na leasanna i slabhra na hinfheistíochta ag teacht lena chéile, agus chun a áirithiú go n-iompróidh infheisteoirí féideartha iad féin ar bhealach stuama. I dtaca le cosaint sonraí pearsanta de, is gá faisnéis áirithe a nochtadh sa réamheolaire chun a áirithiú go mbeidh ar chumas infheisteoirí a ngnó a dhéanamh le dícheall cuí. Ní miste a mheabhrú, áfach, go bhfuil na forálacha seo i bhfeidhm cheana i ndlí an Aontais. Cosnaítear prionsabal na comhréireachta, i ndáil le teorannú ar chearta bunúsacha, i ngach gníomhaíocht reachtach a bheartaítear.

I bhfocail eile, is é an cuspóir atá leis an Rialachán cothromaíocht a bhaint amach, ar thaobh, idir cosaint infheisteoirí a áirithiú agus an t-ualach riaracháin a bhíonn ar eisitheoirí a theorannú, agus ar an taobh eile, an margadh inmheánach do chaipiteal agus Aontas na Margaí Caipitil a chothú agus dóthain solúbthachta a fhágáil ann i gcomhair na margaí náisiúnta agus áitiúla.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh impleachtaí buiséadacha ag an togra ar ÚEUM ar dhá bhealach: ar an gcéad dul síos beidh ar ÚEUM caighdeáin rialála agus chur chun feidhm theicniúla a ullmhú agus ar an dara dul síos beidh air uasghrádú a dhéanamh ar an gclár réamheolairí atá aige cheana féin agus córas stórála ar leith a dhéanamh de, a mbeidh feidhm chuardaigh ag gabháil leis agus a bheidh an pobal in ann a úsáid saor in aisce agus réamheolairí an Aontais a chur i gcomparáid le chéile in aon áit amháin. Ina theannta sin, de bharr na sonraí a thiomsófar sa chóras stórála beidh ÚEUM in ann staitisticí mionsonraithe a chur i dtoll a chéile faoi na réamheolairí atá formheasta san Aontas Eorpach agus tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas.

Sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra seo tá measúnú ar na himpleachtaí buiséadacha a bhaineann go sonrach le hÚEUM .

Tá impleachtaí ag an togra ar bhuiséad an Chomhphobail i bhfoirm sciar ceathracha faoin gcéad an Choimisiúin de mhaoiniú ÚEUM.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar thionchar an Rialacháin nua i gcomhar le hÚEUM agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta ar bhonn na dtuarascálacha bliantúla maidir le réamheolairí arna bhformheas san Aontas, tuarascálacha a mbeidh sé de chumhacht ag ÚEUM a chur i dtoll a chéile gach bliain. Go háirithe, coinneofar cuntas i dtuarascálacha den sórt sin ar an méid úsáide atá á baint as na córais maidir le nochtadh do FBManna agus d'eisiúintí tánaisteacha agus as an doiciméad clárúcháin uilíoch d'eisitheoirí rialta ar fud an Aontais.

Déanfar meastóireacht ar na rialacha athbhreithnithe maidir le réamheolairí cúig bliana tar éis a dteacht i bhfeidhm. Trí ghrinnscrúdú a dhéanamh ba cheart go bhféadfaí a dhéanamh amach ar baineadh na cuspóirí sonraithe amach nó nár baineadh. Ar na paraiméadair thábhachtacha chun baint amach na gcuspóirí sonraithe a thomhas, beidh na nithe seo a leanas:

– líon na réamheolairí arna bhformheas gach bliain faoin dá thacar rialacha maidir le nochtadh le haghaidh eisiúintí tánaisteacha agus le haghaidh FBManna; déanfar rathúlacht a thomhas bunaithe ar chomparáid leis na réamh-mheastacháin maidir le tosú úsáide atá leagtha amach thuas agus sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis seo;

– líon na réamheolairí ar úsáideadh an doiciméad uilíoch clárúcháin thuasluaite chun formheas luathaithe a fháil dóibh;

– an laghdú foriomlán a thiocfaidh ar an achar ama is gá chun formheas a fháil, mar thoradh ar an doiciméad uilíoch clárúcháin a thabhairt isteach;

– sciar na n-infheisteoirí in eisiúintí fiachais neamhchothromais ar infheisteoirí miondíola iad (léiriú ratha a bheidh ann má thagann laghdú ar mhéideanna na hainmníochta le haghaidh eisiúintí neamhchothromais);

– an difear idir an costas a bheidh ar réamheolaire a fháil formheasta agus an costas atá air i láthair na huaire;

– an sciar de réamheolairí a aistreofar chuig Ballstáit eile faoi nós imeachta an phas Eorpaigh.

Is iad ÚEUM (lena n-áirítear na tuarascálacha bliantúla a luadh cheana féin) agus ionaid thrádála na príomhfhoinsí a bheidh ann chun sonraí ionchuir a fháil i dtaca leis na tomhais

thuas. Beidh gá le staidéar nó suirbhé a dhéanamh chun eolas a fháil faoin gcostas a bhaineann le réamheolaire a ullmhú agus formheas a fháil dó i gcomparáid leis an gcostas i láthair na huaire.

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Raon feidhme na hoibleagáide maidir le réamheolairí (Airteagal 1, Airteagal 3 agus Airteagal 4)

In Airteagal 1 den togra tugtar le chéile gach airteagal atá sa Treoir maidir le Réamheolairí atá ann faoi láthair a bhaineann le raon feidhme an cheanglais i dtaca le réamheolairí. Go háirithe, in Airteagal 1(3) agus (4) leagtar amach roinnt cúinsí ina mbeadh tairiscint urrús don phobal nó ligean isteach urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ina mbeadh sin lasmuigh de raon feidhme an cheanglais réamheolaire a fhoilsiú.

Cé go bhfuil formhór na bhforálacha maidir le raon feidhme gan athrú fós, leagtar amach tairseacha nua in Airteagal 1(3)(d) agus in Airteagal 3(2) den Togra, tairseach EUR 500 000' agus tairseach EUR 10 000 000, sa chaoi agus go ndéanfar deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

Faoi Threoir 2003/71/CE, tá an ceanglas maidir le réamheolairí infheidhme maidir le tairiscintí urrús arb é EUR 5 000 000 nó níos mó a gcomaoin iomlán, agus tá cead ag na Ballstáit méid is lú ná sin a leagan síos ina rialacha náisiúnta (faoi láthair tá 17 mBallstát ann a cheanglaíonn réamheolaire a ullmhú i gcás méideanna is lú ná EUR 5 000 000). Déantar foráil in Airteagal 1(3)(d) nach mbeidh aon réamheolaire de dhíth faoin Rialachán seo i gcás tairiscintí urrús ar lú ná EUR 500 000 a gcomaoin. Is aitheantas atá sa mhéid sin go mbíonn an costas a bhaineann le réamheolaire a ullmhú míréireach i ndáil leis na fáltais a bhfuiltear ag súil leo i gcás ina mbíonn comaoin faoi bhun EUR 500 000 ag tairiscint urrús don phobal, mar a bhíonn go hiondúil ar ardáin sluamhaoinithe atá bunaithe ar urrúis. An méadú sin ar raon na dtairiscintí beaga nach mbeidh feidhm ag an réamheolaire comhchuibhithe arna bhunú faoi Rialachán seo maidir leo, áfach, ní fhágfaidh sé nach bhféadfaidh na Ballstáit foirmeacha oiriúnacha nochta a bheith de cheangal ar mhéideanna eisiúna den sórt sin, fad agus a dhéanfaidh na Ballstáit ceanglais den sórt sin a shocrú ar bhealach comhréireach, atá ag teacht le meon an tsimplithe agus an chomhtháthaithe níos fearr ar mhargaí.

Cé go soiléirítear in Airteagal 3 go bhfuil sé éigeantach an réamheolaire a fhoilsiú roimh ré chun an tairiscint urrús a dhéanamh don phobal agus na hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte atá suite san Aontas, nó atá ag feidhmiú ann, i mír 2 den Airteagal sin bunaítear sásra um dhíolúine roghnach faoi réir dhiscréid na mBallstát. Tugtar rogha do na Ballstáit díolúine ón réamheolaire comhchuibhithe arna bhunú faoin Rialachán seo a thabhairt ar gach tairiscint urrús a bhfuil a gcomaoin iomlán idir EUR 500 000 agus méid nach mó ná EUR 10 000 000. Ní bhaineann an díolúine sin ach le tairiscintí sa tír sin nach ndéantar fógra maidir le pas a lorg ón mBallstát óstaigh ina leith. Déanfaidh na Ballstáit sin a shocraíonn go gcuirfidh siad an díolúine seo i bhfeidhm ina ndlínse an méid sin a thuairisciú don Choimisiún agus d'ÚEUM agus tabharfaidh siad le fios cad é an chomaoin uasta ar thairiscintí sa tír sin atá díolmhaithe ón réamheolaire ina ndlínse.

Sainmhínithe (Airteagal 2)

Is é an t-athrú is mó i réimse na sainmhínithe an t-athrú ar an sainmhíniú ar FBManna, sainmhíniú a chuimsíonn anois FBManna arna sainmhíniú faoi phointe (f) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2003/71/CE agus FBManna arna sainmhíniú faoi Threoir 2014/65/AE, rud a ardaíonn go EUR 200 milliún an tairseach EUR 100 milliún a bhíodh mar shainmhíniú ar “chuideachtaí a bhfuil caipitliú margaidh laghdaithe acu” roimhe seo faoi phointe (t) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2003/71/CE.

Réamheolairí deonacha (Airteagal 4)

In Airteagal 4 tugtar cead d'eisitheoirí réamheolaire an Aontais Eorpaigh a ullmhú más mian leo. Bheadh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag leanúint ó fhormheas ar réamheolaire 'deonach' den sórt sin ag an údarás inniúil agus a bheadh ó fhormheas ar réamheolaire a cheanglaítear faoin Rialachán seo, i.e. d'fhágfadh sé go mbeadh an t-eisitheoir incháilithe pas an Aontais Eorpaigh a fháil.

Athdhíol urrús ag céim níos déanaí / "Cascáid miondíola" (Airteagal 5)

I margaí áirithe, déantar urrúis a dháileadh le 'cascáid miondíola'. Is iondúil go dtarlaíonn cascáid miondíola nuair a dhéanann idirghabhálaí urrúis a dhíol le hinfheisteoirí (nach infheisteoirí incháilithe iad) seachas iad a bheith á ndíol ag an eisitheoir go díreach. In Airteagal 5 déantar soiléiriú ar an gcaoi ar ceart an ceanglas réamheolaire a chur le chéile agus a thabhairt cothrom le dáta a chur i bhfeidhm, agus ar na forálacha maidir le freagracht agus dliteanas, nuair a dhéanann an t-eisitheoir urrúis a láithriú le hidirghabhálaithe airgeadais agus go ndéantar iad a dhíol ar aghaidh ina dhiaidh sin le hinfheisteoirí miondíola, thar thréimhse a d'fhéadfadh a bheith chomh fada le roinnt mhaith míonna, agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí sin trí shraith bhreise amháin eile nó níos mó d'idirghabhálaithe. Tabharfar i réamheolaire bailí, arna tharraingt suas ag an eisitheoir nó ag an tairgeoir agus ar fáil don phobal i láithriú deiridh na n-urrús trí idirghabhálaithe airgeadais nó in aon athdhíol urrús ina dhiaidh sin, tabharfaidh ann dóthain faisnéise d'infheisteoirí le go bhféadfaidh siad cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh. Dá bhrí sin, idirghabhálaithe airgeadais a láithríonn urrúis nó a athdhíolann iad ina dhiaidh sin, ba cheart go bhféadfaidís brath ar an réamheolaire tosaigh a d'fhoilsigh an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas a fhad is atá sé bailí agus forlíonta go cuí agus go dtoilíonn an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas lena úsáid. Sa chás sin níor cheart aon réamheolaire eile a bheith de dhíth. Mar sin féin, i gcás nach dtugann an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire tosaigh sin a tharraingt suas toiliú lena úsáid, ba cheart ceangal a bheith ar an idirghabhálaí airgeadais réamheolaire nua a fhoilsiú. D'fhéadfadh an t-idirghabhálaí airgeadais an réamheolaire tosaigh a úsáid trí na codanna ábhartha de a chorprú de réir tagairtí ina réamheolaire nua.

Achoimre an réamheolaire (Airteagal 7)

In Airteagal 7 cuirtear san áireamh na tuairimí ginearálta a léiríodh sa chomhairliúchán poiblí nár bhain formáid an achoimre a tugadh isteach faoin Treoir leasaitheach 2010/73/AE amach na cuspóirí a bhí leis. Tá an achoimre nua bunaithe go dlúth anois ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le PRIIPanna agus faoi réir uasfhad 6 thaobh de pháipéar A4 agus é clóite (ní mór carachtair ar mhéid inléite a úsáid). Maidir le córas dliteanais an achoimre, a leagtar amach in Airteagal 11(2), ní dhearnadh aon athrú ar a bhfuil leagtha síos ina leith i dTreoir 2003/71/CE: ní bhíonn dliteanas ag gabháil leis an achoimre ach amháin má tá sí míthreorach, míchruinn nó míleanúnach nuair a léitear in éindí le codanna eile den réamheolaire í. Maille leis an ngnáthroinn ina bhfuil foláirimh, tá trí phríomhchuid san achoimre, a chlúdaíonn faisnéis bhunriachtanach faoin eisitheoir, faoin urrús, agus faoin tairiscint/ligean isteach. I gcás gach ceann acu, tugtar isteach ceannteidil ghinearálta, chomh maith le nóta mínithe ar an gcineál ábhair a thiocfaidh fúthu, ach tá cead ag eisitheoirí tuairiscí gairide a ullmhú agus an fhaisnéis atá ábhartha a roghnú. I gcás urrúis a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin PRIIPanna, is féidir leis an eisitheoir an t-ábhar atá sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí a chur in ionad na roinne dar teideal “urrúis”. Tá foráil maidir le huaslíon na leathanach is féidir a bheith san achoimre a scaoileadh sa chás go gclúdaíonn an achoimre roinnt urrús nach bhfuil de dhifríochtaí eatarthu ach roinnt sonraí an-teoranta. Coinnítear an toirmeasc ar fhaisnéis a chorprú san achoimre de réir tagairtí, atá

leagtha amach faoi láthair in Airteagal 11(1) de Threoir 2003/71/CE, sa chaoi nach dtarlóidh sé nach mbeidh san achoimre ach lear hipearnasc agus crostagairtí.

An réamheolaire bunaidh (Airteagal 8)

Tá sé mar aidhm ag Airteagal 8 feidhmiú an réamheolaire bhunaidh a shoiléiriú, feidhmiú atá gan athrú den chuid is mó i gcomparáid le Treoir 2003/71/CE, ach amháin ar na pointí seo a leanas. Féadfar réamheolaire bunaidh a tharraingt suas anois d'urrúis neamhchothromais de chineál ar bith, seachas dóibh siúd amháin arna n-eisiúint faoi chlár tairisceana nó ar bhealach leanúnach rialta ag institiúidí creidmheasa. Is ceadmhach anois réamheolaire bunaidh atá comhdhéanta de roinnt doiciméad ("réamheolairí tríchodacha" mar a thugtar orthu), agus is féidir doiciméad clárúcháin réamheolaire bunaithe a bheith ina dhoiciméad clárúcháin uilíoch. Bainfear amach an oibleagáid achoimre ar an réamheolaire bunaidh a tharraingt suas, i gcásanna nach mbíonn na téarmaí deiridh ar fáil ann, sa chaoi nach gá ach an achoimre "a bhaineann go sonrach leis na ceisteanna" a dhéanamh agus a bheith ag gabháil leis na téarmaí deiridh mar iarscríbhinn, an tráth a dhéantar na téarmaí sin a chomhdú. Déantar soiléiriú in Article 8(10) ar an gcaoi is ceart tairiscintí a thagann faoi níos mó ná réamheolaire bunaidh amháin a láimhseáil faoi chóras na réamheolairí bunaidh, i.e. cásanna ina dtosaíonn tairiscint faoi réamheolaire bunaidh amháin agus go leanann sé ar aghaidh gan athrú faoi réamheolaire bunaidh nua a thiocfadh i gcomharba air.

An doiciméad clárúcháin uilíoch (Airteagal 9)

In Airteagal 9 (airteagal is ceart a léamh in éineacht le hAirteagal 10(2), 11(3), 13(2) agus 19(5)) tá rialacha mionsonraithe faoin "doiciméad clárúcháin uilíoch" nua, sásra clárú seilfe roghnach do "eisitheoirí rialta" a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte nó do shaoráidí trádála iltaobhacha. Tá an ghné nua seo de chóras na réamheolairí bunaithe ar an gcoincheap gur cheart, i gcásanna go gcuireann eisitheoir de dhua air féin doiciméad clárúcháin iomlán a tharraingt suas gach bliain, gur cheart don údarás inniúil formheas luathaithe a bhronnadh má bhíonn réamheolaire de dhíth ina dhiaidh sin. Toisc go bhfuil an príomhchuid den réamheolaire formheasta cheana féin ag an údarás inniúil, é sin nó go bhfuil sé ar fáil dó chun athbhreithniú a dhéanamh air, ba cheart go mbeadh an t-údarás inniúil sin in ann grinnscrúdú a dhéanamh ar na doiciméid atá fágtha (nóta na n-urrús agus an achoimre) laistigh de 5 lá oibre, seachas 10 gcinn. Seachas sin, murar tairiscint urrús nó ligean isteach urrús chun trádála i gceist, ba cheart go mbeadh cead ag an eisitheoir rialta an doiciméad clárúcháin uilíoch a bheadh ag gabháil leis a chomhdú, gan formheas a fháil roimh ré, ar an gcoinníoll go ndearnadh na trí dhoiciméad clárúcháin uilíoch roimhe sin a fhormheas ceann i ndiaidh a chéile. Féadfaidh an t-údarás inniúil é a rialú ar bhonn *ex-post* ansin.

Ná maoluithe a thugtar d'eisitheoirí rialta a mbíonn an doiciméad clárúcháin uilíoch in úsáid acu, spreagfaidh siad iad réamheolairí a tharraingt suas mar dhoiciméid ar leithligh, rud atá costéifeachtúil ar eisitheoirí agus go bhfuil ualach níos lú orthu, agus a ligean dóibh deiseanna margaidh a thapú go mear. Ba cheart an doiciméad clárúcháin uilíoch a bheith ina fhoinse eolais tagartha chomhdhlúite dhea-struchtúrtha i dtaobh an eisitheora freisin, agus an t-íosmhéid faisnéise is gá d'infheisteoirí agus d'anailíseoirí ann chun breithiúnas eolasach a thabhairt ar ghnó, staid airgeadais, tuilleamh agus ionchais, córas rialachais agus struchtúr scairsheilbhe na cuideachta, fiú i gcásanna nach bhfuil tairiscint don phobal ná urrúis á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte ar siúl. Chuige sin, tugtar cead in Airteagal 9(12) d'eisitheoirí rialta a ligfear isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte, faoi choinníollacha áirithe, an oibleagáid maidir le nochtadh leanúnach a leagtar orthu faoin Treoir Trédhearcachta a chomhlíonadh má dhéanann siad a gcuid tuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla a chuimsiú sa doiciméad clárúcháin uilíoch. Tá sé mar aidhm leis an gcur chuige éifeachtach "an dá rud in éineacht" seo ceanglais dhúbailte a sheachaint, ualaí nach gá

a laghdú agus an fhaisnéis atá de dhíth ar infheisteoirí a thabhairt le chéile in aon doiciméad amháin a thabharfar cothrom le dáta gach bliain ar a laghad.

Tá rialacha mionsonraithe in Airteagal 9 agus in Airteagal 10(2) freisin maidir leis an doiciméad clárúcháin uilíoch a riaradh go praiticiúil. Sonraítear iontu cad iad na doiciméad a dhéanfar a fhormheas sa chás go bhfuil an doiciméad clárúcháin uilíoch formheasta nó comhdaithe gan formheas a fháil, agus tá cur síos iontu ar phróiseas leasaithe an doiciméid clárúcháin uilíoch, próiseas ina n-úsáidtear cur chuige difriúil i gcomparáid le próiseas forlíonta an réamheolaire (toisc nach bhfuil aon tairiscint phoiblí ná ligean isteach chun trádála i gceist, go dtí go ndéanfar cuid de réamheolaire den doiciméad clárúcháin uilíoch).

Leagfar amach le gníomhartha tarmligthe an t-ábhar faisnéise íosta nach mór a bheith sa doiciméad clárúcháin uilíoch, lena n-áirítear sceideal sonrach le haghaidh institiúidí creidmheasa, sceideal a d'fhéadfadh a bheith ar aon dul le hIarscríbhinn I nó Iarscríbhinn XI den Rialachán cur chun feidhme (CE) Uimh. 809/2004 atá ann cheana féin.

Córas nochta sonrach (Airteagal 14 agus Airteagal 15)

Tá dhá thacar de rialacha sonracha maidir le nochtadh sa togra, ceann amháin d'eisiúintí tánaisteacha agus an ceann eile do FBManna. Is ar bhonn roghnach a bhainfí úsáid as na rialacha sonracha seo maidir le nochtadh. Téann siad in ionad na "gcóras maidir le nochtadh comhréireach" i gcomhair eisiúintí ceart agus FBManna a tugadh isteach le Treoir leasaitheach 2010/73/AE, córais nár bhain amach na cuspóirí a bhí leo, mar atá mínithe sa mheasúnú tionchair.

Beidh feidhm ag an córas laghdaithe d'eisiúintí tánaisteacha i leith tairiscintí urrús nó ligean isteach urrús a bhaineann le hurrúis arna n-eisiúint ag cuideachtaí atá ligthe isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna cheana féin ar feadh 18 mí ar a laghad. Dá réir sin, bíonn cuideachtaí den sórt sin faoi réir ceanglais leanúnacha maidir le nochtadh faoin Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh agus faoi cheann amháin díobh seo freisin, mar a cheanglaítear faoi Threoir 2014/65/AE agus na bearta cur chun feidhme atá ag gabháil léi: an Treoir Trédhearcachta nó rialacha oibreoir an mhargaidh fáis FBManna. Ní bheidh sa réamheolaire laghdaithe ach íosmhéid faisnéise airgeadais nach gclúdóidh ach an bhliain airgeadais dheireanach (faisnéis is féidir a chorprú de réir tagairtí). Mar sin féin, is gá faisnéis atá bailithe le chéile agus dea-struchtúrtha a thabhairt d'infheisteoirí ar ghnéithe amhail téarmaí na tairisceana, úsáid fáltas, fachtóirí priacail, cleachtais an bhoird, luacha saothair na stiúrthóirí, an struchtúr scairsheilbhe nó idirbhearta le páirtithe bainteacha. Toisc nach gceanglaítear faisnéis den sórt sin a nochtadh ar bhonn leanúnach faoi láthair faoi Rialachán (AE) 596/2014 agus Treoir 2004/109/CE, beidh gá iad a chur san áireamh sa réamheolaire arna tharraingt suas i gcás eisiúna tánaistí.

Faoin gcóras sonrach do FBManna, beidh na cuideachtaí sin in ann réamheolaire uathúil a tharraingt suas i gcás tairisceana urrús don phobal ar choinníoll nach bhfuil aon urrúis acu a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. I gcás cuideachtaí den sórt sin beidh sceidil na réamheolairí (a ndéanfar na mionsonraí a bhaineann leo a leagadh síos i ngníomhartha tarmligthe), beidh siad ag díriú ar fhaisnéis atá ábhartha do chuideachtaí den mhéid sin agus bainfear úsáid as cur chuige ón mbun anuas chun na sceidil faisnéise nua a chur le chéile. I gcomparáid le hIarscríbhinn XXV go hIarscríbhinn XXVIII atá i Rialachán (CE) Uimh. 809/2004, tabharfar isteach maoluithe nua, chun a áirithiú go mbeidh comhréir idir méid na cuideachta agus an costas a bhaineann le réamheolaire a ullmhú.

In Airteagal 15, tugtar isteach formáid roghnach do na réamheolairí do FBManna freisin i bhfoirm doiciméid nochta "ceisteanna agus freagraí", agus leagfar síos sonraí an doiciméid sin

i ngníomhartha tarmligthe. Tabharfar de chumhacht d'ÚEUM treoirlínte a cheapadh a chabhróidh le FBManna réamheolaire a tharraingt suas san fhormáid sin.

Dála gach ceann de na ceanglais íosta maidir le nochtadh faoi chóras na réamheolairí, glacfar gníomhartha tarmligthe chun an fhaisnéis nach mór a chur ar áireamh sa doiciméad clárúcháin simplithe agus sa nóta urrús a shonrú.

Láimhseáil urrús neamhchothromais a bhfuil luach ainmníochta ard in aghaidh an aonaid acu (Airteagal 1 agus Airteagal 13)

Baintear úsáid as an ainmníocht EUR 100 000 faoi láthair i dTreoir 2003/71/CE chun nochtadh mórscála a idirdhealú ó nochtadh de chineálacha eile. Úsáidtear é freisin mar thairseach i dtaca le leas a bhaint as díolúine ó fhoilsiú réamheolaire i gcás tairiscintí urrús neamhchothromais. Fágann an tairseach seo, a bhí ceaptha i dtús ama chun cosaint a thabhairt do thomhaltóirí, fágann sé go bhfuil praghsanna bannaí róchostasach d'infheisteoirí miondíola, toisc gur gnách go ndéanann eisitheoirí iarracht an rogha a bhfuil costas níos ísle ag baint leis a phiocadh, mar atá nochtadh de chineál mórdhíola a dhéanamh. Toisc gur féidir le formhór na n-eisitheoirí ar ghrád infheistíochta na cistí atá uathu a chruinniú ó infheisteoirí institiúideacha, is beag an dreasacht atá ann dóibh bannaí de mhéideanna níos lú a thairiscint. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh air sin, áfach, nach mbeadh rochtain ag infheisteoirí nach infheisteoirí institiúideacha iad ach ar linn d'infheistíochtaí féideartha níos lú agus/nó linn a mbeadh priacal níos mó ag roinnt leis, agus gur lú an seans dá dhroim sin go mbeidh punann an-éagsúlaithe urrús acu.

Bunaithe ar an bhfianaise atá sa mheasúnú tionchair, tá seans gur chuidigh an láimhseáil fhabhrach a tugadh faoin Treoir maidir le Réamheolairí d'urrúis a bhfuil luach ainmníochta in aghaidh an aonaid de EUR 100 000 nó níos mó acu le hiarmhairtí neamhbheartaithe a bheith ann, trí shaobhadh a chruthú i margaí bannaí na hEorpa agus a fhágáil nach bhfuil rochtain ag raon níos leithne infheisteoirí féideartha ar sciar suntasach de na bannaí arna n-eisiúint ag eisitheoirí corparáideacha ar ghrád infheistíochta.

Dá bhrí sin, cuireann an togra seo deireadh leis na dreasachtaí chun urrúis fiachais a eisiúint in ainmníocht mhór, dreasachtaí atá in Airteagal 3(2)(d) agus (7(2)(b) de Threoir 2003/71/CE faoi láthair. I gcás urrúis neamhthráchtála a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, baintear amach córas na gcaighdeán comhthreomhar (miondíola/mórdhíola) maidir le nochtadh dá bhrí sin agus déanfar teimpléad aontaithe le haghaidh réamheolairí a shainiú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, teimpléad a úsáidfidh na hiarscríbhínní maidir le nochtadh mórdhíola a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 809/2004 (Iarscríbhinn IX agus Iarscríbhinn XIII) mar thúsphointe agus ní chuirfear leis ach na míreanna faisnéise atá de dhíth ar mhaithe le hinfheisteoirí miondíola a chosaint. Seachas sin, baintear amach an díolúine i dtaca le réamheolairí atá in Airteagal 3(2)(d) de Threoir 2003/71/CE i gcás tairiscint urrús a bhfuil ainmníocht os cionn EUR 100 000 acu. Bainfidh eisitheoirí nach ndéanann urrúis neamhchothromais a thairiscint ach d'infheisteoirí incháilithe nó eisitheoirí a éilíonn tiomantas íosta EUR 100 000 in aghaidh an infheisteora leas fós as díolúine ó réamheolaire. A bhuí leis na leasuithe thuas, tá sé mar aidhm leis an togra deireadh a chur le ceann de na bacainní a aithníodh roimh leachtacht thánaisteach sna margaí bannaí.

Tosca priacail (Airteagal 16)

Déantar foráil in Airteagal 16 nár cheart ach tosca priacail atá ábhartha agus sonrach don eisitheoir agus dá chuid urrúis a lua i réamheolaire. Is é is aidhm dó sin teorainn a chur leis an nós atá ann an iomarca tosca priacail cineálacha sa réamheolaire, a fhágann go bhfuil sé deacair na tosca priacail níos sonraí ar ceart d'infheisteoirí a bheith ar an eolas fúthu a dhéanamh amach, agus nach bhfeidhmíonn siad ach chun an t-eisitheoir nó dá gcuid

comhairleoirí a chosaint ó dhliteanas. Chuige sin, ceanglaítear ar an eisitheoir tosca priacail a shannadh thar dhá nó trí chatagóir bunaithe ar ábharthacht. Tugtar de chumhacht d'ÚEUM treoirlínte a cheapadh maidir leis an réimse sin.

Corprú de réir tagairtí (Airteagal 18)

Déantar leathnú ar raon feidhme na ndoiciméad ar féidir a gcuid faisnéise a chorprú i réamheolaire de réir tagairtí, ar an gcoinníoll go bhfuil an fhaisnéis sin foilsithe go leictreonach agus go gcomhlíonann sé córas teanga Airteagal 25. Tá liosta doiciméad leagtha amach in Airteagal 18 agus tugtar de chumhacht d'ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cheapadh chun cineálacha breise doiciméad atá de dhíth faoi dhlí an Aontais a chur ar an liosta. Cuimsíonn an liosta atá beartaithe na doiciméid arna gcomhdú nó arna bhformheas ag údarás inniúil an Bhallstáit bhaile i gcomhréir leis an Rialachán seo chomh maith le faisnéis rialáilte. Tugann sé cead freisin do chuideachtaí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Trédhearcacht (e.g. cuideachtaí a ndéantar a gcuid urrús a thrádáil ar shaoráid trádála iltaobhach) nó atá díolmhaithe ó chuid de cheanglais na treoracha sin (e.g. eisitheoirí nach n-eisíonn ach urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus ainmníocht in aghaidh an aonaid de EUR 100 000 ar a laghad acu) chun a gcuid faisnéise airgeadais bliantúla agus idirthréimhsí agus a gcuid tuarascálacha bainistíochta ar fad, nó de chodanna díobh, a chorprú de réir tagairtí.

An réamheolaire a fhoilsiú (Airteagal 20)

Baineadh péire de na roghanna dá bhforáiltear faoi Threoir 2003/71/CE chun réamheolaire formheasta a fhoilsiú (eadhon é a chur isteach i nuachtán agus na réamheolairí clóite a bheith ar fáil ag oifigí an eisitheora) toisc go meastar iad a bheith as dáta tríd agus tríd. Mar sin féin, coinnítear an oibleagáid maidir le cóip páipéir a sholáthar saor in aisce d'aon duine a d'iarrfadh é (Airteagal 20(10)). Fanann an fhreagracht as an réamheolaire a fhoilsiú ar an eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála, mar is amhlaidh faoi láthair faoi Threoir 2003/71/CE. Measfar an réamheolaire a bheith ar fáil don phobal nuair a fhoilsítear é i bhformáid leictreonach ar shuíomh gréasáin an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála (nó, más infheidhme, na n-idirghabhálaithe airgeadais a dhéanann na hurrúis a láithriú nó a dhíol) nó ar shuíomh gréasáin an mhargaidh rialáilte ina n-iarrtar an ligean isteach chun trádála, nó de chuid oibreora na saoráide trádála iltaobhaí. Ceapfaidh ÚEUM córas stórála ar líne a mbeidh feidhm chuardaigh aige agus a fhéadfaidh infheisteoirí an Aontais a úsáid saor in aisce. Dá réir sin, gach uair a sheolfaidh na húdaráis inniúla an leagan leictreonach de gach réamheolaire formheasta chuig ÚEUM, seolfaidh siad tacar meiteashonraí freisin (e.g. an cineál eisitheora, an cineál urrúis, an cineál ionad trádála, comaoin na tairisceana, an cineál eisiúna: tosaigh nó tánaisteach) lena mbeifear in ann na réamheolairí a innéacsú ar shuíomh gréasáin ÚEUM. Cuirfidh na sonraí a bhaileofar sa chóras stórála ar chumas ÚEUM staitisticí mionsonraithe a bhunú maidir le réamheolairí atá formheasta san Aontas Eorpach agus tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas, tuarascáil is ceart a bheith mionsonraithe a dhóthain chun treochtaí a aithint agus chun fianaise a thabhairt maidir leis an tionchar a bheidh ag na hathchóirithe arna dtabhairt isteach faoin Togra seo (Airteagal 45).

Bearta agus smachtbhannaí riaracháin (Airteagal 36 go hAirteagal 41)

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le smachtbhannaí[7] dearbhaíodh "gur faoi na húdaráis náisiúnta atá sé thar aon dream eile a áirithiú go gcuirtear rialacha an Aontais i bhfeidhm go

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le córais smachtbhannaí a dhaingniú san earnáil airgeadais, an 8 Nollaig 2010 (COM(2010) 716 final).

hiomchuí, mar is orthusan atá an mhortabháil cosc a chur ar institiúidí airgeadais rialacha an Aontais a shárú, agus smachtbhannaí a chur ar sháruithe a dhéantar ina ndlínse", ach leagadh béim inti san am céanna an bealach comhordaithe comhtháite ar ar cheart d'údaráis náisiúnta gníomhú.

I gcomhréir leis an Teachtaireacht sin agus ag leanúint de thionscnaimh eile ar leibhéal an Aontais san earnáil airgeadais, tá forálacha sa togra seo maidir le smachtbhannaí agus bearta a bhfuil sé mar aidhm acu cur chuige comhchuibhithe a thabhairt isteach maidir le smachtbhannaí chun comhsheasmhacht a áirithiú. Tá sé tábhachtach go gcuirfí smachtbhannaí agus bearta riaracháin i bhfeidhm mura gcomhlíontar príomhfhorálacha an togra seo agus go mbeadh na smachtbhannaí agus na bearta sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2015/0268 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[9],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is céim bhunriachtanach atá sa Rialachán seo i dtabhairt chun críche Aontas na Margaí Caipitil, rud a leagtar amach sa Teachtaireacht 'Plean Gníomhaíochta chun Aontas Margaí Caipitil a Thógáil' dar dáta an 30 Meán Fómhair 2015 ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Is éard is aidhm d'Aontas na Margaí Caipitil cuidiú le gnólachtaí úsáid a bhaint as foinsí caipitil de chineálacha níos éagsúla ó áit ar bith laistigh den Aontas Eorpach (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta), an dóigh a bhfeidhmíonn na margaí a dhéanamh níos éifeachtúla agus deiseanna breise a thabhairt d'infheisteoirí agus do choigilteoirí a gcuid airgid a chur chun tairbhe, chun fás a chothú agus poist a chruthú.

(2) I dTreoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leagadh síos prionsabail agus rialacha comhchuibhithe maidir leis an réamheolaire atá le tarraingt suas, le formheas agus le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. I bhfianaise na bhforbairtí reachtacha agus margaidh a tharla ó tháinig an Treoir sin i bhfeidhm, ba cheart gníomh nua a chur ina hionad.

(3) Tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe le hinfheisteoirí a chosaint, faisnéis a nochtadh faoi aon urrúis atá á dtairiscint don phobal nó atá á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus ar an dóigh sin deireadh a chur le héagothroime ó thaobh faisnéise idir infheisteoirí agus eisitheoirí. Ach an nochtadh sin a chomhchuibhiú,

[8] [IO C,, lch.].
[9] [IO C,, lch.].

féadfar sásra pas trasteorann a bhunú a éascóidh feidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh i réimse leathan urrús.

(4) D'fhágfadh cineálacha cur chuige éagsúla ina leith seo go mbeadh ilroinnt sa mhargadh inmheánach, toisc go mbeadh eisitheoirí, tairgeoirí agus daoine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála faoi réir rialacha difriúla i mBallstáit dhifriúla agus d'fhéadfadh sé go mbeadh cosc ar réamheolairí a formheasadh i mBallstát amháin a úsáid i mBallstáit eile. D'uireasa creat comhchuibhithe a d'áiritheodh aonfhoirmeacht an nochta agus feidhmiú an phas san Aontas, is dóchúil gurb é toradh a bheadh ar éagsúlachtaí i reachtaíocht na mBallstát bacainní a chur ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh urrús. Dá bhrí sin, le feidhmiú ceart an mhargaidh aonair a áirithiú agus dálaí a fheidhmithe a fheabhsú, go háirithe maidir le margaí caipitil, agus le leibhéal ard cosanta a ráthú do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí, is iomchuí creat rialála a leagan síos le haghaidh réamheolairí ar leibhéal an Aontais.

(5) Is iomchuí agus is gá gur i bhfoirm Rialacháin a bheidh na rialacha maidir le nochtadh nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais forálacha lena bhforchuirtear oibleagáidí ar dhaoine a bhfuil baint acu le hurrúis a thairiscint don phobal agus a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Ós rud é nach féidir creat dlíthiúil a chur ar bun do na forálacha maidir le réamheolairí d'uireasa bearta lena sonraítear ceanglais bheachta maidir le bunghnéithe éagsúla uile na réamheolairí, d'fhéadfadh fiú mionéagsúlachtaí sa chur chuige i leith gné amháin de na gnéithe sin, d'fhéadfadh sin a fhágáil go gcuirfí mórbhacainní roimh thairiscint trasteorann urrús, roimh il-liostú ar mhargaí rialáilte agus roimh rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí. Dá bhrí sin, trí úsáid a bhaint as Rialachán, atá infheidhme go díreach gan reachtaíocht náisiúnta a bheith de dhíth, ba cheart go gcuirfí srian ar an bhféidearthacht bearta atá éagsúil le chéile a bheith á ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba cheart cur chuige comhsheasmhach agus deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a áirithiú agus cosc a chur ar mhórbhacainní a bheith ag éirí roimh thairiscintí trasteorann agus il-liostú. Ach Rialachán a úsáid is móide an mhuinín a chuirfear i dtrédhearcacht na margaí ar fud an Aontais, agus laghdófar an chastacht rialála a thagann roimh chuideachtaí agus na costais a bhíonn orthu a sheasamh maidir le cuardach agus comhlíonadh.

(6) Léirigh an measúnú ar Threoir 2010/73/AE nár éirigh leis na hathruithe a tugadh isteach a mbunspriocanna a bhaint amach agus go bhfuil gá le tuilleadh leasuithe ar chóras na réamheolairí san Aontas chun cur i bhfeidhm an chórais sin a shimpliú agus a fheabhsú, chun a éifeachtúlacht a mhéadú agus chun iomaíochas idirnáisiúnta an Aontais a fheabhsú, agus ar an dóigh sin rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin.

(7) Is éard is aidhm leis an Rialachán seo cosaint infheisteoirí agus éifeachtúlacht an mhargaidh a áirithiú, agus an margadh aonair do chaipiteal a fheabhsú ag an am céanna. Trí bhíthin faisnéis a sholáthar atá, de réir chineál an eisitheora agus na n-urrús, riachtanach chun é a chur ar chumas infheisteoirí cinntí infheistíochta feasacha a dhéanamh, trína bhíthin sin agus trí rialacha maidir le gnó a dhéanamh freisin, áiritheofar cosaint infheisteoirí. Thairis sin, is modh éifeachtach an fhaisnéis sin leis an muinín a chuirtear in urrúis a mhéadú, rud a chuireann le dea-fheidhmiú agus dea-fhorbairt margaí urrús. Is é dóigh is iomchuí leis an bhfaisnéis sin a chur ar fáil réamheolaire a fhoilsiú.

(8) Ní chuireann na ceanglais maidir le nochtadh atá sa Rialachán seo cosc ar Bhallstát ná ar údarás inniúil ná ar mhalartán ceanglais shonracha eile a fhorchur, trína leabhar rialacha, a fhad a bhaineann le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte (go háirithe i dtaca le rialáil chorparáideach). Ní fhéadfaidh na ceanglais sin srian a chur, go díreach nó go hindíreach, le réamheolaire arna fhormheas ag údarás inniúil a tharraingt suas, ná le hinneachar ná le scaipeadh an réamheolaire sin.

(9) Maidir le hurrúis neamhchothromais a eisíonn Ballstát nó údarás réigiúnach nó áitiúil de chuid Ballstáit, comhlachtaí idirnáisiúnta poiblí a bhfuil Ballstát amháin nó níos mó ina mbaill díobh, an Banc Ceannais Eorpach nó bainc ceannais na mBallstát, níor cheart iad a bheith cumhdaithe faoin Rialacháin seo agus, dá bhrí sin, níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh dóibh.

(10) Ba cheart urrúis chothromais agus urrúis neamhchothromais, a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte, bheith cumhdaithe faoi raon feidhme an cheanglais maidir le réamheolaire ionas go n-áiritheofar cosaint infheisteoirí. Roinnt de na hurrúis a chumhdaíonn an Rialachán seo, tugann siad teideal don sealbhóir urrúis inaistrithe a fháil nó méid airgid thirim a ghlacadh trí shocraíocht airgid a chinntear de réir tagairtí d'ionstraimí eile, go háirithe urrúis inaistrithe, airgeadraí, rátaí úis nó torthaí, tráchtearraí nó innéacsanna nó bearta eile. Cumhdaíonn an Rialachán seo, go háirithe, barántais, barántais chumhdaithe, deimhnithe, admhálacha taisce agus nótaí in-chomhshnóite, amhail urrúis atá in-chomhshóite de rogha an infheisteora.

(11) Lena áirithiú go bhformheasfar an réamheolaire agus go mbeidh sé faoi nós imeachta an phas Eorpaigh agus go ndéanfar maoirseacht ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí fógraíochta, ní mór údarás inniúil a ainmniú do gach réamheolaire. Ar an gcaoi sin, ba cheart a chinneadh go soiléir leis an Rialachán seo cén Ballstát baile ar fearr is féidir leis an réamheolaire a fhormheas.

(12) I gcás tairiscint urrús don phobal ar lú a comaoin ná EUR 500 000, is dóchúil go mbeadh an costas a bheadh ar réamheolaire a ullmhú i gcomhréir leis an Rialachán seo díréireach leis na fáltais is dóchúil a thiocfadh as an tairiscint. Is iomchuí, dá bhrí sin, gan an ceanglas maidir le réamheolaire a tharraingt suas faoin Rialachán seo a bheith infheidhme maidir le tairiscintí chomh beag sin. Ba cheart do na Ballstáit staonadh ó cheanglais maidir le nochtadh a fhorchur ar leibhéal náisiúnta a bheadh ina n-ualach díréireach nó neamhriachtanach i ndáil leis na tairiscintí sin agus a mheadódh, dá bhrí sin, ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh.

(13) I gcás gur ar infheisteoirí baile in aon Bhallstát amháin, agus orthu sin amháin, atá tairiscint urrús don phobal dírithe, agus nach bhfuil aon éifeacht thrasteorann aici dá bharr, agus i gcás nach mó ná EUR 10 000 000 comaoin iomlán na tairisceana sin, níl gá leis an sásra pas faoin Rialachán seo arae d'fhéadfadh sé gur chostas díréireach a bheadh i réamheolaire a tharraingt suas. Is iomchuí, dá bhrí sin, cead a thabhairt do na Ballstáit na tairiscintí sin a dhíolmhú ón gceanglas réamheolaire a leagtar amach sa Rialachán seo, agus an leibhéal cosanta a mheasann siad bheith iomchuí don infheisteoir baile á chur san áireamh acu. Go háirithe, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit an tairseach idir EUR 500 000 agus EUR 10 000 000 a leagan síos ina ndlí náisiúnta, arna shloinneadh mar chomaoin iomlán na tairisceana thar thréimhse 12 mhí, méid ónar cheart feidhm a bheith ag an díolmhú seo.

(14) I gcás gur ar chiorcal infheisteoirí nach infheisteoiri cáilithe iad, agus orthu sin amháin, atá tairiscint urrús don phobal dírithe, ualach díréireach is ea é réamheolaire a tharraingt suas i bhfianaise an lín bhig daoine a bhfuil an tairiscint dírithe orthu, agus

níor cheart, dá bhrí sin, é a bheith ina cheangal réamheolaire a tharraingt suas. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin, mar shampla, maidir le tairiscint atá dírithe ar ghaolta le bainisteoirí cuideachta nó ar dhaoine dá lucht aitheantais.

(15) Ach stiúrthóirí agus fostaithe a dhreasú urrúis a shealbhú ina gcuideachta féin, is féidir dea-thionchar a imirt ar rialáil cuideachtaí agus tionchar fadtéarmach a imirt ar thiomantas fostaithe agus ar bhraistint na húinéireachta ina measc, sa chaoi go mbeidh leasanna na scairsealbhóirí agus leasanna na bhfostaithe ag teacht le chéile, agus a thugann deiseanna infheistíochta do na fostaithe. Is den tábhacht é fostaithe a bheith rannpháirteach in úinéireacht a gcuideachta i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ar dóchúil go mbíonn ról tábhachtach ag fostaithe aonair i ndul chun cinn na gcuideachtaí sin. Dá bhrí sin, níor cheart aon cheanglas a bheith ann maidir le réamheolaire a ullmhú i gcás tairiscintí a dhéantar mar chuid de scéim scaireanna fostaithe laistigh den Aontas, ar choinníoll go gcuirtear ar fáil doiciméad ina bhfuil faisnéis faoi líon agus cineál na n-urrús agus mionsonraí na tairisceana agus na cúiseanna atá léi, chun cosaint infheisteoirí a choimeád slán. Lena áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ar scéimeanna scaireanna d'fhostaithe ag gach stiúrthóir agus ag gach fostaí is cuma cé acu laistigh den Aontas nó lasmuigh de atá a bhfostóir bunaithe, níor cheart aon chinneadh coibhéise maidir le margaí tríú tír a bheith ina cheangal a thuilleadh, ar chuntar go gcuirtear an doiciméad thuasluaite ar fáil. Ar an gcaoi sin, beidh gach rannpháirtí i scéimeanna scaireanna d'fhostaithe ag tairbhiú de chóir chomhionann agus d'fhaisnéis chomhionann.

(16) Is minic a léiríonn eisiúintí caolúcháin scaireanna nó urrús lena dtugtar rochtain ar scaireanna go bhfuil idirbhearta ann a mbíonn tionchar nach beag acu ar struchtúr caipitil, ionchais agus staid airgeadais an eisitheora, a bhfuil gá leis an bhfaisnéis i réamheolaire faoina gcoinne. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil scaireanna ag eisitheoir a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte cheana, níor cheart go gceanglófaí réamheolaire chun na scaireanna céanna sin a ligean isteach chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna ina dhiaidh sin, lena n-áirítear nuair is toradh na scaireanna sin ar urrúis eile a chomhshó nó ar mhalartú urrús eile nó ar théachtadh ceart a tugadh le hurrúis eile, ar choinníoll nach bhfuil sna scaireanna nua a ligtear isteach chun a dtrádála ach cion teoranta i ndáil le scaireanna den aicme chéanna a eisíodh cheana ar an margadh rialáilte céanna, ach amháin má tá an ligean isteach chun a dtrádála sin comhcheangailte le tairiscint don phobal a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart an prionsabal céanna bheith i bhfeidhm ar bhealach níos ginearálta maidir le hurrúis atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach chun a dtrádála cheana ar mhargadh rialáilte.

(17) Agus an sainmhíniú 'tairiscint urrús don phobal' á chur i bhfeidhm, ba cheart cumas an infheisteora cinneadh aonair a dhéanamh urrúis a cheannach nó a shuibscríobh, ba cheart sin a bheith ina chritéar cinntitheach. Dá bhrí sin, i gcás ina dtairgtear urrúis gan gné na rogha indibhidiúla bheith ann don fhaighteoir, lena n-áirítear leithdháiltí urrús nach bhfuil aon cheart ann ag dul leo an leithdháileadh a shéanadh, níor cheart go dtiocfadh a leithéid d'idirbheart faoin sainmhíniú 'tairiscint urrús don phobal'.

(18) Maidir le heisitheoirí, tairgeoirí nó daoine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide réamheolaire a fhoilsiú, ba cheart dóibh tairbhiú de phas aonair i gcás ina dtograíonn siad an Rialachán seo a chomhlíonadh ar bhonn deonach.

(19) An fhaisnéis is gá a nochtadh san réamheolaire, níor cheart é a bheith ina cheangal i gcás tairiscintí atá teoranta d'infheisteoirí cáilithe. Os a choinne sin, i gcás aon

athdhíola leis an bpobal nó aon trádála poiblí trí urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ceanglaítear réamheolaire a fhoilsiú.

(20) Tugann réamheolaire bailí, arna tharraingt suas ag an eisitheoir nó ag an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas agus atá ar fáil don phobal tráth láithriú críochnaitheach na n-urrús trí idirghabhálaithe airgeadais nó in aon athdhíol urrús ina dhiaidh sin, tugann sé dóthain faisnéise le go bhféadfaidh infheisteoirí cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh. Dá bhrí sin, idirghabhálaithe airgeadais a láithríonn urrúis nó a athdhíolann iad ina dhiaidh sin, ba cheart go bhféadfaidís brath ar an réamheolaire tosaigh a d'fhoilsigh an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas a fhad is atá sé bailí agus forlíonta go cuí agus go dtoilíonn an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas lena úsáid. Ba cheart go bhféadfadh an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas coinníollacha a chur lena thoiliú nó a toiliú. Ba cheart an toiliú an réamheolaire a úsáid, lena n-áirítear aon choinníollacha a ghabhann leis, a thabhairt i gcomhaontú i scríbhinn á chur ar a gcumas do pháirtithe ábhartha measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann athdhíol nó láithriú críochnaitheach urrús an comhaontú. I gcás ina dtugtar toiliú an réamheolaire a úsáid, ba cheart an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire tosaigh bheith faoi dhliteanas as an bhfaisnéis atá luaite ann, agus i gcás réamheolaire bunaidh, as téarmaí críochnaitheacha a sholáthar agus a chomhdú agus níor cheart aon réamheolaire eile a bheith de cheangal. Mar sin féin, i gcás nach dtugann an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire tosaigh sin a tharraingt suas toiliú lena úsáid, ba cheart ceangal a bheith ar an idirghabhálaí airgeadais réamheolaire nua a fhoilsiú. Sa chás sin, ba cheart an t-idirghabhálaí airgeadais bheith faoi dhliteanas as an bhfaisnéis sa réamheolaire, lena n-áirítear gach faisnéis arna corprú de réir tagairtí agus, i gcás réamheolaire bunaidh, ba cheart dó bheith faoi dhliteanas as na téarmaí críochnaitheacha.

(21) Ach an fhaisnéis a bhíonn sa réamheolaire a chomhchuibhiú, ba cheart cosaint choibhéiseach a thabhairt d'infheisteoirí ar leibhéal an Aontais. Chun é a chur ar chumas infheisteoirí cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh, ba cheart an fhaisnéis sin a bheith leordhóthanach agus oibiachtúil lena n-áirítear i dtaca le himthosca airgeadais an eisitheora agus leis na cearta a ghabhann leis na hurrúis, agus ba cheart í a sholáthar i bhfoirm atá éasca a anailísiú, gonta agus sothuigthe. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin maidir le gach cineál réamheolaire arna dtarraingt suas i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear iad siúd a chloíonn leis na híoscheanglais maidir le nochtadh i gcás eisiúintí tánaisteacha agus FBManna. Níor cheart faisnéis a bheith i réamheolaire nach bhfuil ábhartha ná sonrach don eisitheoir agus do na hurrúis lena mbaineann, ós rud é go bhféadfadh an méid sin an fhaisnéis is ábhartha leis an gcinneadh infheistíochta a cheilt agus an bonn a bhaint de chosaint infheisteoirí ar an gcaoi sin.

(22) Ba cheart an réamheolaire bheith ina fhoinse úsáideach faisnéise d'infheisteoirí, go háirithe d'infheisteoirí miondíola. Ba cheart é bheith ina chuid fhéinchuimsitheach den réamheolaire agus bheith dírithe ar fhaisnéis bhunriachtanach atá de dhíth ar infheisteoirí chun a chinneadh cé hiad na hurrúis atá á dtairiscint nó atá á ligean isteach chun a dtrádála is fiú a mheas a thuilleadh. San fhaisnéis bhunriachtanach sin ba cheart saintréithe bunaidh an eisitheora, an ráthóra, más ann dó, agus na n-urrús atá á dtairiscint nó á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ba cheart sin, agus na priacail a ghabhann leo, a thabhairt le fios. Ba cheart téarmaí agus coinníollacha ginearálta na tairisceana a thabhairt inti freisin. Go háirithe, is éard is

ceart a bheith sna fachtóirí priacal a chuirtear i láthair san achoimre rogha theoranta priacal sonrach a mheasann an t-eisitheoir a bheith ar na cinn is ábhartha.

(23) Ba cheart achoimre an reámheolaire bheith gearr, simplí, soiléir agus sothuigthe ag infheisteoirí. Teanga shimplí neamhtheicniúil ba cheart a úsáid ann, agus ba cheart faisnéis a chur i láthair ar dhóigh shothuigthe. Ba cheart níos mó ná tiomsú sleachta a tógadh as an réamheolaire a bheith ann. Is iomchuí uasfhad a shocrú don achoimre lena áirithiú nach ndíspreagfar infheisteoirí óna léamh agus le heisitheoirí a spreagadh leis an bhfaisnéis is bunriachtanach d'infheisteoirí a roghnú.

(24) Lena áirithiú go mbeidh struchtúr aonfhoirmeach in achoimre an réamheolaire, ba cheart ranna ginearálta agus fotheidil a thabhairt, ann, agus réimsí táscacha inar cheart don eisitheoir tuairisc ghearr a thabhairt agus figiúirí a lua más iomchuí. A fhad is a chuirtear i láthair an fhaisnéis ar shlí chothrom agus chóir, ba cheart cead a bheith ag eisitheoirí an fhaisnéis a mheasann siad bheith ábhartha agus fóntach a roghnú.

(25) Ba cheart achoimre an réamheolaire bheith múnlaithe a oiread is féidir ar an doiciméad faisnéise bhunriachtanaí a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]. I gcás ina dtagann urrúis faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 araon, ba cheart é a bheith ceadmhach lánúsáid a bhaint arís as an doiciméad faisnéise bunriachtanaí san achoimre le costais comhlíonta agus an t-ualach riaracháin a chuirtear ar eisitheoirí a laghdú a oiread is féidir. Níor cheart, áfach, an ceanglas maidir le hullmhú achoimre a tharscaoileadh nuair a cheanglaítear doiciméad faisnéise bunriachtanaí, ós rud é nach mbíonn faisnéis bhunriachtanach ann faoin eisitheoir ná faoi na hurrúis atá á dtairiscint don phobal nó atá á ligean isteach chun a dtrádála.

(26) Níor cheart aon dliteanas sibhialta a cheangal ar aon duine ar bhonn an achoimre amháin, lena n-áirítear aon aistriúchán de, ach amháin má tá sé míthreorach, míchruinn nó neamhréireach leis na codanna ábhartha den réamheolaire. Ba cheart rabhadh soiléir ina thaobh sin bheith san achoimre.

(27) Maidir le heisitheoirí a chruinníonn maoiniú ar mhargaí caipitil arís agus arís eile, ba cheart doiciméid clárúcháin agus réamheolairí d'fhormáid shonrach a thairiscint dóibh agus ba cheart nósanna imeachta sonracha um chomhdú agus formheas a thairiscint dóibh freisin, chun solúbthacht breise a thabhairt dóibh agus chun é a chur ar a gcumas deiseanna margaidh a thapú. I ngach cás, ba cheart na formáidí agus na nósanna imeachta sin bheith roghnach ag eisitheoirí.

(28) I gcás gach urrús neamhchothromais, lena n-áirítear nuair a eisiatar go leanúnach nó arís is arís eile mar chuid de chlár tairisceana, ba cheart go bhféadfadh eisitheoirí réamheolaire a tharraingt suas i bhfoirm réamheolaire bunaidh. An fhaisnéis atá i réamheolaire bunaidh agus ina théarmaí críochnaitheacha, ba cheart gurbh ionann í agus an fhaisnéis atá i réamheolaire.

(29) Is iomchuí a shoiléiriú nár cheart bheith i dtéarmaí críochnaitheacha réamheolaire bunaidh ach faisnéis a bhaineann le nóta mínithe na n-urrús is sonrach don eisiúint ar leith agus nach féidir í a chinneadh ach tráth na heisiúna ar leith. D'fheadfadh a leithéidí seo a bheith ar áireamh san fhaisnéis: uimhir aitheantais idirnáisiúnta na n-urrús, an praghas eisiúna, an dáta aibíochta, aon dearbhán, an dáta téachta, an praghas téachta, an praghas fuascailte agus téarmaí eile nárbh eol iad tráth tarraingthe suas an

[10] Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid faisnéise bunriachtanaí do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

réamheolaire bunaidh. I gcás nach bhfuil na téarmaí críochnaitheacha ar áireamh sa réamheolaire bunaidh níor cheart gur ghá formheas an údaráis inniúil ina leith a fháil; ba cheart iad a chomhdú leis an údarás sin, agus sin amháin. Ba cheart faisnéis nua eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mheasúnú ar eisitheoir agus ar na hurrúis a chur ar áireamh i bhforlíonadh ar an réamheolaire bunaidh. Níor cheart cineál urrús nach bhfuil tuairisc air cheana sa réamheolaire bunaidh a chur ar áireamh sna téarmaí críochnaitheacha ná i bhforlíonadh.

(30) I gcás réamheolaire bunaidh, níor cheart don eisitheoir achoimre a tharraingt suas ach amháin i ndáil le gach eisiúint ar leith atá á dtairiscint, le hualaigh riaracháin a laghdú agus leis an inléiteacht a fheabhsú d'infheisteoirí. Ba cheart an achoimre sin a bhaineann go sonrach leis na heisiúintí a chur i gceangal leis na téarmaí críochnaitheacha agus níor cheart don údarás inniúil é a fhormheas ach amháin i gcás ina bhfuil na téarmaí críochnaitheacha sa réamheolaire bunaidh nó i bhforlíonadh air.

(31) Le solúbthacht agus costéifeachtúlacht an reámheolaire bunaidh a fheabhsú, ba cheart go bhféadfadh eisitheoir réamheolaire a tharraingt suas mar dhoiciméid ar leithligh agus doiciméad clárúcháin uilíoch a úsáid mar chuid den réamheolaire bunaidh sin, i gcás inar eisitheoir rialta é.

(32) Ba cheart eisitheoirí rialta a spreagadh leis an réamheolaire a tharraingt suas mar dhoiciméid ar leithligh arae is dóigh é sin le laghdú ar an gcostas a leanann comhlíonadh an Rialachán seo agus le caoi a thabhairt dóibh deiseanna margaidh a thapú go mear. Dá bhrí sin, eisitheoirí a bhfuil a n-urrúis á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte nó ar shaoráidí trádála iltaobhacha, ba cheart é a bheith de rogha acu, ach gan é a bheith d'oibleagáid orthu, doiciméad clárúcháin uilíoch a tharraingt suas agus a fhoilsiú gach bliain airgeadais, doiciméad ina mbeadh faisnéis dhlíthiúil, ghnó, airgeadais, chuntasaíochta agus scairshealbhóireachta agus ina dtabharfaí tuairisc ar an eisitheoir don bhliain airgeadais áirithe sin. Ba cheart go gcuirfeadh sin ar a chumas don eisitheoir an fhaisnéis a choimeád cothrom le dáta agus réamheolaire a tharraingt suas nuair atá dálaí an mhargaidh fabhrach d'urrúis a thairiscint nó a ligean isteach chun a dtrádála, trí nóta mínithe na n-urrús agus achoimre a chur isteach. Ba cheart an doiciméad clárúcháin uilíoch bheith ilchuspóireach sa mhéid is gur cheart a inneachar bheith mar an gcéanna is cuma cé acu le haghaidh cothromas, urrúis fiachais nó díorthaigh a thairiscint nó a ligean isteach chun a dtrádála a úsáideann an t-eisitheoir é ina dhiaidh sin. Ba cheart é a bheith ina fhoinse tagartha ag an eisitheoir, ina dtugtar d'infheisteoirí agus d'anailíseoirí an t-íosmhéis faisnéis is gá le breithiúnas eolasach a dhéanamh ar ghnó, staid airgeadais, tuillimh agus ionchais, rialachas agus scairshealbhóireacht na cuideachta.

(33) Aon eisitheoir a chomhdaigh doiciméad clárúcháin uilíoch agus a fuair formheas ina leith trí bliana as a chéile, is féidir a mheas gur eisitheoir is aithnidiúil don údarás inniúil é. Ba cheart é a bheith ceadmhach gach doiciméad clárúcháin uilíoch ina dhiaidh sin a chomhdú gan aon fhormheas a fháil roimh ré agus an t-údarás inniúil é a athbhreithniú ar bhonn ex-post i gcás ina measann an t-údarás inniúil sin go bhfuil gá leis. Ba cheart do gach údarás inniúil minicíocht an athbhreithnithe sin a chinneadh ag cur san áireamh dó nithe amhail a mheasúnú ar phriacail an eisitheora, a fheabhas a bhí an nochtadh a rinne an t-eisitheoir san am a caitheadh, nó an fad ama ón uair dheireanach a rinneadh athbhreithniú ar dhoiciméad clárúcháin uilíoch a comhdaíodh.

(34) Ba cheart go bhféadfaí an doiciméad clárúcháin uilíoch a leasú, a fhad is nach cuid de réamheolaire formheasta é, bíodh sé ina leasú deonach ag an eisitheoir – mar shampla i

gcás athrú ábhartha ar a eagar nó ar a staid airgeadais – nó ar iarratas ón údarás inniúil mar chuid d'athbhreithniú iarchomhdaithe i gcás nach mbeadh na caighdeáin maidir le hiomláine, sothuigtheacht agus comhsheasmhacht comhlíonta. Ba cheart leasuithe den saghas sin a fhoilsiú de réir na socruithe céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis an doiciméad clárúcháin. Go háirithe, nuair a aimsíonn an t-údarás inniúil faillí nó botún substainte nó míchruinneas, ba cheart don eisitheoir a dhoiciméad clárúcháin uilíoch a leasú agus an leasú sin a chur ar fáil don phobal gan moill mhíchuí. Ós rud é nach tairiscint urrús ná ligean isteach urrús chun a dtrádála atá i gceist, ba cheart an nós imeachta maidir le doiciméad clárúcháin uilíoch a leasú a bheith éagsúil leis an nós imeachta maidir le réamheolaire a fhorlíonadh, rud nár cheart feidhm a bheith aige go dtí go mbeidh an réamheolaire formheasta.

(35) I gcás ina dtarraingíonn eisitheoir suas réamheolaire ina bhfuil doiciméid ar leithligh, ba cheart na codanna uile den réamheolaire bheith faoi réir formheasa, lena n-áirítear, más infheidhme, an doiciméad clárúcháin uilíoch agus leasuithe air, i gcás inar comhdaíodh iad cheana leis an údarás inniúil ach nár formheasadh iad.

(36) Le dlús a chur le hullmhú an réamheolaire agus le rochtain ar mhargaí caipitil a éascú ar bhealach costéifeachtach, ba cheart go bhféadfadh eisitheoirí rialta a ullmhaíonn doiciméad uilíoch tairbhiú de phróiseas formheasa níos tapa, ós rud é gur formheasadh an phríomhchuid den réamheolaire cheana nó go bhfuil sé ar fáil lena athbhreithniú ag an údarás inniúil cheana. Ba cheart dá bhrí sin an t-am is gá le réamheolaire a fhormheas a chiorrú nuair is doiciméid clárúcháin uilíoch atá sa doiciméad clárúcháin.

(37) Ar choinníoll go gcomhlíonann an t-eisitheoir na nósanna imeachta maidir le comhdú, scaipeadh agus stóráil faisnéise rialáilte agus na spriocdhátaí atá leagtha amach in Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], ba cheart go bhféadfadh sé na tuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla a cheanglaítear le Treoir 2004/109/CE a fhoilsiú mar chodanna den doiciméid clárúcháin uilíoch, ach amháin murab ionann Ballstát baile an eisitheora chun críche an Rialacháin seo agus Threoir 2004/109/CE agus mura gcomhlíonann teanga an doiciméid clárúcháin uilíoch coinníollacha Airteagal 20 de Threoir 2004/109/CE. Ba cheart don méid sin an t-ualach riaracháin a bhaineann le comhduithe iolracha a laghdú, gan difear a dhéanamh don fhaisnéis atá ar fáil don phobal ná do mhaoirseacht na dtuarascálacha faoi Threoir 2004/109/CE.

(38) Ba cheart teorainn ama shoiléir a leagan síos do bhailíocht réamheolaire ionas nach ndéanfar cinntí infheistíochta atá bunaithe ar fhaisnéis nach bhfuil bord ar bhord leis an aimsir. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, is ag tráth a fhormheasta ba cheart bailíocht réamheolaire a thosú, tráth is féidir leis an údarás inniúil a fhíorú gan dua. Níor cheart tairiscint urrús don phobal faoi réamheolaire bunaidh a fhadú thar bhailíocht an réamheolaire bunaidh ach amháin i gcás ina bhformheastar réamheolaire bunaidh comharbais sin sula n-imíonn an bhailíocht sin in éag agus go gcumhdaíonn sé an tairiscint atá ag leanúint de bheith ann.

(39) Fágann leagan amach an réamheolaire, gur faisnéis chomhchineálach amháin atá san fhaisnéis faoi chánacha ar an ioncam ó na hurrúis atá ann, rud nach fiú mórán ó thaobh faisnéise de don infheisteoir aonair. Ós rud é nach í amháin an tír ina bhfuil oifig chláraithe an eisitheora a chaithfidh an fhaisnéis sin a chuimsiú, ach na tíortha ina n-

[11] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a n-urrúis chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

iarrtar urrúis a thairiscint nó a ligean isteach chun a dtrádála chomh maith, is amhlaidh, nuair a aistrítear réamheolaire faoi nós imeachta an phas, go mbíonn sé costasach é a ullmhú agus d'fhéadfadh sé bac a chur ar thairiscintí trasteorann. Dá bhrí sin, níor cheart a bheith i réamheolaire ach rabhadh go bhféadfadh reachtaíocht chánach Bhallstát an infheisteora agus Bhallstát corpraithe an eisitheora tionchar a imirt ar an ioncam a fhaightear ó na hurrúis. Mar sin féin, ba cheart faisnéis iomchuí bheith sa réamheolaire faoi chánachas i gcás ina mbaineann an infheistíocht atá beartaithe le córas cánach ar leith, mar shampla i gcás infheistíochtaí in urrúis a thugann cóir chánach fhabhrach d'infheisteoirí.

(40) A luaithe a ligtear aicme urrús isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, tugann an eisitheoir nochtadh leanúnach d'infheisteoirí faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus faoi Threoir 2004/109/CE. Níl an gá le réamheolaire iomlán chomh géar céanna, dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil urrúis á dtairiscint don phobal, nó á ligean isteach chun a dtrádála, ina dhiaidh sin ag eisitheoir dá leithéid. Ba cheart réamheolaire ar leith a bheith ar fáil dá bhrí sin lena úsáid i gcás eisiúintí tánaisteacha agus ba cheart a inneachar a laghdú i gcomparáid leis an inneachar a theastaíonn an ngnáthchóras, agus an fhaisnéis atá nochta cheana á cur san áireamh. Mar sin féin, ní mór faisnéis chomhdhlúite agus dhea-struchtúrtha a sholáthar d'infheisteoirí faoi eilimintí ar nós théarmaí na tairisceana agus a comhthéacs, lena n-áirítear ráiteas faoin gcaipiteal oibre, úsáid na bhfáltas, fachtóirí priacail is sonrach don eisitheoir agus do na hurrúis, cleachtais bhoird, athchúiteamh stiúrthóirí, struchtúr scairshealbhóireachta nó idirbhearta páirtithe gaolmhara. Ós rud é nach n-éilítear an fhaisnéis sin a nochtadh ar bhonn leanúnach faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus Treoir 2004/109/CE, is iomchuí an fhaisnéis seo ar a laghad a bheith sa réamheolaire arna dtarraingt suas i gcás eisiúint thánaisteach.

(41) Ba cheart an córas nochta sonrach um eisiúintí tánaisteacha a shíneadh d'fhonn margaí fáis Fiontar Beag agus Meánmhéide (FBManna) a chumhdach mar go gceanglaítear ar a n-oibreoirí faoi Threoir 2014/65/AE rialacha a bhunú agus a cur i bhfeidhm lena n-áiritheofar nochtadh leanúnach iomchuí ag eisitheoirí a bhfuil a n-urrúis á dtrádáil sna hionaid sin.

(42) Níor cheart an córas nochta um eisiúintí tánaisteacha a chur ar fáil lena úsáid ach amháin tar éis do thréimhse íosta dul thart ó ligeadh aicme urrús eisitheora isteach chun a dtrádála ar dtús. Ba cheart go n-áiritheodh moill 18 mí gur chomhlíon an t-eisitheoir, uair amháin ar a laghad, a oibleagáid maidir le tuarascáil airgeadais bhliantúil a fhoilsiú faoi Threoir 2004/109/CE nó faoi rialacha atá ag oibreoir margaidh fáis na FBManna.

(43) Is ceann de phríomhchuspóirí Aontas na Margaí Caipitil é rochtain ar mhaoiniú ar mhargaí caipitil a éascú d'FBManna san Aontas. Toisc gur gnách gur ísle na méideanna is gá do na cuideachtaí sin a thiomsú i gcomparáid le heisitheoirí eile, is féidir na costais a bhaineann le réamheolaire a tharraingt suas bheith díréireach ard agus na cuideachtaí sin a dhíspreagadh óna gcuid urrús a thairiscint don phobal. Mar sin féin, i ngeall ar a méid agus ar theist níos giorra a bheith acu, d'fhéadfadh sé go mbeadh priacal infheistíochta níos airde ag roinnt le FBManna ná mar a bheadh ag eisitheoirí níos mó agus ba cheart dóibh dóthain faisnéise a nochtadh le gur féidir le

[12] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

hinfheisteoirí cinneadh infheistíochta a dhéanamh. Ba cheart dá bhrí sin cothromaíocht cheart a bhaint amach idir rochtain costéifeachtúil ar mhargaí airgeadais agus cosaint infheisteoirí nuair atá inneachar réamheolaire a bhfuil feidhm aige maidir le FBManna á shocrú agus dá bhrí sin ba cheart córas nochta sonrach a cheapadh le haghaidh FBManna leis an gcuspóir sin a bhaint amach.

(44) Ba cheart an t-íosmhéid faisnéise a cheanglaítear ar FBManna a nochtadh faoin gcóras nochta sonrach a shocrú sa chaoi is go bhfuil fócas ar fhaisnéis atá ábhartha do chuideachtaí den mhéid sin agus dá n-infheisteoirí, agus ba cheart a bheith d'aidhm aige sin comhréireacht a áirithiú idir méid na cuideachta agus a riachtanais tiomsaithe airgid, ar thaobh, agus ar an gcostas atá réamheolaire a ullmhú, ar an taobh eile. Lena áirithiú gur féidir le FBManna réamheolairí a tharraingt suas gan costais a thabhú nach bhfuil comhréireach lena méid, ná le méid a dtiomsaithe airgid, ba cheart an córas nochta sonrach do FBManna bheith níos solúbtha ná an ceann a bhfuil feidhm aige maidir le cuideachtaí ar mhargaí rialáilte a mhéid is comhoiriúnach agus a áirithiú go nochtar an fhaisnéis bhunriachtanach is gá d'infheisteoirí ag an am céanna.

(45) Ba cheart an córas nochta sonrach a chur ar fáil i gcás tairiscint urrús don phobal ag FBManna a bhfuil a n-urrúis á dtrádáil ar shaoráidí trádála iltaobhacha, lena n-áirítear margaí fáis FBManna, mar gur féidir leis na hionaid trádála sin bheith ina mbealach isteach sna margaí caipitil d'FBManna agus go bhfuil na margaí sin faoi réir rialacha maidir le nochtadh nach bhfuil chomh docht céanna agus atá siad do mhargaí rialáilte. Is iomchuí freisin an sainmhíniú ar FBManna a shíneadh d'fhonn FBManna mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE a chumhdach chun comhsheasmhacht idir an Rialachán seo agus Treoir 2014/65/AE a áirithiú. Ba cheart FBManna nach bhfuil a n-urrúis á dtrádáil in aon ionad trádála bheith incháilithe an córas nochta seo a úsáid freisin mar féadfar a cheangal orthu réamheolaire a tharraingt suas agus a n-urrúis á dtairiscint acu don phobal, lena n-áirítear trí ardáin sluamhaoinithe. Mar sin féin, níor cheart FBManna atá liostaithe ar mhargaí rialáilte bheith incháilithe an córas seo a úsáid, mar ba cheart go bhféadfadh infheisteoirí ar mhargaí rialáilte bheith muiníneach go bhfuil na heisitheoirí a n-infheistíonn siad ina gcuid urrús faoi réir na haon sraithe amháin rialacha maidir le nochtadh. Dá bhrí sin, níor cheart caighdeán nochta dhá leibhéal bheith ann ar mhargaí rialáilte, agus iad ag brath ar mhéid an eisitheora.

(46) Ar choinníoll nach ligtear isteach chun trádála iad ar mhargadh rialáilte, ba cheart go mbeadh sé de rogha ag FBManna a thairgeann scaireanna agus urrúis nach urrúis hibrideacha iad réamheolaire a tharraingt suas i bhfoirm doiciméid nochta sothuigthe "ceisteanna agus freagraí". Ba cheart an fhormáid mhalartach seo ar an ngnáthsceideal nochta a bheith ceaptha sa chaoi is go laghdófar a oiread is féidir na costais a sheasann FBManna trína chur ar a gcumas réamheolaire a tharraingt suas iad féin, agus seasamh acu ar a n-acmhainn féin. Ba cheart na ceisteanna ar an bhfoirm a bheith ceaptha chun cineálacha sonracha faisnéise a fháil a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi d'FBManna agus ba cheart na hiarrataí ar fhaisnéis a bheith níos mionsonraithe ná mar a bhíonn ar na gnáthsceidil nochta, ionas gur túisce a thuigfidh daoine a úsáidfidh an fhormáid "ceisteanna agus freagraí" cén cineál faisnéise atá á lorg.

(47) D'fhéadfadh cóir fhabhrach d'eisiúintí urrúis neamhchothromais ar mó ná EUR 100 000 a n-ainmníocht in aghaidh an aonaid, d'fhéadfadh sin struchtúr na margaí fiachais a shaobhadh, bacainní a chur roimh éagsúlú ceart punann agus roimh cheapadh ardán trádála leictreonach, rud a bhainfeadh an bonn den leachtacht ar an margadh tánaisteach, agus d'fhéadfadh sé an rogha infheistíochta a laghdú d'infheisteoirí miondíola trína gcoinneáil ón deis bannaí corparáideacha de ghrád infheistíochta a fháil. Is iomchuí dá bhrí sin an díolmhú do réamheolairí a bhaint i gcás

tairiscintí urrús neamhchothromais arb é EUR 100 000 ar a laghad a n-ainmníocht in aghaidh an aonaid agus i gcás an chaighdeáin níos ísle nochta do réamheolairí a bhaineann leis na hurrúis neamhchothromais sin, rud a tugadh isteach an chéad uair i dTreoir 2003/71/CE. Go háirithe, is iomchuí na ceanglais maidir le híosmhéid faisnéise a aontú i gcás réamheolairí neamhchothromais, agus sin a chur in ionad an chaighdeáin dhúbailte nochta idir eisiúintí atá dírithe ar infheisteoirí cáilithe amháin agus eisiúintí atá dírithe ar infheisteoirí neamhcháilithe.

(48) Is é an príomhchuspóir atá le fachtóirí priacail a bheith i réamheolaire deimhin a dhéanamh go ndéanfaidh infheisteoirí measúnú eolasach ar na priacail sin agus ar an gcaoi sin go ndéanfaidh siad cinntí infheistíochta agus láneolas acu ar na fíorais. Ba cheart dá bhrí sin fachtóirí priacail a theorannú do na priacail sin atá ábhartha agus sonrach don eisitheoir agus dá chuid urrús agus a thagann le hinneachar an réamheolaire leo. Níor cheart fachtóirí priacail atá comhchineálach agus nach bhfuil d'fheidhm leo ach séanadh bheith i réamheolaire, mar go bhféadfaidís fachtóirí priacail níos sonraí ar cheart infheisteoirí bheith ar an eolas fúthu a cheilt, ag cosc ar an gcaoi sin faisnéis a bheith á cur láthair i bhfoirm atá éasca a anailísiú, gonta agus sothuigthe. Le cuidiú le hinfheisteoirí na priacail is ábhartha a aithint, ba cheart a cheangal ar an eisitheoir fachtóirí sonracha priacail a ghrúpáil le chéile agus iad a rangú i gcatagóirí atá bunaithe ar leibhéil ábharthachta. Ba cheart líon srianta fachtóirí priacail arna roghnú ag an eisitheoir ó chatagóir na hábharthachta is airde a bheith san achoimre.

(49) Ba cheart cead a thabhairt faisnéis íogair a fhágáil ar lár i réamheolaire faoi imthosca áirithe trí bhíthin maolú arna thabhairt ag an údarás inniúil ionas nach gcuirfear an t-eisitheoir ina áit a dhíobhála.

(50) Foilsíonn Ballstáit lear faisnéise faoina staid airgeadais, faisnéise is gnách a bheith ar fáil san fhearann poiblí. Ar an gcaoi sin, i gcás ina ráthaíonn Ballstát urrúis atá á dtairiscint, níor ghá an fhaisnéis sin a chur sa réamheolaire.

(51) Ach cead a thabhairt d'eisitheoirí doiciméid ina bhfuil faisnéis atá le nochtadh a chorprú de réir tagairtí i réamheolaire – ar choinníoll gur foilsíodh go leictreonach cheana na doiciméid arna gcorprú de réir tagairtí – ba cheart gurbh fhusa réamheolaire a tharraingt suas agus ba cheart go dtiocfadh laghdú ar na costais a sheasann eisitheoirí, gan cosaint infheisteoirí a chur i mbaol. Mar sin féin, an cuspóir sin a bhaineann leis an réamheolaire a shimpliú agus an costas a leanann a tharraingt suas a laghdú, níor cheart sin a bhaint amach ar dhóigh a dhéanfadh dochar do leasanna eile atá an réamheolaire ceaptha a chosaint, lena n-áirítear inrochtaineacht faisnéise. An teanga a úsáidtear don fhaisnéis arna corprú de réir tagairtí, ba cheart go mbeadh sí i gcomhréir leis an gcóras teanga atá i bhfeidhm maidir leis na réamheolairí. An fhaisnéis a chorpraítear de réir tagairtí, féadfaidh sí a bheith ag tagairt do shonraí stairiúla, ach i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha a thuilleadh i ngeall ar athrú sonrach, ba cheart an méid sin a rá go soiléir sa réamheolaire agus an fhaisnéis a tugadh cothrom le dáta a thabhairt freisin.

(52) Ba cheart aon fhaisnéis rialáilte, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(k) de Threoir 2004/109/CE, a bheith incháilithe le haghaidh corprú de réir tagairtí i réamheolaire. Maidir le heisitheoirí a bhfuil a n-urrúis á dtrádáil ar shaoráid trádála iltaobhach agus eisitheoirí a dhíolmhaítear ó thuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla a fhoilsiú de bhun Airteagal 8(1)(b) de Threoir 2004/019/CE, ba cheart cead a bheith acu freisin an t-iomlán dá bhfaisnéis airgeadais bhliantúil agus eatramhach, dá dtuarascálacha iniúchóra, dá ráitis airgeadais, dá dtuarascálacha

bainistíochta nó dá ráitis rialacháis chorparáidigh, nó cuid díobh, a chorprú de réir tagairtí i réamheolaire, faoi réir a bhfoilsithe leictreonaigh.

(53) Ní ag gach eisitheoir atá rochtain ar fhaisnéis agus treoir leordhóthanach faoin bpróiseas grinnscrúdaithe agus formheasa ná ar na céimeanna is gá a leanúint le formheas a fháil do réamheolaire mar go bhfuil cur chuige difriúil ag na húdaráis inniúla ó Bhallstát go Ballstát. Ba cheart deireadh a chur leis na difríochtaí sin leis an Rialachán seo trí na rialacha maidir leis an bpróiseas grinnscrúdaithe agus formheasa a chomhchuibhiú lena áirithiú go mbeidh cur chuige cóineasaithe ag na húdaráis inniúla uile agus iomláine, comhsheasmhacht agus cuimsitheacht na faisnéise atá sa réamheolaire á grinnscrúdú acu. Ba cheart treoir maidir le réamheolaire a fháil formheasta a bheith ar fáil don phobal ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil. Ba cheart príomhról a bheith ag ÚEUM i gcothú cóineasachta maoirseachta sa réimse seo trína chumhachtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] a úsáid. Go háirithe, ba cheart d'ÚEÚM athbhreithnithe piaraí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás inniúil faoin Rialachán seo laistigh de thréimhse iomchuí roimh an athbhreithniú ar an Rialachán seo agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh.1095/2010.

(54) Le rochtain ar mhargaí na mBallstát a éascú, tá sé tábhachtach go nochtfar táillí a ghearrann údaráis inniúla as réamheolairí agus a ndoiciméid ghaolmhara a fhormheas agus a chomhdú.

(55) Ós rud go n-áirithítear rochtain éasca ar fhaisnéis leis an idirlíon, agus chun hinrochtaineacht níos fearr a áirithiú d'infheisteoirí, ba cheart an réamheolaire formheasta a fhoilsiú i bhfoirm leictreonach i gcónaí. Ba cheart an réamheolaire a fhoilsiú i roinn ar leith de shuíomh gréasáin an eisitheora, an tairgeora nó an duine atá ag iarraidh go ligfí urrúis isteach chun a dtrádála nó, más infheidhme, ar shuíomh gréasáin na n-idirghabhálaithe airgeadais a láithríonn nó a dhíolann urrúis, lena n-áirítear gníomhairí íocaíochta, nó ar shuíomh gréasáin margaidh rialáilte a bhfuil daoine ag iarraidh go ligfí urrúis isteach chun a dtrádála ann, nó ar shuíomh gréasáin oibreora saoráide trádála iltaobhaí, agus ba cheart don údarás inniúil é a tharchur chuig ÚEUM mar aon leis na sonraí ábhartha is gá chun é a aicmiú. Ba cheart d'ÚEUM córas stórála lárnaithe réamheolairí a sholáthar, ar a mbeidh rochtain saor in aisce agus saoráidí cuardaigh iomchuí ar fáil don phobal ag dul leis. Ba cheart go leanfadh réamheolairí de bheith ar fáil don phobal ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis a bhfoilsithe, lena áirithiú go mbeidh a dtréimhse infhaighteachta don phobal ar aon dul leis tréimhse infhaighteachta na dtuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla faoi Threoir 2004/109/CE. Ba cheart, mar sin féin, an réamheolaire a bheith ar fáil i gcónaí i bhfoirm pháipéir d'infheisteoirí, saor in aisce agus ar iarratas.

(56) Is gá freisin fógraíochtaí a chomhchuibhiú ionas nach lagófar muinín an phobail agus nach ndéanfar dochar do dhea-fheidhmiú na margaí airgeadais. Is den tábhacht é cothroime agus cruinneas fógraíochtaí, chomh maith lena gcomhsheasmhacht le hinneachar an réamheolaire má táthar chun infheisteoirí a chosaint, lena n-áirítear infheisteoirí miondíola, agus is cuid dhílis de ról na n-údarás inniúil é maoirseacht a dhéanamh ar na fógraíochtaí sin.

---

[13] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(57) Ba cheart aon fhachtóir nua tábhachtach, aon bhotún substainte nó aon mhíchruinneas a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar mheasúnú ar an infheistíocht, a thiocfaidh chun cinn tar éis fhoilsiú an réamheolaire roimh dhúnadh na tairisceana nó roimh thús na trádála ar mhargadh rialáilte, ba cheart d'infheisteoirí meastóireacht cheart a dhéanamh air agus dá bhrí sin éilítear forlíonadh ar an réamheolaire a fhormheas agus a scaipeadh gan moill mhíchuí.

(58) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar na teorainneacha ama éagsúla faoina gcaithfidh eisitheoir forlíonadh ar an réamheolaire a fhoilsiú agus faoina a bhfuil sé de cheart ag infheisteoirí a nglacadh le tairiscint a tharraingt siar tar éis foilsiú forlíonta. Ar thaobh, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid maidir le réamheolaire a fhorlíonadh go dtí dúnadh críochnaitheach thréimhse na tairisceana nó an tráth a thosaíonn trádáil na n-urrús sin ar mhargadh rialáilte, cibé acu is déanaí. Ar an taobh eile, níor cheart feidhm bheith ag an gceart maidir le glacadh a tharraingt siar ach amháin i gcás ina mbaineann an réamheolaire le hurrúis atá á dtairiscint don phobal agus gur tháinig an fachtóir nua, an botún nó an míchruinneas chun cinn roimh dhúnadh críochnaitheach na tairisceana agus seachadadh na n-urrús. Ar an ábhar sin, ba cheart ceangal a bheith idir an ceart maidir le tarraingt siar agus an uair a thagann an fachtóir nua, an bhotúin nó an mhíchruinnis a bhfuil forlíonadh mar thoradh air chun cinn agus ba cheart glacadh leis gur le linn don tairiscint a bheith fós ar oscailt agus roimh sheachadadh na n-urrús a tharla an eachtra thucaide. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, ba cheart a shonrú sa réamheolaire cathain a bheidh deireadh leis an gceart maidir le tarraingt siar. Ba cheart d'idirghabhálaithe imeachtaí a éascú nuair a fheidhmíonn infheisteoirí a gceart maidir le glacadh a tharraingt siar.

(59) Fágann an oibleagáid atá ar an eisitheoir an réamheolaire iomlán a aistriú go dtí na teangacha oifigiúla ábhartha uile go ndíspreagtar tairiscintí trasteorann nó iltrádáil. Chun tairiscintí trasteorann a éascú, i gcás ina dtarraingítear suas an réamheolaire i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, níor cheart ach an achoimre a aistriú go teanga oifigiúil (nó chuig teangacha oifigiúla) an Bhallstáit aíochta nó an Bhallstáit baile.

(60) Ba cheart údarás inniúil an Bhallstáit aíochta bheith i dteideal deimhniú a fháil ó údarás inniúil an Bhallstáit baile ina ndearbhaítear gur tarraingíodh suas an réamheolaire i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra a thabhairt don eisitheoir nó don duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas i leith dheimhniú formheasta an réamheolaire atá dírithe ar údarás an Bhallstáit aíochta le cinnteacht a thabhairt don eisitheoir nó don duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas i dtaca le cé acu atá nó nach bhfuil fógra tugtha ina leith agus cathain a tarraingíodh suas é.

(61) Lena áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an Rialacháin seo go hiomlán, is gá freisin urrúis arna n-eisiúint ag eisitheoirí arna rialáil ag dlíthe tríú tíortha a áireamh ina raon feidhme. Ba cheart d'eisitheoirí i dtríú tír a tharraingíonn suas réamheolaire faoin Rialachán seo ionadaí a cheapadh i measc na n-eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí a rialáiltear agus ndéantar maoirseacht orthu faoi rialáil sheirbhísí airgeadais an Aontais Eorpaigh, ionadaí a bheadh ina phointe teagmhála chun críocha an Rialacháin seo. Ba cheart don ionadaí, i gcomhpháirt leis an eisitheoir, comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo a áirithiú. Chun malartuithe faisnéise agus comhar le húdaráis tríú tír maidir le forghníomhú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart d’údaráis inniúla socruithe comhoibrithe a chur i gcrích le húdaráis inniúla i dtríú tíortha. Ba cheart aon aistriú sonraí pearsanta arna dhéanamh ar bhonn na gcomhaontuithe sin

Treoir (CE) 95/46/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh.

(62) Is é toradh a bheadh ar údarás inniúil de chineálacha éagsúla a bheith sna Ballstáit, agus freagrachtaí éagsúla acu, tabhú costais gan ghá agus forluí freagrachtaí gan aon tairbhe breise dá dhroim. I ngach Ballstát, ba cheart aon údarás inniúil amháin a ainmniú chun réamheolairí a fhormheas agus chun an fhreagracht a ghlacadh as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo. Ba cheart an t-údarás inniúil sin a bhunú mar údarás riaracháin agus ar dhóigh a ráthóidh a neamhspleáchas ar ghníomhaithe eacnamaíocha agus a seachnóidh coinbhleachtaí leasa. Níor cheart go bhfágfadh ainmniú údaráis inniúil chun réamheolairí a fhormheas nach mbeadh comhar ann idir an t-údarás inniúil sin agus eintitis eile, amhail rialtóirí baincéireachta agus árachais nó údaráis liostaithe, d'fhonn grinnscrúdú agus formheas éifeachtúil réamheolairí a ráthú ar mhaithe le leas eisitheoirí, infheisteoirí, rannpháirtithe sa mhargadh agus an mhargaidh féin. Níor cheart é a bheith ceadmhach údarás inniúil cúraimí a tharmligean chuig eintiteas eile ach amháin i gcás ina mbaineann sin le réamheolairí formheasta a fhoilsiú.

(63) Is féidir maoirseacht éifeachtach a ráthú ach sraith uirlisí, cumhachtaí agus acmhainní éifeachtacha a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo go háirithe maidir le tacar íosta cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha ba cheart a chur de chúram ar údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú, i gcás ina gceanglóidh an dlí náisiúnta amhlaidh, trí iarratas a dhéanamh chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu faoin Rialachán seo, ba cheart go ngníomhódh údaráis inniúla agus ÚEUM go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus a gcuid cinntí a dhéanamh go neamhspleách.

(64) D'fhonn sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath, is gá údaráis inniúla a bheith in ann rochtain a fháil ar shuíomhanna seachas áiteanna cónaithe príobháideacha daoine nádúrtha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, d'fhonn doiciméid a urghabháil. Teastaíonn rochtain ar áitreabh den saghas sin nuair atá amhras réasúnta ann go bhfuil doiciméid agus sonraí eile ann a bhaineann le hábhar na cigireachta nó an imscrúdaithe agus go bhféadfadh sé go mbeadh baint acu le hábhar ó thaobh sárú ar an Rialachán seo a chruthú. Ina theannta sin tá an rochtain ar áitreabh den saghas sin riachtanach i gcás: nach gcomhlíonann an duine ar éilíodh faisnéis air cheana an t-éileamh sin; nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann le creidiúint nach gcomhlíonfaí an t-éileamh sin dá ndéanfaí é, nó go ndéanfaí na doiciméid nó an fhaisnéis lena mbaineann an t-éileamh ar fhaisnéis, go ndéanfaí iad a bhaint, go ndéanfaí crioscaíleadh leo nó go ndéanfaí iad a scriosadh.

(65) I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2010 dar teideal 'Córais smachtbhannaí a dhaingniú in earnáil na seirbhísí airgeadais' agus chun comhlíonadh ceanglais an Rialacháin seo a áirithiú, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear sáruithe ar an Rialachán seo faoi réir pionóis agus bearta riaracháin iomchuí. Ba cheart na pionóis agus na bearta riaracháin sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus cur chuige comhchoiteann a áirithiú sna Ballstáit agus éifeacht dhíspreagthach a bheith acu. Níor cheart an Rialachán seo srian a chur ar chumas na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le leibhéil níos airde smachtbhannaí riaracháin.

(66) Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagthach ar an bpobal i gcoitinne ag cinntí arna ndéanamh ag údaráis inniúla, ba cheart iad a fhoilsiú ach amháin má mheasann an

t-údarás inniúil, i gcomhréir leis an Rialachán seo, gur gá iad a fhoilsiú gan ainm leo, moill a chur ar a bhfoilsiú nó gan aon phionós a fhoilsiú.

(67) Cé go bhféadfaidh na Ballstáit rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin agus pionóis choiriúla a leagan síos i ndáil leis na sáruithe céanna, níor cheart ceangal a chur ar na Ballstáit rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin a leagan síos i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo agus na sáruithe sin faoi réir an dlí choiriúil náisiúnta faoin [*cuirtear isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, níl oibleagáid ar na Ballstáit smachtbhannaí riaracháin agus smachtbhannaí coiriúla araon a fhorchur i ndáil leis an gcoir chéanna ach ba cheart go mbeidís in ann sin a dhéanamh má cheadaítear é faoin dlí náisiúnta. Níor cheart, áfach, a bheith mar thoradh ar smachtbhannaí coiriúla a choimeád ar bun in ionad smachtbhannaí riaracháin, i dtaca le sáruithe ar an Rialachán seo, go laghdófaí ná go n-athrófaí ar shlí eile cumas na n-údarás inniúil a bheith ag comhoibriú nó faisnéis a úsáid nó a mhalartú go tráthúil le húdaráis inniúla i mBallstáit eile chun críocha an Rialacháin seo, lena n-áirítear tar éis sáruithe ábhartha a chur ar aghaidh chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla le haghaidh ionchúiseamh coiriúil a oscailt.

(68) D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sceithirí faisnéis nua ar a shúile do na húdaráis inniúla, rud a chuideodh leo cásanna sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go bhfuil socruithe iomchuí curtha ar bun chun sceithirí a chumasú údaráis inniúla a chur ar an eolas maidir le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Rialachán seo agus iad a chosaint ar fhrithbhearta.

(69) D'fhonn na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún i ndáil leis na tairsigh a luaitear i bpointe (i) d'Airteagal 1(2), i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 1(3), íosmhéid faisnéise na ndoicimeád dá dtagraítear i bpointí (f) agus (g) d'Airteagal 1(3) agus i bpointí (d) agus (e) d'Airteagal 1(4), coigeartú na sainmhínithe in Airteagal 2, grinnscrúdú, formheas, comhdú agus athbhreithniú an doiciméid clárúcháin uilíoch, chomh maith leis na coinníollacha lena leasú nó a thabhairt cothrom le dáta agus na coinníollacha ar a bhféadfar stádas eisitheora rialta a chailleadh, formáid an réamheolaire, an réamheolaire bunaidh agus na téarmaí críochnaitheacha, agus an fhaisnéis shonrach nach mór a áireamh sa réamheolaire, an fhaisnéis íosta atá sa doiciméad clárúcháin uilíoch, an fhaisnéis laghdaithe atá sa doiciméad clárúcháin simplithe agus nóta mínithe na n-urrús i gcás eisiúintí tánaisteacha agus ag FBManna, an fhormáid a cheadaítear faoi Airteagal 15(2), an t-údarú ar fhaisnéis áirithe a fhágáil ar lár i réamheolaire, na nósanna imeachta maidir leis an réamheolaire a ghrinnscrúdú agus a fhormheas, na fógraíochtaí d'urrúis a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, agus na critéir coibhéise ginearálta le haghaidh réamheolairí arna dtarraingt suas ag eisitheoirí i dtríú tír. Tá sé ríthábhacht go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, comhairle le saineolaithe san áireamh. Le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(70) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an Rialacháin seo i ndáil le coibhéise reachtaíochtaí tríú tír maidir le reámheolairí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún le cinneadh a dhéanamh ar

an gcoibhéis sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(71) Ba cheart go ndéanfadh caighdeáin theicniúla i seirbhísí airgeadais cosaint leormhaith ar infheisteoirí agus tomhaltóirí ar fud an Aontais a áirithiú. Ós rud é gur comhlacht é ÚEUM a bhfuil saineolas an-speisialaithe aige, bheadh sé éifeachtúil agus iomchuí ceapadh dréachtchaighdeán teicniúil rialála, nach mbeadh roghanna beartais ag baint leo, a chur de chúram ÚEUM chun go ndéanfadh ÚEUM iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

(72) Ba cheart don Choimisiún dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gceapadh ag ÚEUM a ghlacadh, i dtaca le hinneachar agus formáid chur i láthair na faisnéise airgeadais bunriachtanaí stairiúla atá le cur san achoimre, an fhaisnéis atá le corprú de réir tagairtí agus cineálacha breise doiciméad a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, foilsiú an réamheolaire, na sonraí is gá chun réamheolairí a aicmiú sa córas stórála arna oibriú ag ÚEUM, na cásanna ina bhfágann fachtóir nua tábhachtach, botún substainte nó míchruinneas a bhaineann le faisnéis atá le cur sa réamheolaire, ina bhfágann sé gur gá forlíonadh ar an réamheolaire a fhoilsiú, an fhaisnéis a mhalartaítear idir údaráis inniúla agus ÚEUM i gcomhthéacs na hoibleagáide maidir le comhoibriú, agus an doiciméad teimpléid le haghaidh socruithe comhair le húdaráis mhaoirseachta i dtríú tíortha. Ba cheart don Choimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(73) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht freisin don Choimisiún bearta a ghlacadh chun caighdeáin theicniúla a chur chun feidhme trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh 1093/2010. Ba cheart é a chur de chúram ar ÚEUM caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a dhréachtú lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin i dtaca le foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha don fhógra atá le tabhairt i leith deimhniú formheasta, an réamheolaire, an forlíonadh ar an réamheolaire agus an t-aistriúcháin den réamheolaire agus/nó an achoimre, na foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha don chomhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla, agus na nósanna imeachta agus foirmeacha do mhalartú faisnéise idir údaráis inniúla agus ÚEUM.

(74) Agus a chuid cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme á bhfeidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo aige, ba cheart don Choimisiún na prionsabail seo a leanas a urramú:

– an gá a áirithiú go mbeidh muinín ag infheisteoirí miondíola agus FBManna i margaí airgeadais trí chaighdeáin arda trédhearcachta a chur chun cinn i margaí airgeadais,

– an gá atá le ceanglais maidir le nochtadh réamheolaire a shocrú agus méid an eisitheora agus an fhaisnéis a cheanglaítear ar eisitheoir a nochtadh cheana faoi Threoir 2004/109/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 á gcur san áireamh,

– an gá atá le rochtain ar mhargaí caipitil a éascú do FBManna agus muinín infheisteoirí sna cuideachtaí sin á háirithiú ag an am céanna.

[14] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

– an gá atá le réimse leathan deiseanna infheistíochta iomaíocha, mar aon le leibhéal nochta agus cosanta a bheadh saincheaptha de réir a n-imthosca, a thabhairt d'infheisteoirí,

– an gá atá lena áirithiú go ndéanfaidh údaráis rialála neamhspleácha rialacha a fhorghníomhú go comhsheasmhach, go háirithe i dtaca leis an gcomhrac in aghaidh choireacht an bhóna bháin,

– an gá atá le hardleibhéal trédhearcachta agus comhairliúcháin leis na rannpháirithe uile sa mhargadh agus le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle,

– an gá atá le nuálaíocht i margaí airgeadais a spreagadh chun iad a dhéanamh fuinniúil agus éifeachtúil,

– an gá atá le cobhsaíocht shistéamach an chórais airgeadais a áirithiú trí dhlúthfhaireachán frithghníomhach a dhéanamh ar nuálaíocht airgeadais,

– an tábhacht a bhaineann le costas caipitil a laghdú agus rochtain air a mhéadú,

– an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir na costais agus sochair a bhaineann le haon bheart cur chun feidhme do na rannpháirtithe uile sa mhargadh, ar bhonn fadtéarmach,

– an gá atá le hiomaíochas idirnáisiúnta mhargaí airgeadais an Aontais a chothú gan dochar d'fhairsingiú an chomhair idirnáisiúnta a bhfuil géarghá leis,

– an gá atá le cothromaíocht deiseanna a bhaint amach do na rannpháirtithe uile sa mhargadh trí reachtaíocht Aontais a bhunú aon uair is iomchuí,

– an gá atá le comhleanúnachas le reachtaíocht eile an Aontais sa réimse seo a áirithiú, mar go bhféadfadh éagothromaíochtaí faisnéise agus easpa trédhearcachta oibriú na margaí a shaobhadh agus, fiú amháin, dochar a dhéanamh do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí beaga.

(75) Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, amhail malartú nó tarchur sonraí pearsanta a dhéanann na húdaráis inniúla, ba cheart é a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus ba cheart d'ÚEUM aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(76) Tráth nach déanaí ná cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dheanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus measúnú a dhéanamh, go háirithe, ar cé acu atá nó nach bhfuil na córais nochta d'eisiúintí tánaisteacha agus do FBManna, an doiciméad clárúcháin uilíoch agus achoimre an réamheolaire, fós oiriúnach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

(77) Ba cheart cur i bhfeidhm cheanglais an Rialacháin seo a chur ar fionraí ionas go bhféadfar gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh agus ionas go

---

15 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

16 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh na bearta nua a thuiscint agus pleanáil faoina gcoinne.

(78) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon cosaint d'infheisteoirí agus éifeachtúlacht an mhargaidh a fheabhsú, agus Aontas na Margaí Caipitil á bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr, de bharr a éifeachtaí, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(79) Tá an Rialachán seo ag cloí leis na cearta bunúsacha agus comhlíontar leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus prionsabail sin.

(80) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh.45/2001 agus thug sé tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1
Cuspóir agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Rialachán seo ceanglais a leagan síos maidir le tarraingt suas, formheas agus dáileadh na réamheolairí atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte atá lonnaithe i mBallstát nó atá ag feidhmiú i mBallstát.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na cineálacha seo urrús a leanas:

   (a) aonaid a eisíonn gnóthais chomhinfheistíochta nach den chineál iata iad;

   (b) urrúis neamhchothromais a eisíonn Ballstát nó ceann d'údaráis réigiúnacha nó áitiúla Ballstáit, comhlachtaí idirnáisiúnta poiblí a bhfuil Ballstát amháin ar a laghad ina bhall díobh, an Banc Ceannais Eorpach nó bainc ceannais de chuid na mBallstát;

   (c) scaireanna i gcaipiteal banc ceannais de chuid na mBallstát;

   (d) urrúis a dhéanann Ballstát nó ceann d'údaráis réigiúnacha nó áitiúla Ballstáit a ráthú go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe;

   (e) urrúis a eisíonn comhlachais a bhfuil stádas dlíthiúil acu nó comhlachtaí neamhbhrabúsacha, atá aitheanta ag Ballstát, chun críocha an maoiniú riachtanach a fháil lena gcuspóirí neamhbhrabhúsacha a bhaint amach;

   (f) urrúis neamhchothromais a eisíonn institiúidí creidmheasa ar bhonn leanúnach nó arís is arís eile ar choinníoll go gcomhlíonann na hurrúis sin na coinníollacha seo a leanas go léir:

      (i) níl siad fo-ordaithe, in-chomhshóite ná inmhalartaithe;

      (ii) ní thugann siad cead cineálacha eile urrús a shuibscríobh nó a fháil agus níl aon bhaint acu le hionstraim dhíorthach;

(iii) fágann siad go bhfaightear taiscí in-aisíochta;

(iv) tá siad cumhdaithe ag scéim ráthaíochta taiscí faoi Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17];

(g) scaireanna neamh-idirmhalartacha caipitil arb é is príomhchuspóir leo ceart a thabhairt do shealbhóir na scaireanna sin árasán, nó cineál eile maoine dochorraithe, nó cuid de, a áitiú agus ar scaireanna iad nach féidir a dhíol gan an ceart sin a ghéilleadh;

(h) *bostadsobligationer* a eisíonn institiúidí creidmheasa sa tSualainn arís agus arís eile, arb é is príomhchuspóir leo iasachtaí morgáiste a thabhairt, ar choinníoll

(i) gur den tsraith chéanna na *bostadsobligationer* a eisíodh;

(ii) go n-eisítear na *bostadsobligationer* ar bhonn agaithe le linn tréimhse shonraithe eisiúna;

(iii) nach n-athraítear téarmaí agus coinníollacha na *bostadsobligationer* le linn na tréimhse eisiúna;

(iv) go ndéantar na suimeanna a thagann as eisiúint na *bostadsobligationer* sin, i gcomhréir le hairteagail chomhlachais an eisitheora, go ndéantar iad a láithriú i sócmhainní ar leor an cumhdach a thugann siad i gcomparáid leis an dliteanas a thagann as na hurrúis;

(i) urrúis neamhchothromais a eisíonn institiúid creidmheasa ar bhonn leanúnach nó arís is arís eile, i gcás inar lú ná EUR 75 000 000 in aghaidh na hinstitiúide creidmheasa thar thréimhse 12 mhí an chomaoin chomhiomlán san Aontas maidir leis na hurrúis a tairgeadh, ar choinníoll go gcomhlíonann na hurrúis sin na coinníollacha seo a leanas go léir:

(i) níl siad fo-ordaithe, in-chomhshóite ná inmhalartaithe;

(ii) ní thugann siad cead cineálacha eile urrús a shuibscríobh nó a fháil agus níl aon bhaint acu le hionstraim dhíorthach.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na cineálacha seo tairiscintí urrús don phobal:

(a) urrúis nach dtairgtear ach d'infheisteoirí cáilithe amháin;

(b) urrúis a thairgtear do níos lú ná 150 duine nádúrtha nó dlítheanach, nach infheisteoirí cáilithe iad, in aghaidh an Bhallstáit;

(c) urrúis a thairgtear d'infheisteoirí a fhaigheann urrúis ar fiú EUR 100 000 ar a laghad an chomaoin iomlán ina leith in aghaidh an infheisteora, maidir le gach tairiscint ar leith;

(d) urrúis a thairgtear ar lú ná EUR 500 000 an chomaoin iomlán ina leith san Aontas, agus a ríomhfar thar thréimhse 12 mhí;

(e) scaireanna a eisítear in ionad scaireanna den aicme chéanna a eisíodh cheana, ar choinníoll nach bhfuil méadú ar an gcaipiteal eisithe mar thoradh ar eisiúint na scaireanna sin;

[17] Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

(f) urrúis a thairgtear i gcás táthcheangail trí bhíthin tairiscint malartaithe, ar choinníoll go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoin idirbheart agus faoina thionchar ar an eisitheoir;

(g) urrúis a thairgtear, a leithroinntear nó a leithroinnfear i gcás táthcheangail nó roinnte, ar choinníoll go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoin idirbheart agus faoina thionchar ar an eisitheoir;

(h) díbhinní a íoctar le scairshealbhóirí reatha i bhfoirm scaireanna den aicme chéanna leis na scaireanna a n-íoctar díbhinní den sórt sin ina leith, ar choinníoll go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoi líon agus faoi chineál na scaireanna agus faoi na cúiseanna atá leis an tairiscint agus mionsonraí na tairisceana;

(i) urrúis a thairgeann fostóir nó gnóthas cleamhnaithe do stiúrthóirí nó d'fhostaithe atá aige faoi láthair nó a bhí aige, nó a leithroinneann sé orthu nó a leithroinnfidh sé orthu, ar choinníoll go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoi líon agus faoi chineál na n-urrús agus faoi na cúiseanna atá leis an tairiscint nó an leithroinnt agus mionsonraí na tairisceana nó na leithranna sin.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon cheann díobh seo a leanas a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte:

(a) urrúis atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna, ar choinníoll gur lú iad ná 20 faoin gcéad, thar thréimhse 12 mhí, den líon urrús a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna;

(b) scaireanna a thagann as urrúis eile a chomhshó nó a mhalartú nó as feidhmiú na gceart a thugann urrúis eile, i gcás gur den aicme chéanna na scaireanna sin agus na scaireanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte, ar choinníoll gur lú iad ná 20 faoin gcéad, thar thréimhse 12 mhí, den líon urrús den aicme chéanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna. I gcás ina ndéantar réamheolaire a tharraingt suas i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le Treoir 2003/71/CE tráth a dhéantar na hurrúis a thugann rochtain ar na scaireanna a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála, nó i gcás inar eisíodh na hurrúis a thugann rochtain ar na scaireanna sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na scaireanna a thagann astu a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte beag beann ar an sciar díobh atá ann i gcoibhneas leis an líon urrús den aicme chéanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna.

(c) scaireanna a eisítear in ionad scaireanna den aicme chéanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna, ar choinníoll nach bhfuil méadú ar an gcaipiteal eisithe mar thoradh ar eisiúint na scaireanna sin;

(d) urrúis a thairgtear i gcás táthcheangail trí bhíthin tairiscint malartaithe, ar choinníoll go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoin idirbheart agus faoina thionchar ar an eisitheoir;

(e) urrúis a thairgtear, a leithroinntear nó a leithroinnfear i gcás táthcheangail nó roinnte, ar choinníoll go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoin idirbheart agus faoina thionchar ar an eisitheoir;

(f) scaireanna a thairgtear saor in aisce do scairshealbhóirí reatha nó a leithroinntear nó a leithroinnfear orthu saor in aisce, agus díbhinní a íoctar i bhfoirm scaireanna den aicme chéanna leis na scaireanna a n-íoctar díbhinní ina leith, ar choinníoll gur den aicme chéanna na scaireanna sin agus na scaireanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna agus go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoi líon agus cineál na scaireanna agus faoi na cúiseanna atá leis an tairiscint nó an leithroinnt agus mionsonraí na tairisceana nó na leithranna sin;

(g) urrúis a thairgeann fostóir nó gnóthas cleamhnaithe do stiúrthóirí nó d'fhostaithe atá aige faoi láthair nó a bhí aige, nó a leithroinneann sé orthu nó a leithroinnfidh sé orthu, ar choinníoll gur den aicme chéanna na hurrúis sin agus na hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna agus go bhfuil doiciméad ar fáil ina bhfuil faisnéis faoi líon agus cineál na n-urrús agus faoi na cúiseanna atá leis an tairiscint nó an leithroinnt agus mionsonraí na tairisceana nó na leithranna sin;

(h) urrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte eile, ar na coinníollacha seo a leanas:

(i) gur ligeadh na hurrúis sin, nó na hurrúis den aicme chéanna, isteach chun a dtrádála ar an margadh rialáilte eile sin ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí;

(ii) gurb é rud, i gcás urrúis a ligeadh isteach chun a dtrádála den chéad uair ar mhargadh rialáilte tar éis an 1 Iúil 2005, gur ligeadh isteach iad chun a dtrádála ar an margadh rialáilte eile sin faoi réir réamheolaire a formheasadh agus a foilsíodh i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE;

(iii) gurb é rud, ach amháin sna cásanna sin ina bhfuil feidhm ag pointe (ii), i gcás urrúis ar glacadh leo ar liostú tar éis an 30 Meitheamh 1983, gur formheasadh na sonraí liostaithe i gcomhréir le ceanglais Threoir 80/390/CEE[18] ón gComhairle nó Threoir 2001/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle[19];

(iv) gur comhlíonadh na hoibleagáidí atá i bhfeidhm maidir lena dtrádáil ar an margadh rialáilte eile sin; agus

(v) i gcás an duine a iarrann urrús a ligean isteach chun a thrádála ar mhargadh rialáilte faoin díolúine seo, go ndearna sé, ar an dóigh a leagtar amach in Airteagal 20(2), doiciméad a chur ar fáil don phobal sa Bhallstát ina bhfuil an margadh rialáilte a dteastaíonn uaidh urrús a ligean isteach chun a thrádála air, agus go gcomhlíonann inneachar an doiciméid sin Airteagal 7 agus gur tarraingíodh suas é i dteanga atá inghlactha ag údarás inniúil an Bhallstáit sin ina bhfuil an margadh rialáilte a dteastaíonn uaidh urrús a ligean isteach chun a thrádála air. Beidh sé luaite sa doiciméad sin cá bhfuil an réamheolaire is déanaí le fáil agus cá bhfuil fáil ar an bhfaisnéis airgeadais a d'fhoilsigh an t-

[18] Treoir 80/390/CEE ón gComhairle an 17 Márta 1980 lena gcomhordaítear na ceanglais i ndáil leis na sonraí liostaithe a tharraingt suas, a ghrinnscrúdú agus a leithdháileadh, atá le foilsiú chun urrúis a ghlacadh ar liostú oifigiúil stocmhalartáin (IO L 100, 17.4.1980, lch. 1).

[19] Treoir 2001/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le hurrúis a ghlacadh ar liostú oifigiúil stocmhalartáin agus le faisnéis a fhoilseofar faoi na hurrúis sin (IO L 184, 6.7.2001, lch. 1).

eisitheoir i gcomhréir leis na hoibleagáidí maidir le nochtadh atá i bhfeidhm maidir leis.

5. D'fhonn forbairtí teicniúla na margaí airgeadais, lena n-áirítear boilsciú, a chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 42, maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) coigeartú na teorann airgid atá leagtha síos i bpointe (i) de mhír 2 den Airteagal seo;

   (b) na tairseacha i bpointe (c) agus pointe (d) de mhír 3 den Airteagal seo;

6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 maidir leis an íosmhéid faisnéise nach mór a bheith sna doiciméid dá dtagraítear i bpointe (f) agus pointe (g) de mhír 3 agus i bpointe (d) agus pointe (e) de mhír 4 den Airteagal seo.

Airteagal 2
Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) ciallaíonn ‘urrúis’ urrúis inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(44) de Threoir 2014/65/AE, amach ó ionstraimí margaidh airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(17) de Threoir 2014/65/AE, ar lú ná 12 mhí a n-aibíocht;

   (b) ciallaíonn ‘urrúis chothromais’ scaireanna agus urrúis inaistrithe eile atá coibhéiseach le scaireanna i gcuideachtaí, agus aon chineál eile urrús inaistrithe a thugann an ceart aon cheann de na hurrúis sin a fháil de thoradh a gcomhshóite nó de thoradh na cearta a thugann siad a fheidhmiú, ar choinníoll gurb é eisitheoir na scaireanna bunúsacha nó eintiteas atá i ngrúpa an eisitheora sin a dhéanann na hurrúis den dara saghas sin a eisiúint;

   (c) ciallaíonn ‘urrúis neamhchothromais’ na hurrúis uile nach urrúis chothromais iad;

   (d) ciallaíonn ‘tairiscint urrús don phobal’ teachtaireacht a thugtar do dhaoine in aon fhormáid nó ar aon mhodh, ar leor an méid faisnéise a thugtar ann faoi théarmaí na tairisceana agus faoi na hurrúis atá le tairiscint le go bhféadfaidh infheisteoir a chinneadh na hurrúis sin a cheannach nó a shuibscríobh. Tá urrúis a láithrítear trí idirghabhálaithe airgeadais cuimsithe faoin sainmhíniú seo freisin;

   (e) ciallaíonn ‘infheisteoirí cáilithe’ daoine nó eintitis a liostaítear i bpointe (1) go pointe (4) de Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, agus daoine nó eintitis a gcaitear leo, arna iarraidh sin dóibh, mar chliaint ghairmiúla i gcomhréir le Roinn II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, nó atá aitheanta mar chontrapháirteanna cáilithe i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2014/65/AE, ach amháin má d'iarr siad go gcaithfí leo mar chliaint neamhghairmiúla. Tabharfaidh gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa a n-aicmiú le fios don eisitheoir, arna iarraidh sin orthu, gan dochar don reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí;

   (f) ciallaíonn ‘fiontair bheaga agus mheánmhéide’ ('FBManna')

– cuideachtaí a chomhlíonann, de réir a gcuid cuntas deiridh bliantúil nó comhdhlúite, péire ar a laghad de na trí chritéar seo a leanas: gur lú ná 250 an líon daoine a bhí fostaithe acu ar an meán le linn na bliana airgeadais, nach mó ná EUR 43 000 000 iomlán a gcláir chomhardaithe, agus nach mó ná EUR 50 000 000 a nglanláimhdeachas bliantúil; nó

– fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(13) de Threoir 2014/65/AE.

(g) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa' gnóthas mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20];

(h) ciallaíonn 'eisitheoir' eintiteas dlíthiúil a eisíonn urrúis nó a bhfuil sé beartaithe aige urrúis a eisiúint;

(i) ciallaíonn 'tairgeoir' eintiteas dlíthiúil nó duine dlítheanach a thairgeann urrúis don phobal;

(j) ciallaíonn 'margadh rialáilte' margadh mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(21) de Threoir 2014/65/AE;

(k) ciallaíonn 'fógraíocht' fógra:

– a bhaineann le tairiscint ar leith urrús don phobal nó le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte; agus

– lena bhfuil sé de chuspóir sonrach urrúis a d'fhéadfaí a shuibscríobh nó a fháil a chur chun cinn;

(l) ciallaíonn 'faisnéis rialáilte' gach faisnéis mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(k) de Threoir 2004/109/CE;

(m) ciallaíonn 'Ballstát baile':

(i) i gcás gach eisitheora urrús atá bunaithe san Aontas agus nach bhfuil luaite i bpointe (ii), an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an eisitheoir;

(ii) i gcás aon eisiúintí d'urrúis neamhchothromais arb é EUR 1 000 ar a laghad a n-ainmníocht in aghaidh an aonaid agus i gcás aon eisiúintí d'urrúis neamhchothromais a thugann an ceart aon urrúis inaistrithe a fháil nó méid airgid a fháil, de thoradh a gcomhshóite nó de thoradh na cearta a thugann na hurrúis sin a fheidhmiú, ar choinníoll nach é eisitheoir na n-urrús bunúsach ná eintiteas atá i ngrúpa an eisitheora sin eisitheoir na n-urrús neamhchothromais, ná an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an eisitheoir, nó i gcás inar ligeadh nó ina ligfear na hurrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó inar tairgeadh na hurrúis don phobal, de rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála. Beidh an méid céanna infheidhme maidir le hurrúis neamhchothromais in airgeadra seachas an euro, ar choinníoll go bhfuil an luach ainmniúil íosta coibhéiseach, a bheag nó a mhór, le EUR 1 000;

[20] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(iii) i gcás gach eisitheora urrús atá bunaithe i dtríú tír agus nach bhfuil luaite i bpointe (ii), an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe na hurrúis a thairiscint don phobal den chéad uair nó ina ndéantar, de rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann iad a ligean isteach chun a dtrádála, an chéad iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, faoi réir rogha eisitheoirí atá bunaithe i dtríú tír ina dhiaidh sin i gceann de na cásanna seo a leanas:

– nach í rogha na n-eisitheoirí sin a chinn an Ballstát baile,

– i gcomhréir le pointe (1)(i)(iii) d'Airteagal 2 de Threoir 2004/109/CE;

(n) ciallaíonn 'Ballstát aíochta' an Ballstát ina dtairgtear urrúis don phobal nó ina n-iarrtar urrúis a ligean isteach chun a dtrádála, i gcás nach ionann é agus an Ballstát baile;

(o) ciallaíonn 'gnóthais chomhinfheistíochta nach den chineál iata iad' iontaobhais aonad agus cuideachtaí infheistíochta lena mbaineann an dá thréith seo a leanas:

(i) tiomsaíonn siad caipiteal ó infheisteoirí éagsúla, d'fhonn é a infheistiú i gcomhréir le beartas sainithe infheistíochta ar mhaithe leis na hinfheisteoirí sin;

(ii) déantar a n-aonaid, arna iarraidh sin don sealbhóir, a athcheannach nó a fhuascailt, go díreach nó go hindíreach, as a sócmhainní féin;

(p) ciallaíonn 'aonaid gnóthais chomhinfheistíochta' urrúis a eisíonn gnóthas comhinfheistíochta a thugann cearta do na rannpháirtithe ar shócmhainní a leithéide sin de ghnóthas;

(q) ciallaíonn 'formheas' toradh dearfach an ghrinnscrúdaithe arna dhéanamh ag údarás inniúil an Bhallstáit baile ar iomláine, ar chomhsheasmhacht agus ar shothuigtheacht na faisnéise atá sa réamheolaire;

(r) ciallaíonn 'réamheolaire bunaidh' réamheolaire a chomhlíonann Airteagal 8 den Rialachán seo, agus, de rogha an eisitheora, téarmaí críochnaitheacha na tairisceana;

(s) ciallaíonn 'laethanta oibre' chun críocha an Rialacháin seo, laethanta oibre an údaráis inniúil náisiúnta gan an Satharn, an Domhnach ná laethanta saoire poiblí a áireamh, mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an údarás inniúil náisiúnta;

(t) ciallaíonn 'saoráid trádála iltaobhach' córas iltaobhach mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(22) de Threoir 2014/65/AE;

(u) ciallaíonn 'margadh fáis FBManna' margadh fáis FBManna mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(12) de Threoir 2014/65/AE;

(v) ciallaíonn 'eisitheoir i dtríú tír' eisitheoir atá bunaithe i dtríú tír.

2. D'fhonn aird a thabhairt ar fhorbairtí teicniúla na margaí airgeadais, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 d'fhonn gnéithe teicniúla áirithe a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a shonrú, lena n-áirítear coigeartú na bhfigiúirí atá leagtha síos sa sainmhíniú ar 'fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)' i bpointe (f) de mhír 1, agus an staid ar mhargaí

éagsúla náisiúnta á cur san áireamh, lena n-áirítear an t-aicmiú fiontar a úsáideann oibreoirí margaí rialáilte agus saoráidí trádála iltaobhacha, reachtaíocht agus moltaí an Aontais agus forbairtí eacnamaíocha.

Airteagal 3
An oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú agus díolúine ón oibleagáid sin

1. Ní dhéanfar urrúis a thairiscint don phobal san Aontas gan réamheolaire a bheith foilsithe roimh ré.

2. Féadfaidh Ballstát díolúine ón gceanglas réamheolaire a fhoilsiú de réir mhír 1 a thabhairt i leith tairiscintí urrús don phobal, ar an gcoinníoll:

   (a) gur sa Bhallstát sin amháin a rinneadh an tairiscint, agus

   (b) gur lú ná méid áirithe airgid arna ríomh thar thréimhse 12 mhí, méid nach mó ná EUR 10 000 000, atá i gcomaoin iomlán na tairisceana.

   Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus d'ÚEUM maidir le cur i bhfeidhm na rogha sin faoin mír seo, agus luafar san fhógra comaoin na tairisceana a roghnaíodh ar fúithi a bheidh an díolúine i leith tairiscintí baile infheidhme.

3. Ní ligfear urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte atá lonnaithe nó ag feidhmiú san Aontas gan réamheolaire a bheith foilsithe roimh ré.

Airteagal 4
Réamheolaire deonach

Más rud é, i gcás tairiscint urrús don phobal nó urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, nach dtig siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo mar a shainmhínítear in Airteagal 1, beidh eisitheoir, tairgeoir nó duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i dteideal réamheolaire a tharraingt suas ar bhonn deonach i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Réamheolaire deonach atá formheasta ag údarás inniúil an Bhallstáit baile, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(m), beidh na cearta agus na hoibleagáidí uile aige dá bhforáiltear maidir le réamheolaire a shainordaítear leis an Rialachán seo agus beidh sé faoi réir fhorálacha uile an Rialacháin seo, faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil sin.

Airteagal 5
Athdhíol iardain urrús

Aon athdhíol iardain urrús a bhí faoi réir ceann amháin nó níos mó de na cineálacha tairisceana urrús a liostaítear i bpointe (a) go pointe (d) d'Airteagal 1(3) roimhe sin, measfar gur tairiscint ar leith é agus beidh feidhm ag an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 2(1)(d) d'fhonn a chinneadh an tairiscint urrús don phobal atá san athdhíol sin. Má láithrítear urrúis trí idirghabhálaithe airgeadais, beidh an láithriú sin faoi réir foilsiú réamheolaire i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a liostaítear i bpointe (a) go pointe (d) d'Airteagal 1(3) maidir leis an láithriú críochnaitheach.

Ní cheanglófar aon réamheolaire breise i gcás aon athdhíola iardain urrús nó aon láithriú críochnaitheach urrús den sórt sin trí idirghabhálaithe airgeadais ar acht go bhfuil

réamheolaire bailí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 12 agus go ndéanann an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as an réamheolaire sin a tharraingt suas é a thoiliú trí chomhaontú i scríbhinn gur féidir an réamheolaire sin a úsáid.

CAIBIDIL II
RÉAMHEOLAIRE A THARRAINGT SUAS

Airteagal 6
An réamheolaire

1. Gan dochar d'Airteagal 14(2) agus Airteagal 17(2), beidh sa réamheolaire, i gcomhréir le cineál áirithe an eisitheora agus na n-urrús a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, an fhaisnéis atá riachtanach chun é a chur ar chumas infheisteoirí measúnú feasach a dhéanamh ar na sócmhainní agus na dliteanais, ar an staid airgeadais, ar bhrabús agus ar chaillteanas, agus ar ionchais an eisitheora agus aon ráthóra, agus ar na cearta a théann leis na hurrúis sin. Cuirfear an fhaisnéis sin i láthair i bhfoirm atá éasca a anailísiú, gonta agus sothuigthe.

2. Féadfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte réamheolaire a tharraingt suas ina mbeidh doiciméad amháin nó roinnt doiciméad ar leithligh.

   I gcás réamheolaire ina bhfuil roinnt doiciméad ar leithligh, beidh, gan dochar d'Airteagal 8(7), an fhaisnéis is gá a thabhairt briste suas i ndoiciméad clárúcháin, i nóta mínithe na n-urrús agus in achoimre. Is sa doiciméad clárúcháin a bheidh an fhaisnéis faoin eisitheoir. Is é a bheidh i nóta mínithe na n-urrús an fhaisnéis faoi na hurrúis atá á dtairiscint don phobal nó á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

Airteagal 7
Achoimre an réamheolaire

1. Beidh sa réamheolaire achoimre ina dtabharfar faisnéis bhunriachtanach a bheidh ag teastáil ó infheisteoirí le go dtuigfidh siad cineál agus priacail an eisitheora, an ráthóra agus na n-urrús atá á dtairiscint nó á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus, nuair a léitear í in éineacht le codanna eile den réamheolaire, a chabhróidh le hinfheisteoirí agus é á mbreithniú acu ar cheart dóibh infheistiú sna hurrúis sin.

2. Beidh inneachar na hachoimre cruinn, cothrom, soiléir agus ní bheidh sé míthreorach. Beidh sé comhsheasmhach leis na codanna eile den réamheolaire.

3. Doiciméad gearr beacht a bheidh san achoimre, doiciméad nach mbeidh níos mó ná sé thaobh de leathanaigh A4 ann agus é clóite. Beidh sí:

   (a) curtha i láthair agus leagtha amach i gcaoi is go bhfuil sí éasca a léamh, ag úsáid carachtar atá inléite ó thaobh méide de;

   (b) scríofa i bhfriotal agus i stíl lena bhféadfar an fhaisnéis a thuiscint go héasca, go háirithe, i bhfriotal soiléir, neamhtheicniúil, gonta agus sothuigthe.

4. Beidh na ceithre roinn seo a leanas san achoimre:

   (a) réamhrá agus rabhaidh ann;

(b) faisnéis bhunriachtanach faoin eisitheoir, faoin tairgeoir nó faoin duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála;

(c) faisnéis bhunriachtanach faoi na hurrúis;

(d) faisnéis bhunriachtanach faoin tairiscint féin agus/nó faoin gcaoi a ligfear urrúis isteach chun a dtrádála.

5. I réamhrá na hachoimre tabharfar ainm na n-urrús, céannacht agus sonraí teagmhála an eisitheora, an tairgeora agus an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála, céannacht agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil baile agus dáta an doiciméid. Tabharfar na rabhaidh seo a leanas inti:

(a) ní mór an achoimre a léamh mar réamhrá a théann leis an réamheolaire;

(b) ní mór aon chinneadh infheistiú sna hurrúis a bhunú ar bhreithniú a rinne an t-infheisteoir ar an réamheolaire ina iomláine;

(c) i gcás ina dtugtar éileamh a bhaineann leis an bhfaisnéis atá sa réamheolaire os comhair cúirte, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an infheisteoir is gearánaí na costais a bhaineann le haistriú an réamheolaire a sheasamh, faoi reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, sula dtionscnófar na himeachtaí dlíthiúla;

(d) is ar na daoine sin a leag amach an achoimre, lena n-áirítear aon aistriúchán di, agus orthu sin amháin, atá dliteanas sibhialta, ach amháin má tá an achoimre míthreorach, míchruinn nó míleanúnach nuair a léitear in éineacht le codanna eile den réamheolaire í, nó más rud é, nuair a léitear in éineacht leis na codanna eile den réamheolaire í, nach dtugtar faisnéis bhunriachtanach inti a chabhróidh le hinfheisteoirí agus é á mbreithniú acu ar cheart dóibh infheistiú sna hurrúis sin.

6. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4:

(a) faoi fho-roinn dar teideal 'Cé hé eisitheoir na n-úrrús?', tuairisc ghairid ar eisitheoir na n-úrrús, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

– a shainchónaí agus a fhoirm dhlíthiúil, an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn sé agus tír a chorpraithe;

– a phríomhghníomhaíochtaí;

– a scairshealbhóirí móra, lena n-áirítear an bhfuil sé faoi úineireacht nó faoi rialú díreach nó indíreach agus, má tá, ainm an úinéara nó an rialaitheora sin;

– céannacht a phríomhstiurthóirí bainistíochta;

– céannacht a iniúchóirí reachtúla.

(b) faoi fho-roinn dar teideal 'Cad í an fhaisnéis airgeadais bhunriachtanach a bhaineann leis an eisitheoir?' rogha shamplach den fhaisnéis airgeadais bhunriachtanach stairiúil, lena n-áirítear nuair is infheidhme faisnéis pro forma, maidir le gach bliain airgeadais den tréimhse a chuimsíonn an fhaisnéis airgeadais bhunriachtanach stairiúil, agus maidir le haon tréimhse airgeadais eatramhach ina dhiaidh sin a bhfuil sonraí comparáideacha ón tréimhse chéanna sa bhliain airgeadais roimhe sin ag dul léi. Déanfar an ceanglas maidir le faisnéis chomparáideach ón gclár comhardaithe a chomhlíonadh tríd an bhfaisnéis ón gclár comhardaithe deiridh bliana a thabhairt.

(c) faoi fho-roinn dar teideal 'Cad iad na príomhphriacail a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir?' tuairisc ghairid ar chúig cinn ar a mhéad de na fachtóirí priacail is ábhartha a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir, atá sa chatagóir ábharthachta is airde i gcomhréir le hAirteagal 16.

7. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4:

(a) faoi fho-roinn dar teideal 'Cad iad príomhghnéithe na n-urrús?', tuairisc ghairid ar na hurrúis atá á dtairiscint agus/nó atá á ligean isteach chun a dtrádála, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

– a gcineál agus a n-aicme, aon uimhir aitheantais slándála atá acu, a n-airgeadra, a n-ainmníocht, a bparluach, an líon díobh a eisíodh, agus a dtéarma;

– na cearta a théann leo;

– aon srianta ar a n-inaistritheacht saor in aisce;

– más infheidhme, an beartas díbhinní nó eisíocaíochta.

(b) faoi fho-roinn dar teideal 'Cá dtrádálfar na hurrúis?', ráiteas á thabhairt le fios an ndearnadh nó an ndéanfar iarraidh na hurrúis atá á dtairiscint a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach agus ainmneacha na margaí uile ar a dtrádáiltear nó a dtrádálfar na hurrúis.

(c) faoi fho-roinn dar teideal 'An bhfuil ráthaíocht ag dul leis na hurrúis?' tuairisc ghairid ar chineál agus raon feidhme na ráthaíochta, más ann di, agus tuairisc ghairid ar an ráthóir.

(d) faoi fho-roinn dar teideal 'Cad iad na príomhphriacail a bhaineann go sonrach leis na hurrúis?' tuairisc ghairid ar chúig cinn ar a mhéad de na fachtóirí priacail is ábhartha a bhaineann leis na hurrúis, atá sa chatagóir ábharthachta is airde i gcomhréir le hAirteagal 16.

I gcás ina gceanglaítear doiciméad faisnéise bunriachtanaí a ullmhú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], féadfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe (b) go pointe (i) d'Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a chur in ionad an inneachair a leagtar amach sa mhír seo. Sa chás sin agus i gcás ina gcuimsíonn achoimre amháin níos mó ná urrús amháin nach bhfuil de dhifear eatarthu ach méid beag mionsonraí, amhail an praghas eisiúna nó an dáta aibíochta, déanfar, maidir le gach urrús breise, de réir na fomhíre deiridh d'Airteagal 8(8), 3 thaobh bhreise de leathanaigh A4 a chur leis an teorainn faid a leagtar amach i mír 3.

8. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 4:

(a) faoi fho-roinn dar teideal 'Cé na coinníollacha agus cén amchlár faoinar féidir liom infheistiú san urrús seo?', más infheidhme, téarmaí agus coinníollacha ginearálta na tairisceana agus an t-amchlár a bhfuil coinne leis, na mionsonraí a bhaineann leis an urrús a ligean isteach chun a thrádála, an plean dáileacháin, méid agus céatadán an chaolaithe a thiocfaidh láithreach as an tairiscint agus meastachán ar chostas iomlán na heisiúna agus/nó na tairisceana, lena n-áirítear

[21] Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

meastachán ar an gcostas a ghearrfaidh an t-eisitheoir nó an tairgeoir ar an infheisteoir.

(b) faoi roinn dar teideal 'Cén fáth ar ullmhaigh an t-eisitheoir an réamheolaire seo?' tuairisc ghairid ar na cúiseanna atá leis an tairiscint nó leis na hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála, agus ar an úsáid a bhainfear as na fáltais agus ar ghlanmhéid measta na bhfáltas.

9. Faoi gach ceann de na ranna a bhfuil tuairisc orthu i mír 6, mír 7 agus mír 8, féadfaidh an t-eisitheoir fo-cheannteidil a chur leo aon uair is gá, dar leis.

10. Ní bheidh aon chrostagairtí do chodanna eile den réamheolaire san achoimre agus ní chorprófar faisnéis de réir tagairtí.

11. Ceapfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun inneachar agus formáid na faisnéise airgeadais bunriachtanaí stairiúla dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 6 a shonrú, agus cuirfidh sé na cineálacha éagsúla urrús agus eisitheoirí atá ann san áireamh.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann an [*cuirtear isteach an dáta a bheidh ann 9 mí tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm*].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 8
An réamheolaire bunaidh

1. I gcás urrúis neamhchothromais, féadfar, de rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, réamheolaire bunaidh a bheith sa réamheolaire agus is é a bheidh sa réamheolaire bunaidh sin gach faisnéis ábhartha faoin eisitheoir agus faoi na hurrúis atá á dtairiscint don phobal nó á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa réamheolaire bunaidh:

(a) liosta den fhaisnéis a bheidh ar áireamh i dtéarmaí críochnaitheacha na tairisceana;

(b) teimpléad dar teideal 'foirm na dtéarmaí críochnaitheacha', a bheidh le líonadh maidir le gach eisiúint ar leith;

(c) seoladh an tsuímh gréasáin ar a bhfoilseofar na téarmaí críochnaitheacha.

3. Cuirfear na téarmaí críochnaitheacha ar fáil mar dhoiciméad ar leithligh nó cuirfear iad sa réamheolaire bunaidh nó i bhforlíonadh a bheidh ag gabháil leis. Cuirfear na téarmaí críochnaitheacha i láthair i bhfoirm atá éasca a anailísiú agus sothuigthe.

Ní bheidh sna téarmaí críochnaitheacha ach faisnéis a bhaineann le nóta mínithe na n-urrús agus ní úsáidfear iad chun an réamheolaire bunaidh a fhorlíonadh. Beidh feidhm ag Airteagal 17(1)(a) i gcásanna den sórt sin.

4. I gcás nach bhfuil na téarmaí críochnaitheacha luaite sa réamheolaire bunaidh, ná i bhforlíonadh, cuirfidh an t-eisitheoir ar fáil don phobal iad i gcomhréir le hAirteagal 20 agus comhdóidh sé iad le húdarás inniúil an Bhallstáit baile, a luaithe is féidir sula

gcuirfear tús leis na hurrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála.

Cuirfear ráiteas soiléir agus feiceálach isteach sna téarmaí críochnaitheacha á thabhairt le fios:

(a) gur chun críche an Rialacháin seo a ullmhaíodh na téarmaí críochnaitheacha agus nach mór iad a léamh in éineacht leis an réamheolaire bunaidh agus an forlíonadh nó na forlíontaí air d'fhonn an fhaisnéis ábhartha go léir a fháil;

(b) an áit a ndearnadh an réamheolaire bunaidh agus an forlíonadh nó na forlíontaí air a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 20;

(c) go bhfuil achoimre den eisiúint ar leith i gceangal leis na téarmaí críochnaitheacha.

5. Féadfar réamheolaire bunaidh a tharraingt suas ina mbeidh doiciméad amháin nó roinnt doiciméad ar leithligh.

I gcás ina ndearna an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte doiciméad clárúcháin a chomhdú cheana maidir le cineál áirithe urrúis neamhchothromais, nó doiciméad clárúcháin uilíoch a chomhdú mar a shainmhínítear in Airteagal 9, agus, tráth níos faide anonn, go dtograíonn sé réamheolaire bunaidh a tharraingt suas, beidh an méid seo a leanas sa réamheolaire bunaidh:

(a) an fhaisnéis atá sa doiciméad clárúcháin, nó sa doiciméad clárúcháin uilíoch;

(b) an fhaisnéis a bheadh i nóta mínithe na n-urrús, dá mba b'ann dó, amach ó na téarmaí críochnaitheacha i gcás nach bhfuil na téarmaí críochnaitheacha luaite sa réamheolaire bunaidh.

6. Déanfar an fhaisnéis shonrach faoi gach urrús ar leith a dheighilt go soiléir sa réamheolaire bunaidh.

7. Ní tharraingeofar suas achoimre go dtí go mbeidh na téarmaí críochnaitheacha formheasta agus is leis an eisiúint ar leithligh sin amháin a bhainfidh an achoimre sin.

8. Beidh achoimre na heisiúna ar leithligh sin faoi réir na gceanglas céanna leis na téarmaí críochnaitheacha, mar a leagtar amach san Airteagal seo, agus beidh sí i gceangal leo.

Comhlíonfaidh achoimre na heisiúna ar leithligh sin Airteagal 7 agus beidh inti an fhaisnéis bhunriachtanach faoin réamheolaire bunaidh agus faoi na téarmaí críochnaitheacha. Beidh an méid seo a leanas san achoimre:

(a) an fhaisnéis faoin réamheolaire bunaidh nach bhfuil baint aici ach leis an eisiúint ar leithligh sin amháin, lena n-áirítear an fhaisnéis bhunriachtanach faoin eisitheoir;

(b) na roghanna atá sa réamheolaire bunaidh nach bhfuil baint acu ach leis an eisiúint ar leithligh sin amháin de réir mar a chinntear sna téarmaí críochnaitheacha;

(c) an fhaisnéis ábhartha a thugtar sna téarmaí críochnaitheacha agus a fágadh bán roimhe sin sa réamheolaire bunaidh.

I gcás ina mbaineann na téarmaí críochnaitheacha le hurrúis éagsúla nach bhfuil de dhifear eatarthu ach méid beag mionsonraí, amhail an praghas eisiúna nó an dáta

aibíochta, féadfar achoimre amháin den eisiúint ar leithligh sin a chur i gceangal maidir leis na hurrúis sin uile, ar choinníoll go bhfuil deighilt shoiléir idir an fhaisnéis a bhaineann leis na hurrúis éagsúla.

9. Déanfar an fhaisnéis atá sa réamheolaire bunaidh a fhorlíonadh, nuair is gá, i gcomhréir le hAirteagal 22, le faisnéis nuashonraithe faoin eisitheoir, agus faoi na hurrúis atá le tairiscint don phobal nó le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

10. Féadfaidh tairiscint don phobal leanúint de bheith ann tar éis don réamheolaire bunaidh faoinar tionscnaíodh í dul in éag ar choinníoll go bhformheastar réamheolaire bunaidh comharba tráth nach déanaí ná an lá deiridh a thiocfaidh deireadh le bailíocht an réamheolaire bunaidh reatha. Beidh rabhadh feiceálach ar an gcéad leathanach de théarmaí críochnaitheacha na tairisceana sin, rabhadh ina dtabharfar le fios an lá deiridh a thiocfaidh deireadh le bailíocht an réamheolaire bunaidh reatha agus an áit a bhfoilseofar an réamheolaire bunaidh comharba. Beidh foirm na dtéarmaí críochnaitheacha as an gcéad réamheolaire bunaidh ar áireamh sa réamheolaire bunaidh comharba nó corprófar í de réir tagairtí agus déanfar tagairt do na téarmaí críochnaitheacha sin atá ábhartha don tairiscint atá ag leanúint de bheith ann.

Ní bheidh an ceart tarraingt siar a thugtar faoi Airteagal 22(2) infheidhme maidir le hinfheisteoirí a d'aontaigh na hurrúis a cheannach nó a shuibscríobh le linn thréimhse bailíochta an réamheolaire bunaidh reatha, ach amháin i gcás inar tugadh na hurrúis dóibh cheana.

Airteagal 9
An doiciméad clárúcháin uilíoch

1. Aon eisitheoir a bhfuil oifig chláraithe aige i mBallstát agus a bhfuil a chuid urrús ligthe isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach, féadfaidh sé doiciméad clárúcháin a tharraingt suas gach bliain airgeadais i bhfoirm doiciméad clárúcháin uilíoch ina mbeidh tuairisc ar struchtúr, gnó, staid airgeadais, tuilleamh agus ionchais, córas rialachais agus struchtúr scairsheilbhe na cuideachta.

2. An t-eisitheoir a thograíonn doiciméad clárúcháin uilíoch a tharraingt suas gach bliain airgeadais, cuirfidh sé faoi bhráid údarás inniúil a Bhallstáit baile é lena fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 2 agus mír 4 d'Airteagal 19.

Tar éis don údarás inniúil doiciméad clárúcháin uilíoch an eisitheora a fhormheas gach bliain airgeadais trí bliana as a chéile, féadfar doiciméid clárúcháin uilíoch chomharba a chomhdú leis an údarás inniúil gan formheas a fháil roimh ré.

I gcás nach n-éiríonn leis an eisitheoir, ina dhiaidh sin, doiciméad clárúcháin uilíoch a chomhdú maidir le bliain airgeadais amháin, caillfear an cead doiciméid clárúcháin uilíoch chomharba a chomhdú gan fhormheas agus beidh gá gach doiciméad clárúcháin uilíoch comharba a chur faoi bhráid an údaráis inniúil lena bhformheas go dtí go gcomhlíonfar an coinníoll atá sa dara fomhír arís.

3. Eisitheoirí a bhfuil, roimh dháta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, doiciméad clárúcháin a tarraingíodh suas i gcomhréir le hIarscríbhinn I nó Iarscríbhinn XI de

Rialachán (CE) Uimh. 809/2004[22] formheasta ag údarás inniúil dóibh maidir le trí bliana ar a laghad as a chéile agus a rinne, ina dhiaidh sin, doiciméad clárúcháin den sórt sin a chomhdú, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/71/CE, nó ar éirigh leo a leithéid sin de dhoiciméad clárúcháin a fháil formheasta gach bliain, beidh cead acu, ó dháta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, doiciméad clárúcháin uilíoch a chomhdú gan formheas a fháil roimh ré i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 2.

4. A luaithe a fhormheasfar doiciméad clárúcháin uilíoch nó a chomhdófar é gan formheas a fháil roimh ré, déanfar é, agus na leasuithe air dá dtagraítear i mír 7 agus mír 9, a chur ar fáil don phobal gan moill mhíchuí agus i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach in Airteagal 20.

5. Comhlíonfaidh an doiciméad clárúcháin uilíoch na ceanglais teanga a leagtar síos in Airteagal 25.

6. Féadfar faisnéis a chorprú de réir tagairtí sa doiciméad clárúcháin uilíoch i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18.

7. Tar éis doiciméad clárúcháin uilíoch a chomhdú nó a fhormheas, féadfaidh an t-eisitheoir an fhaisnéis atá ann a nuashonrú, tráth ar bith, trí leasú ar an doiciméad clárúcháin uilíoch a chomhdú leis an údarás inniúil.

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil inneachar aon doiciméid clárúcháin uilíoch a comhdaíodh gan formheas a fháil roimh ré, agus inneachar na leasuithe a rinneadh air, a athbhreithniú tráth ar bith.

   Is é a bheidh i gceist le hathbhreithniú an údaráis inniúil grinnscrúdú a dhéanamh ar iomláine, ar chomhsheasmhacht agus ar shothuigtheacht na faisnéise atá sa doiciméad clárúcháin uilíoch agus sna leasuithe a rinneadh air.

9. I gcás ina suíonn an t-údarás inniúil, le linn an athbhreithnithe, nach gcomhlíonann an doiciméad clárúcháin uilíoch na caighdeáin a bhaineann le hiomláine, sothuigtheacht agus comhsheasmhacht, agus/nó go bhfuil gá le leasuithe nó le faisnéis fhorlíontach, cuirfidh sé fógra faoi chuig an eisitheoir.

   I gcás ina n-iarrann an t-údarás inniúil ar an eisitheoir leasú a dhéanamh nó faisnéis fhorlíontach a thabhairt, ní bheidh ar an eisitheoir an iarraidh sin a chur san áireamh ach sa chéad doiciméad clárúcháin uilíoch eile a chomhdófar maidir leis an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, ach amháin más mian leis an eisitheoir an doiciméad clárúcháin uilíoch a úsáid mar chuid de réamheolaire a cuireadh isteach cheana lena fhormheas. Sa chás sin, comhdóidh an t-eisitheoir leasú ar an doiciméad clárúcháin uilíoch, agus déanfaidh sé sin ar a dhéanaí faoin tráth a chuirfear an t-iarratas dá dtagraítear in Airteagal 19(5) isteach.

   De mhaolú ar an dara fomhír, i gcás ina dtugann an t-údarás inniúil fógra don eisitheoir go mbaineann a iarratas ar leasú le heasnamh nó le botún substainte nó le míchruinneas, ar dócha go gcuirfeadh sé an pobal amú maidir le fíricí agus le tosca atá bunriachtanach le measúnú feasach a dhéanamh ar an eisitheoir, sa chás sin comhdóidh an t-eisitheoir leasú ar an doiciméad clárúcháin uilíoch gan moill mhíchuí.

[22] Rialachán (CE) Uimh. 809/2004 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le faisnéis atá i réamheolairí chomh maith le formáid, le corprú de réir tagairtí agus le foilsiú na réamheolairí sin agus scaipeadh fógraíochtaí (IO L 149, 30.4.2004, lch. 1).

10. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhír 7 ná mhír 9 ach amháin i gcás nach n-úsáidtear an doiciméad clárúcháin uilíoch mar chuid den réamheolaire. I gcás ina n-úsáidtear an doiciméad clárúcháin uilíoch mar chuid den réamheolaire, is ag rialacha Airteagal 22 maidir leis an réamheolaire a fhorlíonadh, agus ag na rialacha sin amháin, a bheidh feidhm sa tréimhse idir tráth formheasta an réamheolaire agus dúnadh críochnaitheach na tairisceana don phobal nó, de réir mar a bheidh, an tráth a chuirtear tús leis an trádáil ar mhargadh rialáilte, cibé acu is déanaí a tharlóidh.

11. Eisitheoir a chomhlíonann na coinníollacha a bhfuil tuairisc orthu sa chéad fhomhír nó sa dara fomhír de mhír 2 nó i mír 3, beidh stádas eisitheora rialta aige agus beidh sé in ann leas a bhaint as an bpróiseas formheasta níos tapa a bhfuil tuairisc air in Airteagal 19(5), ar choinníoll:

    (a) le linn don eisitheoir gach doiciméad clárúcháin uilíoch a chomhdú nó a chur isteach lena bhformheas, go ndearbhaíonn sé i scríbhinn don údarás inniúil go bhfuil an fhaisnéis rialáilte go léir a bhfuil ceangal air a nochtadh faoi Threoir 2004/109/CE, más infheidhme, agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, go bhfuil sin comhdaithe agus foilsithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna gníomhartha sin; agus

    (b) i gcás ina ndéanann an t-údarás inniúil an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 8, go leasóidh an t-eisitheoir a dhoiciméad clárúcháin uilíoch i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach i mír 9.

    I gcás nach gcomhlíonann an t-eisitheoir aon cheann de na coinníollacha thuas, caillfidh sé stádas an eisitheora rialta.

12. I gcás ina ndéantar an doiciméad clárúcháin uilíoch a comhdaíodh leis an údarás inniúil, nó a d'fhormheas an t-údarás inniúil, a phoibliú ceithre mhí ar a laghad tar éis dheireadh na bliana airgeadais, agus go bhfuil an fhaisnéis ann a cheanglaítear a nochtadh sa tuarascáil bhliantúil airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], sa chás sin measfar go bhfuil an oibleagáid atá ar an eisitheoir faoin Airteagal sin an tuarascáil bhliantúil airgeadais a fhoilsiú comhlíonta aige.

    I gcás ina ndéantar an doiciméad clárúcháin uilíoch, nó leasú air, a chomhdú leis an údarás inniúil nó i gcás ina ndéanann an t-údarás inniúil é a fhormheas, agus go bpoiblítear é trí mhí ar a laghad tar éis dheireadh na chéad sé mhí den bhliain airgeadais, agus go bhfuil an fhaisnéis ann a cheanglaítear a nochtadh sa tuarascáil leathbhliantúil airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir 2004/109/CE, sa chás sin measfar go bhfuil an oibleagáid atá ar an eisitheoir faoin Airteagal sin an tuarascáil leathbhliantúil airgeadais a fhoilsiú comhlíonta aige.

    Sna cásanna a bhfuil tuairisc orthu sa chéad fhomhír nó sa dara fomhír, déanfaidh an t–eisitheoir an méid seo a leanas:

    (a) liosta crostagartha a chur sa doiciméad clárúcháin uilíoch, liosta lena dtabharfar le fios cá háit sa doiciméad clárúcháin uilíoch a bhfuil gach mír is gá a chur sna tuarascálacha bliantúla agus leathbhliantúla airgeadais;

[23] Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

(b) an doiciméad clárúcháin uilíoch a chomhdú i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Threoir 2004/109/CE agus é a chur ar fáil don chóras atá ceaptha go hoifigiúil, córas dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Threoir 2004/109/CE;

(c) ráiteas freagrachta a chur sa doiciméad clárúcháin uilíoch de réir na dtéarmaí a cheanglaítear faoi Airteagal 4(2)(c) agus Airteagal 5(2)(c) de Threoir 2004/109/CE.

13. Ní bheidh feidhm ag mír 12 ach amháin más ionann Ballstát baile an eisitheora chun críocha an Rialacháin seo agus an Ballstát baile chun críocha Threoir 2004/109/CE, agus go gcomhlíonann teanga an doiciméid clárúcháin uilíoch coinníollacha Airteagal 20 de Threoir 2004/109/CE.

14. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 42 chun an nós imeachta maidir le grinnscrúdú, formheas, códú agus athbhreithniú an doiciméid clárúcháin uilíoch a shonrú, mar aon leis na coinníollacha a bhaineann lena leasú agus na cásanna inar féidir stádas an eisitheora rialta a chailleadh.

Airteagal 10
Réamheolairí ina bhfuil roinnt doiciméad ar leithligh

1. Eisitheoir a ndearna údarás inniúil a dhoiciméad clárúcháin a fhormheas cheana, ní bheidh air ach nóta mínithe na n-urrús agus an achoimre a tharraingt suas nuair a dhéantar urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Sa chás sin, beidh nóta mínithe na n-urrús agus an achoimre faoi réir formheas ar leith.

Más rud é, ó formheasadh an doiciméad clárúcháin, go dtagann fachtóir nua tábhachtach, botún substainte nó míchruinneas chun cinn maidir leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad clárúcháin agus go bhféadfadh sin dochar a dhéanamh do mheasúnú na n-urrús, déanfar forlíonadh ar an doiciméad clárúcháin a chur isteach lena fhormheas in éineacht le nóta mínithe na n-urrús agus an achoimre. Ní bheidh feidhm sa chás sin ag an gceart glacachtaí a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 22(2).

A luaithe a bheidh an doiciméad clárúcháin agus an forlíonadh, más infheidhme, mar aon le nóta mínithe na n-urrús agus an achoimre, a luaithe a bheidh siad sin formheasta ag an údarás inniúil is réamheolaire a bheidh iontu.

2. Eisitheoir a ndearna údarás inniúil a dhoiciméad clárúcháin uilíoch a fhormheas cheana, ní bheidh air ach nóta mínithe na n-urrús agus an achoimre a tharraingt suas ar urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte dó. Sa chás sin, beidh faoi réir formheas ar leith nóta mínithe na n-urrús, an achoimre agus na leasuithe uile ar an doiciméad clárúcháin uilíoch a comhdaíodh ó formheasadh an doiciméad clárúcháin uilíoch.

I gcás inar chomhdaigh an t-eisitheoir doiciméad clárúcháin uilíoch gan formheas a fháil roimh ré, beidh iomlán na ndoiciméad, lena n-áirítear na leasuithe ar an doiciméad clárúcháin uilíoch, faoi réir formheasa, ainneoin gur doiciméid ar leithligh atá sna doiciméid sin.

A luaithe a bheidh an doiciméad clárúcháin uilíoch, arna leasú i gcomhréir le mír 7 nó mír 9 d'Airteagal 9, mar aon le nóta mínithe na n-urrús agus an achoimre, a luaithe a bheidh siad sin formheasta ag an údarás inniúil is réamheolaire a bheidh iontu.

Airteagal 11

Freagracht a ghabhann le réamheolaire

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur ar an eisitheoir nó ar a chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, ar an tairgeoir, ar an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar an ráthóir a bheidh an fhreagracht as an bhfaisnéis a thugtar i réamheolaire. Luafar go soiléir sa réamheolaire na daoine a bhfuil an fhreagracht sin orthu, agus déanfar sin trína n-ainmneacha agus a bhfeidhmeanna a lua, nó i gcás daoine dlítheanacha trína n-oifigí cláraithe a lua, agus chomh maith leis sin trí dhearbhuithe uathu á rá go bhfuil, chomh fada lena n-eolas, an fhaisnéis atá sa réamheolaire i gcomhréir leis na fíricí agus nach bhfuil aon easnamh sa réamheolaire a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag a ndlíthe, a rialacháin agus a bhforálacha riaracháin maidir leis na daoine sin atá freagrach as an bhfaisnéis a thugtar sa réamheolaire.

   Áiritheoidh na Ballstáit, mar sin féin, nach mbeidh dliteanas sibhialta ar aon duine i bhfianaise na hachoimre amháin, lena n-áirítear aon aistriúchán di, ach amháin má tá an achoimre míthreorach, míchruinn nó míleanúnach nuair a léitear in éineacht le codanna eile den réamheolaire í, nó más rud é, nuair a léitear in éineacht leis na codanna eile den réamheolaire í, nach dtugtar faisnéis bhunriachtanach inti a chabhróidh le hinfheisteoirí agus é á mbreithniú acu ar cheart dóibh infheistiú sna hurrúis sin. Tabharfar rabhadh soiléir faoin méid sin san achoimre.

3. Ní bheidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 freagrach as an bhfaisnéis a thugtar i ndoiciméad clárúcháin uilíoch, ach amháin i gcásanna ina bhfuil an doiciméad clárúcháin á úsáid mar chuid de réamheolaire formheasta. Beidh feidhm ag an méid sin gan dochar d'Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Threoir 2004/109/CE i gcás ina bhfuil an fhaisnéis a thugtar faoi na hAirteagail sin tugtha i ndoiciméad clárúcháin uilíoch.

Airteagal 12

Bailíocht réamheolaire, réamheolaire bhunaidh agus doiciméid clárúcháin

1. Beidh réamheolaire nó réamheolaire bunaidh, is cuma an bhfuil doiciméad amháin nó roinnt doiciméad ar leithligh ann, bailí ar feadh 12 mhí tar éis a fhormheasta maidir le hurrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ar choinníoll go bhfuil aon fhorlíonadh a cheanglaítear de bhun Airteagal 22 ag dul leis.

   I gcás ina bhfuil roinnt doiciméad ar leith i réamheolaire nó i réamheolaire bunaidh, cuirfear tús leis an tréimhse bailíochta tráth nóta mínithe na n-urrús a fhormheas.

2. Beidh doiciméad clárúcháin, lena n-áirítear doiciméad clárúcháin uilíoch dá dtagraítear in Airteagal 9, a comhdaíodh nó a formheasadh cheana, beidh sé bailí lena úsáid mar chuid de réamheolaire ar feadh tréimhse 12 mhí tar éis a chomhdaithe nó a fhormheasta.

   Má thagann deireadh le bailíocht doiciméid clárúcháin den sórt sin, ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht réamheolaire ar cuid de é.

CAIBIDIL III
INNEACHAR AGUS FORMÁID AN RÉAMHEOLAIRE

Airteagal 13
Íosmhéid faisnéise agus formáid

1. Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 42, gníomhartha tarmligthe maidir le formáid an réamheolaire, an réamheolaire bhunaidh agus na dtéarmaí críochnaitheacha, agus maidir leis na sceidil lena sainítear an fhaisnéis shonrach nach mór a thabhairt i réamheolaire, agus dúbailt faisnéise a sheachaint i gcás a bhfuil doiciméid ar leithligh i réamheolaire.

   Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh, go háirithe, agus sceidil éagsúla an réamheolaire á leagan amach:

   (a) na cineálacha éagsúla faisnéise faoi urrúis chothromais agus faoi urrúis neamhchothromais a bheidh de dhíth ar infheisteoirí; cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh maidir leis an bhfaisnéis is gá a chur i réamheolaire i gcás urrúis a bhfuil réasúnaíocht eacnamaíoch den chineál céanna leo, go háirithe urrúis dhíorthacha;

   (b) na caíonna éagsúla le hurrúis neamhchothromais a thairiscint agus a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus na tréithe éagsúla a bhaineann leo;

   (c) an fhormáid a úsáidtear agus an fhaisnéis faoi urrúis neamhchothromais, gach cineál barántais san áireamh, is gá a chur i réamheolairí bunaidh;

   (d) más infheidhme, cineál poiblí an eisitheora;

   (e) más infheidhme, cineál sonrach ghníomhaíochtaí an eisitheora.

2. Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 42, gníomhartha tarmligthe lena leagfar amach an sceideal lena sainítear an t-íosmhéid faisnéise a bheidh sa doiciméad clárúcháin uilíoch, agus sceideal ar leith le haghaidh doiciméad clárúcháin uilíoch institiúidí creidmheasa.

   Áiritheoidh a leithéid sin de sceideal go mbeidh an fhaisnéis uile is gá faoin eisitheoir sonraithe sa doiciméad clárúcháin uilíoch le go bhféadfar an doiciméad clárúcháin uilíoch céanna a úsáid ina dhiaidh sin chun urrúis chothromais, urrúis fiachais nó urrúis dhíorthacha a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála. Maidir leis an bhfaisnéis airgeadais, an t–athbhreithniú agus na hionchais oibriúcháin agus airgeadais agus an rialachas corparáideach, déanfar na nithe sin a chur i gcomhréir, a mhéid is féidir, leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a nochtadh sna tuarascálacha bliantúla agus leathbhliantúla airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Threoir 2004/109/CE, lena n-áirítear an tuarascáil bainistíochta agus an ráiteas rialachais chorparáidigh.

3. Beidh na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 bunaithe ar na caighdeáin i réimse na faisnéise airgeadais agus neamhairgeadais arna mbunú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta um choimisiúin urrús, go háirithe IOSCO, agus ar Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo; Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin [*cuirtear isteach an dáta cur i bhfeidhm*].

Airteagal 14
Córas nochta íosta le haghaidh eisiúintí tánaisteacha

1. Féadfaidh na daoine seo a leanas réamheolaire a tharraingt suas faoin gcóras nochta íosta le haghaidh eisiúintí tánaisteacha, i gcás tairiscint urrús don phobal nó urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte:

   (a) eisitheoirí ar ligeadh urrúis dá gcuid isteach chun a dtrádála, ar feadh 18 mí ar a laghad, ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna agus a eisíonn níos mó urrús den aicme chéanna;

   (b) eisitheoirí ar ligeadh urrúis chothromais dá gcuid isteach chun a dtrádála, ar feadh 18 mí ar a laghad, ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna agus a eisíonn urrúis neamhchothromais;

   (c) eisitheoirí ar ligeadh aicme urrús dá gcuid isteach chun a trádála, ar feadh 18 mí ar a laghad, ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna.

   Is é a bheidh sa chóras nochta íosta doiciméad clárúcháin ar leith is féidir leis na daoine dá dtagraítear in (a), (b) nó (c) a úsáid agus nóta mínithe urrús ar leith is féidir leis na daoine dá dtagraítear in (a) agus (c) a úsáid.

2. De mhaolú ar Airteagal 6(1), agus gan dochar d'Airteagal 17(2), beidh sa réamheolaire a tharraingítear suas faoin gcóras nochta íosta le haghaidh eisiúintí tánaisteacha an fhaisnéis ábhartha atá riachtanach le go mbeidh infheisteoirí in ann ionchais an eisitheora agus aon ráthóra atá ann a mheas, bunaithe ar íosmhéid faisnéise airgeadais atá sa réamheolaire nó a corpraíodh ann de réir tagairtí, faisnéis nach gcuimseoidh ach an bhliain airgeadais is déanaí agus a thabharfaidh eolas faoi na cearta a théann leis na hurrúis, na cúiseanna atá leis an eisiúint agus an tionchar a bheidh aici ar an eisitheoir. Déanfar an fhaisnéis atá sa réamheolaire a chur i láthair i bhfoirm atá éasca a anailísiú, gonta agus sothuigthe agus cabhróidh sí le hinfheisteoirí cinneadh infheistíochta feasach a dhéanamh.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 42 chun sonrú a dhéanamh ar an méid laghdaithe faisnéise is gá a chur sna sceidil is infheidhme faoin gcóras nochta íosta, agus cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis a nochtadh cheana don phobal faoi Threoir 2004/109/CE, más infheidhme, agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

   Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin [*cuirtear isteach an dáta cur i bhfeidhm*].

Airteagal 15
Córas nochta íosta le haghaidh FBManna

1. Féadfaidh FBManna réamheolaire a tharraingt suas faoin gcóras nochta íosta le haghaidh FBManna i gcás tairiscint urrús don phobal, ar choinníoll nach bhfuil aon urrúis acu a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

   Is é a bheidh sa chóras nochta íosta doiciméad clárúcháin ar leith agus nóta mínithe urrús ar leith.

   Agus sceidil na réamheolairí comhfhreagracha á leagan amach, déanfar an fhaisnéis a chur in oiriúint do mhéid agus d'fhad theist na gcuideachtaí sin go dtí seo.

2. Cuideachtaí a bhaineann leas as an gcóras nochta íosta dá dtagraítear i mír 1 agus a thairgeann scaireanna nó urrúis neamhchothromais nach bhfuil fo-ordaithe, in-

chomhshóite ná inmhalartaithe, nach dtugann ceart cineálacha eile urrús a shuibscríobh ná a fháil agus nach bhfuil aon bhaint acu le hionstraim dhíorthach, beidh na cuideachtaí sin i dteideal réamheolaire a tharraingt suas i bhformáid ceistneora ina bhfuil téacs caighdeánaithe, a bheidh ar an eisitheoir a líonadh. Chun na críche sin, beidh an doiciméad clárúcháin ar leith agus an nóta mínithe urrús ar leith leagtha amach san fhormáid sin.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 42 chun sonrú a dhéanamh ar an méid laghdaithe faisnéise is gá a chur sna sceidil is infheidhme faoin gcóras nochta íosta, mar aon leis an bhformáid roghnach a cheadaítear faoi mhír 2.

   Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin [*cuirtear isteach an dáta cur i bhfeidhm*].

4. Ceapfaidh ÚEUM treoirlínte le haghaidh FBManna maidir leis an gcaoi le réamheolaire a tharraingt suas san fhormáid dá dtagraítear i mír 2. Ní bheidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach i bhfomhír 2 go fomhír 4 d'Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 16
Fachtóirí priacail

1. Ní luafar d'fhachtóirí priacail sa réamheolaire ach na priacail sin a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir agus/nó leis na hurrúis agus atá ábhartha maidir le cinneadh infheistíochta feasach a dhéanamh, de réir mar a thagann sé le hinneachar an doiciméid clárúcháin agus nóta mínithe na n-urrús. Roinnfear na priacail i dtrí chatagóir shainiúla ar a mhéad agus iad rangaithe de réir a ábhartha agus atá siad le hais a chéile i bhfianaise an mheasúnaithe a rinne an t-eisitheoir ar dhóchúlacht a dtarlaithe agus ar mhéid an drochthionchair a mheastar a bheidh acu.

2. Ceapfaidh ÚEUM treoirlínte maidir leis an measúnú a dhéanfaidh údaráis inniúla ar shainiúlacht agus ar ábharthacht na bhfachtóirí priacail agus ar roinnt na bhfachtóirí sin ina gcatagóirí.

Airteagal 17
Faisnéis a fhágáil ar lár

1. I gcás nach bhféadfar praghas na tairisceana deiridh agus/nó an méid urrús a thairgfear don phobal a lua sa réamheolaire:

   (a) luafar ann na critéir agus/nó na coinníollacha a gcinnfear na nithe thuasluaite dá réir nó, i gcás an phraghais, luafar an praghas uasta; nó

   (b) féadfar glacachtaí an cheannaigh nó suibscríobh na n-urrús a tharraingt siar go ceann dhá lá oibre ar a mhéad nuair a bheidh praghas na tairisceana deiridh agus/nó an méid urrús a thairgfear don phobal comhdaithe.

   Déanfar praghas na tairisceana deiridh agus an méid urrús a chomhdú le húdarás inniúil an Bhallstáit baile agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 20(2).

2. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile údarú a thabhairt faisnéis áirithe atá le cur sa réamheolaire a fhágáil ar lár, i gcás ina measann sé go bhfuil aon cheann de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

   (a) go mbeadh nochtadh na faisnéise sin in aghaidh leas an phobail;

(b) go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar tromchúiseach don eisitheoir, ar choinníoll nach mbeadh mar thoradh ar an bhfaisnéis sin a fhágáil ar lár gur dhócha go gcuirfí an pobal amú maidir le fíricí agus tosca atá bunriachtanach le measúnú feasach a dhéanamh ar an eisitheoir, ar an tairgeoir nó ar an ráthóir, más ann dó, agus ar na cearta a théann leis na hurrúis a mbaineann an réamheolaire leo;

(c) nach bhfuil mórán tábhachta leis an bhfaisnéis sin maidir le tairiscint ar leith nó maidir le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte ar leith agus nach n-imreodh sé tionchar ar mheasúnú staid agus ionchais airgeadais an eisitheora, an tairgeora nó an ráthóra.

Cuirfidh an t-údarás inniúil tuarascáil faoi bhráid ÚEUM gach bliain maidir leis an bhfaisnéis a d'údaraigh ÚEUM a fhágáil ar lár.

3. Gan dochar do leordhóthanacht na faisnéise a thugtar do na hinfheisteoirí, más rud é, ar bhonn eisceachtúil, go bhfuil faisnéis áirithe is gá a chur i réamheolaire mí-oiriúnach do réimse gníomhaíochta nó d'fhoirm dhlíthiúil an eisitheora nó do na hurrúis lena mbaineann an réamheolaire, tabharfar faisnéis sa réamheolaire atá coibhéiseach leis an bhfaisnéis is gá a thabhairt, ach amháin nuair nach ann dá leithéid sin d'fhaisnéis.

4. I gcás ina bhfuil urrúis ráthaithe ag Ballstát, beidh eisitheoir, tairgeoir nó duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, le linn dó réamheolaire a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 4, i dteideal faisnéis a bhaineann leis an mBallstát sin a fhágáil ar lár.

5. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 42, chun na cásanna sin a shonrú inar féidir faisnéis a fhágáil ar lár i gcomhréir le mír 2, agus cuirfidh sé san áireamh na tuarascálacha sin a chuir údaráis inniúla faoi bhráid ÚEUM de réir mar a luaitear i mír 2.

Airteagal 18
Corprú de réir tagairtí

1. Féadfar faisnéis a chorprú sa réamheolaire de réir tagairtí i gcás inar foilsíodh an fhaisnéis sin go leictreonach cheana nó go bhfuil sí á foilsiú go leictreonach an tráth céanna, agus gur tarraingíodh suas í i dteanga a chomhlíonann ceanglais Airteagal 25 agus go bhfuil sí le fáil i gceann de na doiciméid seo a leanas:

(a) doiciméid atá formheasta ag údarás inniúil an Bhallstáit baile, nó a comhdaíodh leis an údarás sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(b) doiciméid dá dtagraítear i bpointe (f) agus pointe (g) d'Airteagal 1(3) agus pointe (d) agus pointe (e) d'Airteagal 1(4);

(c) faisnéis rialáilte mar a shainmhínítear i bpointe (l) d'Airteagal 2(1);

(d) faisnéis airgeadais bhliantúil agus eatramhach;

(e) tuarascálacha iniúchóireachta agus ráitis airgeadais;

(f) tuarascálacha bainistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 19 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24];

[24] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha

(g) ráitis rialachais chorparáidigh mar a shainmhínítear in Airteagal 20 de Threoir 2013/34/AE;

(h) [tuarascálacha ar luach saothair mar a shainmhínítear in Airteagal [X] den [*Treoir leasaithe maidir le Cearta Scairshealbhóirí*[25]]

(i) meamraim agus airteagail chomhlachais.

Is í an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil don eisitheoir a bheidh san fhaisnéis sin.

I gcás nach ndéantar ach codanna áirithe de dhoiciméad a chorprú de réir tagairtí, cuirfear ráiteas isteach sa réamheolaire á rá nach bhfuil na codanna neamhchorpraithe ábhartha don infheisteoir nó go bhfuil siad clúdaithe i gcuid eile den réamheolaire.

2. Agus faisnéis á corprú de réir tagairtí, déanfaidh na heisitheoirí, na tairgeoirí nó na daoine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte a áirithiú go mbeidh teacht éasca ar an bhfaisnéis sin. Go háirithe, cuirfear liosta crostagartha isteach sa réamheolaire le go mbeidh infheisteoirí in ann míreanna sonracha faisnéise a aithint go héasca, agus beidh hipearnaisc ann chuig na doiciméid uile ina bhfuil faisnéis a corpraíodh de réir tagairtí.

3. I gcás inar féidir, déanfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte aon fhaisnéis a corpraíodh sa réamheolaire de réir tagairtí a chur isteach i bhformáid leictreonach inchuardaithe, san am céanna leis an gcéad dréacht den réamheolaire a cuireadh chuig an údarás inniúil, agus go cinnte le linn phróiseas athbhreithnithe an réamheolaire, ach amháin má rinne an t-údarás inniúil a bhfuil air an réamheolaire a fhormheas an fhaisnéis sin a fhormheas cheana nó má comhdaíodh í leis an údarás sin cheana.

4. D'fhonn comhchuibhiú comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, féadfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cheapadh chun an liosta a luaitear i mír 1 a nuashonrú trí chineálacha eile doiciméad is gá a chomhdú le húdarás poiblí nó is gá d'údarás poiblí a fhormheas a chur leis an liosta.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

CAIBIDIL IV
SOCRUITHE MAIDIR LEIS AN RÉAMHEOLAIRE A FHORMHEAS AGUS A FHOILSIÚ

Airteagal 19
An réamheolaire a ghrinnscrúdú agus a fhormheas

1. Ní fhoilseofar aon réamheolaire go dtí go mbeidh sé formheasta ag údarás inniúil an Bhallstáit baile.

2. Laistigh de 10 lá oibre ón dáta a chuirfear isteach an dréacht-réamheolaire, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra faoina chinneadh maidir le formheas an

---

áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

25 [IO C , , lch.].

réamheolaire don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

I gcás nach n-éiríonn leis an údarás inniúil cinneadh a dhéanamh maidir leis an réamheolaire laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos sa mhír seo agus i mír 3 agus mír 5, ní mheasfar gur formheas ar an iarratas atá ann.

Déanfaidh an t-údarás inniúil fógra faoi fhormheas an réamheolaire agus aon fhorlíonadh a ghabhann leis a thabhairt d'ÚEUM an tráth céanna agus a thabharfar fógra faoin bhformheas don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

3. Déanfar an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2 a fhadú go 20 lá oibre i gcás ina mbaineann an tairiscint don phobal le hurrúis arna n-eisiúint ag eisitheoir nár ligeadh aon urrúis dá chuid isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus nár thairg urrúis don phobal cheana.

   Ní bheidh an teorainn ama 20 lá oibre infheidhme ach amháin maidir leis an gcéad uair a chuirtear an dréacht-réamheolaire isteach. I gcás ina bhfuil gá an réamheolaire a chur isteach arís ina dhiaidh sin de réir mhír 4 beidh feidhm ag an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2.

4. I gcás ina suíonn an t-údarás inniúil nach gcomhlíonann an dréacht-réamheolaire na caighdeáin iomláine, sothuigtheachta agus comhsheasmhachta is gá chun é a fhormheas agus/nó ina bhfuil gá le leasuithe nó faisnéis fhorlíontach:

   (a) déanfaidh sé an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte a chur ar an eolas laistigh de 10 lá oibre ón uair a chuirfear isteach an dréacht-réamheolaire agus/nó an fhaisnéis fhorlíontach, agus luafaidh sé na cúiseanna leis sin, agus

   (b) ní bheidh na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 2 infheidhme, sa chás sin, ach ón tráth a dhéanfar dréacht-réamheolaire leasaithe agus/nó an fhaisnéis fhorlíontach is gá a chur isteach chuig an údarás inniúil.

5. De mhaolú ar mhír 2 agus mír 4, laghdófar an teorainn ama dá dtagraítear sna míreanna sin go 5 lá oibre i gcás eisitheoirí rialta dá dtagraítear in Airteagal 9(11). Tabharfaidh an t-eisitheoir rialta fógra don údarás inniúil 5 lá oibre ar a laghad roimh an dáta atá beartaithe an t-iarratas ar fhormheas a chur isteach.

   Cuirfidh an t-eisitheoir rialta chuig an údarás inniúil iarratas ina mbeidh na leasuithe is gá ar an doiciméad clárúcháin uilíoch, más infheidhme, ar nóta mínithe na n-urrús agus ar an achoimre a cuireadh isteach lena bhformheas.

6. D'fhonn formheas éifeachtúil agus tráthúil na réamheolairí a éascú, déanfaidh na húdaráis inniúla treoir maidir leis an bpróiseas grinnscrúdaithe agus formheasa a chur ar fáil ar a gcuid suíomhanna gréasáin. Beidh pointí teagmhála formheasa ina gcuid den treoir sin. Beidh an deis ag an eisitheoir nó ag an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas dul i dteagmháil go díreach le foireann an údaráis inniúil le linn phróiseas formheasa an réamheolaire agus déileáil a bheith aige leis an bhfoireann sin.

7. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile formheas réamheolaire a aistriú chuig údarás inniúil i mBallstát eile ar choinníoll go dtugtar fógra roimh ré d'ÚEUM agus go gcomhaontaíonn an t-údarás inniúil eile sin leis an aistriú sin. Cuirfear an t-aistriú sin in iúl, laistigh de thrí lá oibre ón dáta a dhéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile cinneadh, don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine a iarrann urrúis a ligean

isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Beidh feidhm ón dáta sin ag an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2. Ní bheidh Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 infheidhme maidir le formheas an réamheolaire a aistriú i gcomhréir leis an mír seo.

8. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do dhliteanas an údaráis inniúil, agus leanfaidh sé de bheith faoi rialú an dlí náisiúnta.

Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh a bhforálacha náisiúnta maidir le dliteanas údarás inniúil infheidhme ach amháin i leith réamheolairí a d'fhormheas a n-údarás inniúil féin.

9. Leibhéal na dtáillí a ghearrann údarás inniúil an Bhallstáit baile i leith réamheolairí, doiciméid clárúcháin, lena n-áirítear doiciméid clárúcháin uilíoch, forlíontaí agus leasuithe a fhormheas, agus doiciméid clárúcháin uilíoch, leasuithe orthu agus téarmaí críochnaitheacha a chomhdú, déanfar iad seo a chur in iúl don phobal ar shuíomh gréasáin an údaráis inniúil ar a laghad.

10. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 d'fhonn na nósanna imeachta a shonrú maidir le hiomláine, sothuigtheacht agus comhsheasmhacht a ghrinnscrúdú, agus réamheolairí a fhormheas.

11. Úsáidfidh ÚEUM a chumhachtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chun cóineasú maoirseachta a chur chun cinn maidir le próisis grinnscrúdaithe agus formheasa na n-údarás inniúil nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar iomláine, sothuigtheacht agus comhsheasmhacht na faisnéise atá i réamheolaire. Cuirfidh ÚEUM cóineasú chun cinn, go háirithe, maidir le héifeachtúlacht, modhanna agus uainiú an ghrinnscrúdaithe a dhéanann na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis a thugtar i réamheolaire.

12. Gan dochar d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, eagróidh agus déanfaidh ÚEUM athbhreithniú piaraí amháin ar a laghad ar nósanna imeachta grinnscrúdaithe agus formheasa na n-údarás inniúil, lena n-áirítear ar na fógraí faoi dheimhnithe formheasa a mhalartaítear idir na húdaráis inniúla. Déanfar measúnú freisin san athbhreithniú piaraí ar thionchar na gcineálacha éagsúla cur chuige maidir le grinnscrúdú agus formheas na n-údarás inniúil ar an gcumas atá in eisitheoirí caipiteal a thiomsú san Aontas Eorpach. Foilseofar an t-athbhreithniú piaraí seo tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcomhthéacs an athbhreithnithe piaraí seo, iarrfaidh ÚEUM, más iomchuí, tuairimí nó comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrús agus Margaí dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh.1095/2010.

Airteagal 20
An réamheolaire a fhoilsiú

1. A luaithe a dhéanfar an réamheolaire a fhormheas, déanfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte é a chur ar fáil don phobal tráth réasúnach sula ndéanfar na hurrúis atá i gceist a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála, agus ar a dhéanaí faoin tráth a chuirfear tús lena dtairiscint don phobal nó lena ligean isteach chun a dtrádála.

I gcás ina ndéantar aicme scaireanna atá ligthe isteach chun a trádála ar mhargadh rialáilte den chéad uair a thairiscint don phobal den chéad uair, cuirfear an réamheolaire ar fáil sé lá ar a laghad roimh dheireadh na tairisceana.

2. Measfar go mbeidh an réamheolaire, bíodh doiciméad amháin nó roinnt doiciméad ar leithligh ann, ar fáil don phobal a luaithe a fhoilseofar é ar aon cheann de na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

   (a) suíomh gréasáin an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte,

   (b) suíomh gréasáin na n-idirghabhálaithe airgeadais a chuireann na hurrúis ar fáil nó a dhíolann iad, lena n-áirítear gníomhairí íocaíochta,

   (c) suíomh gréasáin an mhargaidh rialáilte ar a n-iarrtar urrúis a ligean isteach chun a dtrádála nó suíomh gréasáin oibreoir na saoráide trádála iltaobhaí, más infheidhme.

3. Foilseofar an réamheolaire i gcuid ar leith den suíomh gréasáin agus beidh rochtain éasca ó leathanach baile an tsuímh gréasáin ar an gcuid sin den suíomh. Beidh an réamheolaire in-íoslódáilte, inphriontáilte agus i bhformáid leictreonach inchuardaithe nach féidir a athrú.

   Na doiciméid ina bhfuil faisnéis a corpraíodh sa réamheolaire de réir tagairtí, agus na forlíontaí agus/nó na téarmaí críochnaitheacha a bhaineann leis an réamheolaire, cuirfear ar fáil iad sa chuid chéanna den suíomh ina bhfuil an réamheolaire, trí bhíthin hipearnasc más gá.

4. Ní bheidh gá dul trí phróiseas clárúcháin, glacadh le séanadh maidir le dliteanas dlíthiúil a theorannú, ná táille a íoc chun an réamheolaire a rochtain.

5. Foilseoidh údarás inniúil an Bhallstáit baile ar a shuíomh gréasáin na réamheolairí formheasta go léir nó ar a laghad liosta de na réamheolairí formheasta, lena n-áirítear hipearnasc chuig na codanna ar leith den suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 3 agus ainm nó ainmneacha an Bhallstáit nó na mBallstát aíochta i gcás ina dtugtar fógra faoi na réamheolairí i gcomhréir le hAirteagal 24. Coinneofar an liosta a fhoilseofar, lena n-áirítear na hipearnaisc, cothrom le dáta agus fanfaidh gach mír ar an suíomh gréasáin ar feadh na tréimhse dá dtagraítear faoi mhír 7.

   An tráth céanna a thabharfaidh sé fógra d'ÚEUM faoi réamheolaire nó faoi aon fhorlíonadh a ghabhann leis a bheith formheasta, déanfaidh an t-údarás inniúil cóip leictreonach den réamheolaire, agus aon fhorlíonadh a ghabhann leis, a chur ar fáil d'ÚEUM, mar aon leis na sonraí a bhfuil gá ag ÚEUM leo chun é a aicmiú sa chóras stórála dá dtagraítear i mír 6 agus de réir na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 45.

   Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aíochta faisnéis maidir le gach fógra a gheobhaidh sé i gcomhréir le hAirteagal 24 a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

6. Faoin tráth a dhéanfar na hurrúis atá i gceist a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar a dhéanaí, déanfaidh ÚEUM na réamheolairí uile a fuarthas ó na húdaráis inniúla a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, mar aon le haon fhorlíontaí a ghabhann leo, téarmaí críochnaitheacha agus aistriúcháin ghaolmhara más iomchuí, agus faisnéis faoin mBallstát nó faoi na Ballstáit aíochta i gcás ina na réamheolairí in iúl de réir Airteagal 24. Déanfar foilsiú a áirithiú trí bhíthin chóras stórála lena gcuirfear rochtain agus feidhmeanna cuardaigh saor in aisce ar fáil don phobal.

7. Beidh fáil ag an bpobal ar gach réamheolaire formheasta ar feadh tréimhse nach giorra ná 10 mbliana tar éis a fhoilsithe ar na suíomhanna gréasáin a shonraítear i mír 2 agus mír 6.

8. I gcás réamheolaire ina bhfuil roinnt doiciméad agus/nó faisnéis a corpraíodh de réir tagairtí, féadfar na doiciméid agus an fhaisnéis atá sa réamheolaire a fhoilsiú agus a dháileadh ar leithligh ar choinníoll go gcuirfear na doiciméid sin ar fáil don phobal de réir mhír 2. I ngach doiciméad ar leithligh atá sa réamheolaire, tabharfar faisnéis faoin áit a bhfuil teacht ar na doiciméid eile atá formheasta agus/nó comhdaithe cheana leis an údarás inniúil.

9. An réamheolaire agus/nó na forlíontaí a ghabhann leis an réamheolaire a chuirfear ar fáil don phobal, beidh a dtéacs agus a bhformáid mar an gcéanna, i ngach cás, leis an mbunleagan a d'fhormheas údarás inniúil an Bhallstáit baile.

10. An t-eisitheoir, an tairgeoir, an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála nó na hidirghabhálaithe airgeadais a dhíolann nó a láithríonn urrúis, déanfaidh siad cóip pháipéir den réamheolaire a thabhairt, saor in aisce, do dhuine nádúrtha nó dlítheanach ar bith a iarrann sin orthu. Ní fhéadfaidh siad an chóip sin a thabhairt ach sna dlínsí ina ndéanfar na hurrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála faoin Rialachán seo.

11. D'fhonn comhchuibhiú comhsheasmhach na nósanna imeachta a leagtar amach san Airteagal seo a áirithiú, féadfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cheapadh chun na ceanglais a bhaineann le foilsiú an réamheolaire a shonrú tuilleadh.

    Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

12. Ceapfaidh ÚEUM caighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na sonraí is gá chun réamheolairí dá dtagraítear i mír 5 a aicmiú.

    Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann an [*cuirtear isteach dáta a bheidh ann 9 mí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm*].

    Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 21
Fógraíochtaí

1. Gach fógraíocht a bhaineann le tairiscint urrús don phobal nó le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, comhlíonfaidh sí na prionsabail atá san Airteagal seo.

2. Tabharfaidh fógraíochtaí le fios gur foilsíodh nó go bhfoilseofar réamheolaire agus an áit a bhfuil nó a mbeidh infheisteoirí in ann é a fháil.

3. Más fógraíochtaí atá ann beidh sé le haithint orthu gurb ea. Ní bheidh an fhaisnéis a chuirfear ar fáil i bhfógraíocht míchruinn ná míthreorach. Ina theannta sin, beidh an fhaisnéis atá san fhógraíocht comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa réamheolaire,

má tá sé foilsithe cheana, nó leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a bheith sa réamheolaire, má fhoilseofar an réamheolaire ina dhiaidh sin.

4. Gach faisnéis a nochtfar ó bhéal nó i scríbhinn, fiú murar chun críche fógraíochta é, i ndáil le hurrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, beidh sí comhsheasmhach leis an méid atá sa réamheolaire.

5. Beidh sé de chumhacht ag údarás inniúil an Bhallstáit baile rialú a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhlíonann gníomhaíochtaí fógraíochta, gníomhaíochtaí a bhaineann le tairiscint urrús don phobal nó le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, na prionsabail dá dtagraítear i mír 2 go mír 4.

6. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 chun na forálacha i ndáil le fógraíochtaí a leagtar síos i mír 2 go mír 4 den Rialachán seo a shonrú tuilleadh.

Airteagal 22
Forlíontaí ar an réamheolaire

1. Déanfar gach fachtóir nua tábhachtach, botún substainte nó míchruinneas i ndáil leis an bhfaisnéis atá sa réamheolaire agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mheasúnú na n-urrús agus a thagann chun cinn nó a thugtar faoi deara sa tréimhse idir tráth formheasta an réamheolaire agus dúnadh críochnaitheach na tairisceana don phobal, nó an tráth a chuirtear tús leis an trádáil ar mhargadh rialáilte, cibé acu is déanaí a tharlóidh, a lua, gan moill mhíchuí, i bhforlíonadh ar an réamheolaire.

   Déanfar forlíonadh den chineál sin a ghlacadh ar an gcaoi chéanna a nglactar réamheolaire, laistigh de chúig lá oibre ar a mhéad, agus foilseofar é de réir na socruithe céanna ar a laghad a cuireadh i bhfeidhm nuair a foilsíodh an réamheolaire bunaidh i gcomhréir le hAirteagal 20. Déanfar an achoimre, agus aon leaganacha aistrithe de, a fhorlíonadh, más gá, chun an fhaisnéis nua atá san fhorlíonadh a chur san áireamh.

2. I gcás ina mbaineann an réamheolaire le hurrúis a thairiscint don phobal, beidh sé de cheart ag infheisteoirí a d'aontaigh na hurrúis a cheannach nó a shuibscríobh sular foilsíodh an forlíonadh a nglacachtaí a tharraingt siar, laistigh de dhá lá oibre tar éis an forlíonadh a bheith foilsithe, ar choinníoll gur tháinig an fachtóir nua, an botún nó an míchruinneas dá dtagraítear i mír 1 chun cinn roimh dhúnadh críochnaitheach na tairisceana don phobal nó sheachadadh na n-urrús, cibé acu is túisce a tharlóidh. Féadfaidh an t-eisitheoir nó an tairgeoir an tréimhse ama seo a fhadú. Beidh dáta deiridh an chirt chun tarraingt siar luaite san fhorlíonadh.

3. I gcás ina n-ullmhaíonn an t-eisitheoir forlíonadh maidir le faisnéis sa réamheolaire bunaidh, faisnéis a bhaineann le saincheist amháin nó roinnt saincheisteanna ar leithligh, beidh feidhm ag na cearta atá ag infheisteoirí a nglacachtaí a tharraingt siar de bhun mhír 2 maidir leis an eisiúint nó na heisiúintí lena mbaineann agus ní bheidh feidhm acu maidir le haon eisiúint eile urrús faoin réamheolaire bunaidh.

4. Ní tharraingeofar suas agus ní ghlacfar ach forlíonadh amháin i gcás ina mbaineann an fachtóir nua tábhachtach, botún substainte nó míchruinneas dá dtagraítear i mír 1 leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad clárúcháin uilíoch agus léi sin amháin, agus i gcás ina bhfuil an doiciméad clárúcháin uilíoch ina chuid de réamheolairí éagsúla ag an aon am amháin. Sa chás sin, luafar san fhorlíonadh na réamheolairí uile lena mbaineann sé.

5. Le linn don údarás forlíonadh a ghrinnscrúdú sula ndéanfar é a fhormheas, féadfaidh sé a iarraidh go mbeidh leagan comhdhlúite den réamheolaire forlíonta le fáil in Iarscríbhinn, i gcás inar gá sin chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis atá sa réamheolaire sothuigthe. Measfar gur iarraidh ar fhaisnéis fhorlíontach faoi Airteagal 19(4) a bheidh in iarraidh den chineál sin.

6. D'fhonn comhchuibhiú comhsheasmhach den Airteagal seo a áirithiú agus forbairtí teicniúla na margaí airgeadais a chur san áireamh, tarraingeoidh ÚEUM suas dréachtchaighdeáin theicniúla chun cásanna a shonrú ina bhfágfadh fachtóir nua tábhachtach, botún substainte nó míchruinneas maidir leis an bhfaisnéis atá sa réamheolaire go mbeadh gá forlíonadh ar an réamheolaire a fhoilsiú.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann an [*cuirtear isteach dáta a bheidh ann 9 mí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm*].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

CAIBIDIL V
URRÚIS A THAIRISCINT AGUS A LIGEAN ISTEACH CHUN A DTRÁDÁLA THAR THEORAINNEACHA AGUS TEANGACHA ATÁ LE HÚSÁID

Airteagal 23
Raon feidhme an fhormheasa réamheolaire san Aontas

1. Gan dochar d'Airteagal 35, i gcás ina bhforáiltear go ndéanfar urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, i mBallstát amháin nó níos mó, nó i mBallstát eile seachas an Ballstát baile, beidh an réamheolaire arna fhormheas ag an mBallstát baile, agus aon fhorlíontaí air, bailí maidir leis na hurrúis sin a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála i líon ar bith Ballstát aíochta, ar choinníoll go gcuirfear fógra chuig ÚEUM agus údarás inniúil gach Ballstáit aíochta i gcomhréir le hAirteagal 24. Ní ghabhfaidh údaráis inniúla na mBallstát aíochta orthu féin aon nósanna imeachta formheasta nó riaracháin a dhéanamh maidir le réamheolairí.

2. Más rud é, tar éis don réamheolaire a bheith formheasta, go dtugtar fachtóirí nua tábhachtacha, botúin substainte nó míchruinnis faoi deara, mar a thagraítear dó in Airteagal 22, ceanglóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile go ndéanfar foilsiú forlíonaidh a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 19(1). Féadfaidh ÚEUM agus údarás inniúil an Bhallstáit aíochta údarás inniúil an Bhallstáit baile a chur ar an eolas go bhfuil breis faisnéise de dhíth.

Airteagal 24
Fógra a thabhairt

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile, arna iarraidh sin don eisitheoir nó don duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas, agus laistigh de thrí lá oibre ón uair a fhaightear an iarraidh sin nó, i gcás ina gcuirtear an iarraidh isteach in éineacht leis an réamheolaire, laistigh de lá amháin oibre tar éis an réamheolaire a fhormheas, déanfaidh sé deimhniú formheasa lena bhfianaítear go bhfuil an réamheolaire tarraingthe suas i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus cóip leictreonach den réamheolaire sin, a chur chuig údarás inniúil an Bhallstáit aíochta.

I gcás inarb infheidhme, beidh ag dul leis an bhfógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír aistriúchán den réamheolaire agus/nó den achoimre agus is faoi fhreagracht an eisitheora nó an duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas a dhéanfar an t-aistriúchán sin.

Déanfar fógra faoin deimhniú formheasa a thabhairt don eisitheoir nó don duine atá freagrach as an réamheolaire a tharraingt suas an tráth céanna agus a thabharfar fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit aíochta.

2. Beidh cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 17(2) agus (3) luaite sa deimhniú, mar aon leis an údar atá leis an gcur i bhfeidhm sin.

3. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile fógra faoi dheimhniú formheasa an réamheolaire a thabhairt d'ÚEUM an tráth céanna agus a thabharfar fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit aíochta.

4. I gcás inar cuireadh réamheolaire bunaidh isteach cheana agus nár cuireadh a théarmaí críochnaitheacha sa réamheolaire bunaidh sin, ná i bhforlíonadh, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile iad a chur in iúl go leictreonach d'údarás inniúil an Bhallstáit nó na mBallstát aíochta agus d'ÚEUM a luaithe is indéanta tar éis a gcomhdaithe.

5. Ní ghearrfaidh na húdaráis inniúla táille ar fhógra a thabhairt nó ar fhógra a fháil faoi réamheolairí agus forlíontaí orthu, ná ar aon ghníomhaíocht maoirseachta ghaolmhar, cibé acu sa Bhallstát baile nó sa Bhallstát nó sna Ballstáit aíochta.

6. D'fhonn a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm go haonfhoirmeach, agus aird a thabhairt ar fhorbairtí teicniúla na margaí airgeadais, féadfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a cheapadh d’fhonn foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le fógra a thabhairt faoi dheimhniú formheasa, réamheolaire, forlíonadh an réamheolaire agus aistriúchán den réamheolaire agus/nó den achoimre.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 25
Teangacha atá le húsáid

1. I gcás gur sa Bhallstát baile amháin a iarrtar urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, tarraingeofar suas an réamheolaire i dteanga a nglacann údarás inniúil an Bhallstáit baile léi.

2. I gcás ina ndéantar tairiscint don phobal nó ina n-iarrtar urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i mBallstát amháin nó níos mó, seachas sa Bhallstát baile, tarraingeofar suas an réamheolaire i dteanga a nglacann údaráis inniúla na mBallstát sin léi nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, de rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála.

Féadfaidh údarás gach Ballstáit aíochta a cheangal go ndéanfar an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 7 a aistriú go dtí a theanga oifigiúil nó a theangacha oifigiúla, ach ní fhéadfaidh sé a cheangal go ndéanfar aon chuid eile den réamheolaire a aistriú.

Chun críche an ghrinnscrúdaithe agus an fhormheasa a dhéanann údarás inniúil an Bhallstáit baile, tarraingeofar suas an réamheolaire i dteanga a nglacann an t-údarás sin léi nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, de rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála.

3. I gcás ina ndéantar tairiscint don phobal nó ina n-iarrtar urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i níos mó ná Ballstát amháin, an Ballstát baile san áireamh, tarraingeofar suas an réamheolaire i dteanga a nglacann údarás inniúil an Bhallstáit baile léi agus cuirfear ar fáil freisin é i dteanga a nglacann gach ceann d'údaráis inniúla na mBallstát aíochta léi nó i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, de rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála.

   Féadfaidh údarás inniúil gach Ballstáit aíochta a cheangal go ndéanfar an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 7 a aistriú go dtí a theanga oifigiúil nó a theangacha oifigiúla, ach ní fhéadfaidh sé a cheangal go ndéanfar aon chuid eile den réamheolaire a aistriú.

4. Tarraingeofar suas téarmaí críochnaitheacha agus achoimre gach eisiúna ar leith sa teanga chéanna inar tarraingíodh suas an réamheolaire bunaidh formheasta.

   Nuair a chuirfear na téarmaí críochnaitheacha in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit aíochta nó, i gcás ina bhfuil níos mó ná Ballstát aíochta amháin ann, d'údaráis inniúla na mBallstát aíochta, beidh na téarmaí críochnaitheacha agus achoimre na heisiúna ar leith atá i gceangal leo, faoi réir na gceanglas teanga dá dtagraítear san Airteagal seo.

CAIBIDIL VI
SAINRIALACHA I NDÁIL LE HEISITHEOIRÍ ATÁ BUNAITHE I DTRÍÚ TÍORTHA

Airteagal 26
Urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála faoi réamheolaire arna tharraingt suas i gcomhréir leis an Rialachán seo

1. Eisitheoir i dtríú tír a bhfuil sé beartaithe aige urrúis a thairiscint don phobal san Aontas nó a iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas faoi réamheolaire arna tharraingt suas i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh air formheas an réamheolaire a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 19, ó údarás inniúil an Bhallstáit baile, de réir mar a leagtar síos i bpointe (iii) d'Airteagal (2)(1)(m). Beidh an réamheolaire agus an t-eisitheoir i dtríú tír faoi réir fhorálacha uile an Rialacháin seo faoi mhaoirseacht údarás inniúil an Bhallstáit baile.

2. Déanfaidh an t-eisitheoir i dtríú tír ionadaí atá bunaithe ina Bhallstát baile a ainmniú, ar bhonn údarúcháin, as measc na n-eintiteas atá faoi réir chreat rialála an Aontais Eorpaigh maidir le seirbhísí airgeadais agus faoi mhaoirsiú an chreata sin. Tabharfaidh an t-eisitheoir i dtríú tír fógra don údarás inniúil i dtaobh chéannacht agus shonraí teagmhála a ionadaí.

3. Feidhmeoidh an t-ionadaí sin mar phointe teagmhála an eisitheora sin san Aontas chun críocha an Rialacháin seo, agus is tríd a dhéanfar comhfhreagras oifigiúil leis an údarás inniúil. Beidh an t-ionadaí, in éineacht leis an eisitheoir i dtríú tír, freagrach d'údarás inniúil an Bhallstáit baile as a áirithiú go gcomhlíonann an réamheolaire ceanglais an Rialacháin seo, i gcomhréir le Caibidil VII agus Caibidil VIII den Rialachán seo.

Airteagal 27

Urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála faoi réamheolaire arna tharraingt suas i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit baile eisitheora i dtríú tír réamheolaire arna tharraingt suas i gcomhréir le, agus faoi réir, reachtaíocht náisiúnta an eisitheora sin, a fhormheas maidir le hurrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, i gcás ina bhfuil na ceanglais faisnéise a fhorchuirtear le reachtaíocht an tríú tír sin coibhéiseach leis na ceanglais faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina ndéanann eisitheoir i dtríú tír urrúis a thairiscint don phobal nó a ligeann isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, i mBallstát seachas an Ballstát baile, beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 23, Airteagal 24 agus Airteagal 25.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 chun critéir coibhéise ghinearálta a leagan síos bunaithe ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6, Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 13.

   Ar bhonn na gcritéar thuasluaite, féadfaidh an Coimisiún bearta cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43, á lua go n-áirithíonn an tríú tír go bhfuil na réamheolairí arna dtarraingt suas sa tír sin coibhéiseach leis an Rialachán de bharr dhlí náisiúnta na tíre sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 43(2).

Airteagal 28

Comhar le tríú tíortha

1. Chun críche Airteagal 27 agus, i gcás ina meastar gur gá, chun críche Airteagal 26, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát socruithe comhair le húdaráis maoirseachta tríú tíortha maidir le faisnéis a mhalartú le húdaráis maoirseachta i dtríú tíortha agus maidir le hoibleagáidí a thig faoin Rialachán seo a fhorfheidhmiú i dtríú tíortha. Áiritheofar leis na socruithe comhair seo malartú éifeachtúil faisnéise, ar a laghad, lena ligfear do na húdaráis inniúla a ndualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

   Déanfaidh údarás inniúil ÚEUM agus na húdaráis inniúla eile a chur ar an eolas i gcás ina mbeartaíonn sé socrú den sórt sin a dhéanamh.

2. Chun críche Airteagal 27 agus, i gcás ina meastar gur gá, chun críche Airteagal 26, éascóidh agus comhordóidh ÚEUM socruithe comhair idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis maoirseachta ábhartha i dtríú tíortha a cheapadh.

   Chun comhchuibhiú comhsheasmach an Airteagail seo a áirithiú, ceapfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina mbeidh dréachtdoiciméad maidir le socruithe comhair atá le húsáid, i gcás inar féidir, ag údaráis inniúla na mBallstát.

   Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

   Éascóidh agus comhordóidh ÚEUM freisin, más gá, an fhaisnéis a fhaightear ó údaráis maoirseachta i dtríú tíortha a mhalartú idir na húdaráis inniúla, faisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le bearta a dhéanamh faoi Airteagal 36 agus Airteagal 37.

3. Ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla socruithe comhair maidir le faisnéis a mhalartú le húdaráis maoirseachta tríú tíortha ach amháin i gcás ina bhfuil an fhaisnéis a nochtfar faoi réir ráthaíochtaí rúndachta gairmiúla atá comhionann ar a laghad leis na ráthaíochtaí sin atá leagtha amach in Airteagal 33. Ní mór malartú faisnéise den sórt sin a bheith beartaithe chun cúraimí na n-údarás inniúil sin a chur i gcrích.

CAIBIDIL VII
ÚEUM AGUS ÚDARÁIS INNIÚLA

Airteagal 29
Údaráis inniúla

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil riaracháin amháin a bheidh freagrach as na dualgais a thig ón Rialachán seo a chomhlíonadh agus a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na forálacha a ghlactar de bhun an Rialacháin seo. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún, ÚEUM agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin méid sin.

   Beidh an t-údarás inniúil neamhspleách go hiomlán ar na gníomhaithe eile sa mhargadh.

2. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú dá n-údarás inniúil a gcúraimí a tharmligean maidir le réamheolairí formheasta a fhoilsiú ar an Idirlíon.

   Má chinntear cúraimí a tharmligean chuig eintitis, déanfar é le cinneadh sonrach ina mbeidh luaite na cúraimí atáthar le cur i gcrích agus na coinníollacha faoina ndéanfar sin, agus ina mbeidh clásal faoina gcuirfear d'oibleagáid ar an eintiteas sin gníomhú agus a bheith eagraithe chun go seachnófar coinbhleachtaí leasa agus nach mbainfear úsáid mhíchothrom as an bhfaisnéis a fhaightear le linn do na cúraimí tarmligthe a bheith á gcur i gcrích agus nach gcuirfear cosc ar iomaíocht. Sonrófar le cinneadh den chineál sin na socruithe go léir a dhéanann an t-údarás inniúil agus an t-eintiteas a dtarmligtear cúraimí chuige.

   Is ar an údarás inniúil atá ainmnithe i gcomhréir le mír 1 a bheidh an fhreagracht chríochnaitheach maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo a mhaoirsiú agus réamheolairí a fhormheas.

   Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún, ÚEUM agus na húdaráis inniúla sna Ballstáit eile ar an eolas faoin gcinneadh dá dtagraítear i bhfomhír 2, agus na coinníollacha mionsonraithe faoina rialaítear an tarmligean sin.

3. Beidh mír 1 agus mír 2 gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfaidh Ballstát socruithe dlíthiúla agus riaracháin ar leithligh do chríocha Eorpacha thar lear a bhfuil an Ballstát sin freagrach as a gcaidreamh seachtrach.

Airteagal 30
Cumhachtaí údarás inniúil

1. Ar mhaithe lena ndualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe seo a leanas ar a laghad ag údaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:

   (a) ceangal a chur ar eisitheoirí, tairgeoirí nó daoine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte faisnéis fhorlíontach a chur sa réamheolaire, más gá chun infheisteoirí a chosaint;

(b) ceangal a chur ar eisitheoirí, tairgeoirí nó daoine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus na daoine a rialaíonn iad nó a rialaíonn siad, doiciméid agus faisnéis a chur ar fáil;

(c) ceangal a chur ar iniúchóirí agus bainisteoirí an eisitheora, an tairgeora nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus ar idirghabhálaithe airgeadais arna gcoimisiúnú chun urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála, faisnéis a sholáthar;

(d) tairiscint don phobal nó cead urrúis a ligean isteach chun a dtrádála a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach mó na 10 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a bheith in amhras go bhfuil sárú déanta ar fhorálacha an Rialacháin seo;

(e) fógraíochtaí a thoirmeasc nó a chur ar fionraí nó ceangal a chur ar eisitheoirí, tairgeoirí nó daoine a iarrann cead urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, nó ar idirghabhálaithe airgeadais ábhartha scor d'fhógraíochtaí nó iad a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach mó na 10 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a bheith in amhras go bhfuil sárú déanta ar fhorálacha an Rialacháin seo;

(f) tairiscint don phobal a thoirmeasc i gcás ina gcinneann siad go bhfuil sárú déanta ar an Rialachán seo nó i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a bheith in amhras go bhféadfaí go mbeadh sárú ann;

(g) margaí rialáilte ábhartha a chur ar fionraí nó ceangal a chur orthu trádáil ar mhargadh rialáilte a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach mó na 10 lá oibre as a chéile ar aon ócáid ar leithligh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a bheith in amhras go bhfuil sárú déanta ar fhorálacha an Rialacháin seo;

(h) trádáil ar mhargadh rialáilte a thoirmeasc nuair a chinneann siad go bhfuil sárú déanta ar fhorálacha an Rialacháin seo;

(i) i gcás ina bhfuil eisitheoir, tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ag mainneachtain a oibleagáidí a comhlíonadh;

(j) an t-iniúchadh ar réamheolaire atá curtha isteach lena fhormheas a chur ar fionraí nó tairiscint don phobal nó cead urrúis a ligean isteach chun a dtrádála a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil an t-údarás inniúil ag feidhmiú na gcumhachtaí atá aige toirmeasc nó srian a fhorfheidhmiú de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], go dtí go mbeidh deireadh leis an toirmeasc nó an srian sin;

(k) formheas a dhiúltú maidir le réamheolaire ar bith arna tharraingt suas ag eisitheoir áirithe, tairgeoir nó duine atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun trádála go ceann uastréimhse cúig bliana, i gcás ina ndearna an t-eisitheoir, tairgeoir nó an duine sin atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach chun trádála sáruithe tromchúiseacha arís agus arís eile ar fhorálacha an Rialacháin seo;

(l) gach faisnéis ábhartha, a bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith aici ar mheasúnú na n-urrús a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte a nochtadh, nó ceangal a chur ar an eisitheoir í a nochtadh, d'fhonn cosaint an infheisteora nó oibriú rianúil an mhargaidh a áirithiú;

[26] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

(m) urrúis a chur ar fionraí nó ceangal a chur ar an margadh rialáilte ábhartha sin trádáil na n-urrús a chur ar fionraí i gcás ina measann sé go mbeadh cás an eisitheora díobhálach do leasanna infheisteoirí;

(n) cigireachtaí agus imscrúduithe ar an láthair a dhéanamh ag láithreacha seachas áitribh phríobháideacha daoine nádúrtha, agus chun na críche seo dul isteach in áitreabh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha chun rochtain a fháil ar dhoiciméid nó sonraí eile i bhfoirm ar bith, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann go bhféadfadh doiciméid agus sonraí eile a bhaineann le hábhar na cigireachta nó an imscrúduithe a bheith ábhartha chun sárú ar an Rialachán a chruthú.

I gcás inar gá faoin dlí náisiúnta, féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh ar an údarás breithiúnach cinneadh a dhéanamh faoi úsáid na gcumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, beidh ÚEUM i dteideal páirt a ghlacadh i gcigireachtaí ar a láthair dá dtagraítear i bpointe (n) i gcás ina ndéanann dhá údarás inniúla nó níos mó cigireacht chomhpháirteach.

2. Feidhmeoidh údaráis inniúla a bhfeidhmeanna agus a gcumhachtaí, dá dtagraítear i mír 1, in aon cheann de na slite seo a leanas:

(a) go díreach;

(b) i gcomhar le húdaráis eile;

(c) trína bhfhreagracht a tharmligean d'údaráis den chineál sin;

(d) trí iarratas a chur chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bearta iomchuí i bhfeidhm ionas go mbeidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe ar fad a theastaíonn uathu ag údaráis inniúla chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

4. Maidir le duine a chuireann faisnéis ar fáil don údarás inniúil i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní mheasfar go mbeidh aon srian sáraithe aige/aici maidir le nochtadh faisnéise arna fhorchur ag an gconradh sin nó ag aon fhoráil reachtach, rialála nó riaracháin agus ní bheidh an duine a thugann fógra faoin méid sin faoi dhliteanas ar bith maidir leis an bhfógra sin.

5. Beidh mír 1, mír 2 agus mír 3 gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfaidh Ballstát socruithe dlíthiúla agus riaracháin ar leithligh i gcomhair críoch Eorpach thar lear a bhfuil an Ballstát sin freagrach as a gcaidreamh seachtrach.

Airteagal 31
Comhar idir údaráis inniúla

1. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla lena chéile agus le hÚEUM chun críocha an Rialacháin seo. Malartóidh siad faisnéis, gan aon mhoill mhíchuí, agus comhoibreoidh siad i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe, maoirseachta agus forghníomhaithe.

I gcás inar roghnaigh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 36, smachtbhannaí coiriúla a leagan síos le haghaidh sáruithe fhorálacha an Rialacháin seo, áiritheoidh siad go mbeidh na bearta iomchuí i bhfeidhm ionas go mbeidh na cumhachtaí riachtanacha ag na húdaráis inniúla comhoibriú leis na húdaráis bhreithiúnacha ina ndlínse chun an fhaisnéis shonrach a fháil maidir le himscrúduithe coiriúla nó imeachtaí a tionscnaíodh i gcás sáruithe féideartha ar an Rialachán seo agus leis an

bhfaisnéis sin a chur ar fáil d'údaráis inniúla eile agus d'ÚEUM lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le comhoibriú lena chéile agus le hÚEUM chun críocha an Rialachán seo.

2. Féadfaidh údarás inniúil diúltú gníomhú de bhun iarratas ar fhaisnéis nó de bhun iarratas comhoibriú le himscrúdú sna himthosca eisceachtúla seo a leanas:

   (a) i gcás ina gcomhlíonfaí an iarraidh, is dóchúil go ndéanfadh sé dochar dá imscrúdú féin, dá ghníomhaíochtaí forghníomhaithe féin nó d'imscrúdú coiriúil;

   (b) i gcás ina ndearnadh imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh cheana féin i ndáil leis na gníomhaíochtaí céanna agus i gcoinne na ndaoine céanna os comhair údaráis an Bhallstáit ar díríodh an iarraidh sin chuige;

   (c) i gcás inar tugadh breithiúnas críochnaitheach cheana féin i ndáil leis na daoine sin agus ag éirí as na gníomhaíochtaí céanna sa Bhallstát ar díríodh an iarraidh chuige.

3. Déanfaidh údaráis inniúla, arna iarraidh sin orthu, aon fhaisnéis atá ag teastáil chun críche an Rialacháin seo a thabhairt gan mhoill.

4. Féadfaidh údarás inniúil cúnamh a iarraidh ar údarás inniúil i mBallstát eile i leith cigireachtaí nó imscrúduithe ar an láthair.

   Cuirfidh údarás inniúil a iarrann cúnamh ÚEUM ar an eolas faoi aon iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcás imscrúdaithe nó cigireachta a bhfuil éifeacht trasteorann leis nó léi, déanfaidh ÚEUM an t-imscrúdú nó an chigireacht a chomhordú i gcás ina n-iarrann ceann de na húdaráis inniúla air é sin a dhéanamh.

   I gcás ina bhfaigheann údarás inniúil iarraidh ó údarás inniúil Ballstáit eile cigireacht ar an láthair nó imscrúdú ar an láthair a dhéanamh, féadfaidh sé:

   (a) cigireacht nó imscrúdú ar an láthair a dhéanamh as a stuaim féin;

   (b) cead a thabhairt don údarás inniúil a chuir isteach an iarraidh páirt a ghlacadh i gcigireacht nó imscrúdú ar an láthair;

   (c) cead a thabhairt don údarás inniúil a chuir isteach an iarraidh cigireacht nó imscrúdú ar an láthair a dhéanamh as a stuaim féin;

   (d) iniúchóirí nó saineolaithe a cheapadh leis an gcigireacht nó imscrúdú ar an láthair a dhéanamh agus/nó

   (e) cúraimí ar leith a bhaineann le gníomhaíochtaí maoirseachta a roinnt leis na húdaráis inniúla eile.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla tagairt do chásanna de chuid ÚEUM i gcás ina ndiúltaítear iarraidh ar chomhar, maidir le faisnéis a mhalartú go háirithe, nó nach ndearnadh dá réir laistigh de thráth réasúnach. Gan dochar d'Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), féadfaidh ÚEUM, sna cásanna dá dtagraítear sa chéad abairt, gníomhú i gcomhréir leis an gcumhacht a thugtar dó faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

6. Féadfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cheapadh chun an t-eolas atá le malartú idir na húdaráis inniúla i gcomhréir le fomhír 1 a shonrú.

   Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

7. Féadfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a cheapadh d'fhonn foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú le haghaidh comhair agus malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa tríú fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 32
Comhar le hÚEUM

1. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla le hÚEUM chun críocha an Rialacháin seo, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla gach faisnéis a bhfuil gá ag ÚEUM léi chun a chuid dualgas a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, a thabhairt dó gan mhoill.

3. D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha cur i bhfeidhm a áirithiú i leith an Airteagail seo, féadfaidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a cheapadh chun na nósanna imeachta agus foirmeacha maidir le malartú faisnéise dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 33
Rúndacht ghairmiúil

1. Measfar go bhfuil gach faisnéis a dhéantar a mhalartú idir na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo a bhaineann le dálaí gnó nó oibríochtúla agus le gnóthaí eacnamaíocha nó pearsanta eile ina faisnéis a thugtar faoi rún agus beidh sí faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ina sonraíonn an t-údarás inniúil tráth na cumarsáide gur féidir an fhaisnéis sin a nochtadh nó go bhfuil gá le nochtadh den sórt sin i gcomhair imeachtaí dlíthiúla.

2. Beidh feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir leis na daoine ar fad a oibríonn nó a d'oibrigh leis an údarás inniúil nó le heintiteas ar bith a ndearna an t-údarás inniúil a chumhachtaí a tharmligean chuige. Ní fhéadfar faisnéis atá cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil a nochtadh le duine nó le húdarás ar bith eile seachas de bhua forálacha atá leagtha síos le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 34
Cosaint sonraí

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, cuirfidh údaráis inniúla a gcuid cúraimí i gcrích chun críocha an Rialacháin seo i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta, na rialacháin náisiúnta nó na forálacha riaracháin náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 95/46/CE.

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag ÚEUM faoi chuimsiú an Rialacháin seo, comhlíonfaidh ÚEUM forálacha Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

Airteagal 35
Bearta réamhchúraim

1. I gcás ina gcinneann údarás inniúil an Bhallstáit aíochta go bhfuil neamhrialtachtaí déanta ag an eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála nó ag na hinstitiúidí airgeadais atá i gceannas ar an tairiscint don phobal nó go bhfuil sárú déanta ag na daoine sin ar a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, cuirfidh sé údarás inniúil an Bhallstáit baile agus ÚEUM ar an eolas faoi sin.

2. Más rud é, d'ainneoin na mbeart arna ndéanamh ag údarás inniúil an Bhallstáit baile, go leanann an t-eisitheoir, an tairgeoir, nó an duine a iarrann urrúis a ligean isteach chun a dtrádála nó na hinstitiúidí airgeadais atá i gceannas ar an tairiscint don phobal, go leanann siad de bheith ag sárú forálacha ábhartha an Rialacháin seo, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aíochta, tar éis dó údarás inniúil an Bhallstáit baile agus ÚEUM a chur ar an eolas, gach beart iomchuí chun infheisteoirí a chosaint agus cuirfidh sé an Coimisiún agus ÚEUM ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí.

3. Féadfaidh ÚEUM, i gcásanna dá dtagraítear sa dara mír, gníomhú i gcomhréir leis an gcumhacht a thugtar dó faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

CAIBIDIL VIII
BEARTA AGUS SMACHTBHANNAÍ RIARACHÁIN

Airteagal 36
Bearta agus smachtbhannaí riaracháin

1. Gan dochar do chumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheachta údarás inniúil faoi Airteagal 30 ná do cheart na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí coiriúla agus le forchur na smachtbhannaí sin, déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, foráil go dtabharfar cumhacht d'údaráis inniúla chun bearta riaracháin iomchuí a dhéanamh, agus smachtbhannaí riaracháin a fhorchur, maidir leis na sáruithe seo a leanas ar a laghad:

   (a) sáruithe ar Airteagal 3, Airteagal 5, Airteagal 6, Airteagal 7(1) go (10), Airteagal 8, Airteagal 9(1) go (13), Airteagal 10, Airteagal 11(1) agus (3), Airteagal 12, Airteagal 14(2), Airteagal 15(1) agus (2), Airteagal 16(1), Airteagal 17(1) agus (3), Airteagal 18(1) go (3), Airteagal 19(1), Airteagal 20(1) go (4) agus (7) go (10), Airteagal 21(2) go (4), Airteagal 22 (1), (2) agus (4), agus Airteagal 25 den Rialachán seo;

   (b) mainneachtain ó thaobh comhair nó comhlíonta de i ndáil le himscrúdú, nó cigireacht nó le hiarraidh a chumhdaítear le hAirteagal 30.

   Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan rialacha a leagan síos maidir leis na smachtbhannaí riaracháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcás ina bhfuil na sáruithe dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) den chéad fhomhír sin faoi réir smachtbhannaí coiriúla cheana féin faoina ndlí náisiúnta faoin [*cuirtear isteach dáta a bheidh ann 12 mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm*]. I gcás ina gcinneann siad amhlaidh, cuirfidh na Ballstáit na codanna ábhartha dá ndlí coiriúil in iúl, go mionsonraithe, don Choimisiún agus d'ÚEUM.

   Faoin [*cuirtear isteach dáta a bheidh ann 12 mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm*], tabharfaidh na Ballstáit fógra mionsonraithe don Choimisiún agus d'ÚEUM maidir leis na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír.

Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus d'ÚEUM gan mhoill maidir le haon leasú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go mbeidh sé de chumhacht ag údaráis inniúla na smachtbhannaí agus na bearta riaracháin seo a leanas ar a laghad a fhorchur i ndáil le sáruithe a liostaítear i bpointe (a) de mhír 1:

   (a) ráiteas poiblí ina gcuirtear in iúl an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlítheanach is cúis leis an sárú agus cineál an tsáraithe;

   (b) ordú lena gceanglaítear ar an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlítheanach is cúis leis an sárú scor den iompraíocht arb ionann í agus an sárú;

   (c) smachtbhannaí riaracháin airgid uasta ar luach a dhá oiread ar a laghad de mhéid na mbrabús a gnóthaíodh nó na gcaillteanas a seachnaíodh mar gheall ar an sárú, i gcás inar féidir sin a chinneadh;

   (d) i gcás duine dlítheanach, smachtbhannaí riaracháin airgid uasta ar luach EUR 5 000 000 ar a laghad nó, i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta an [*cuirtear isteach dáta teacht i bhfeidhm* an Rialacháin], nó 3 % de láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh sin de réir na ráiteas airgeadais deireanach atá ar fáil a d'fhormheas an comhlacht bainistíochta.

   I gcás inar máthairghnóthas nó fochuideachta de chuid máthairghnóthais an duine dlítheanach a bhfuil sé de cheangal air cuntais airgeadais chomhdhlúite a ullmhú de réir Threoir 2013/34/AE, is éard a bheidh sa láimhdeachas bliantúil iomlán ábhartha an láimhdeachas bliantúil iomlán nó an cineál ioncaim comhfhreagrach i gcomhréir le gníomhartha reachtacha ábhartha an Aontais i réimse na cuntasaíochta de réir na gcuntas comhdhlúite is déanaí atá ar fáil a d'fhormheas comhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais bhunaidh.

   (e) i gcás duine nádúrtha, smachtbhannaí riaracháin airgid uasta ar luach EUR 700 000 ar a laghad nó, i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta an [*cuirtear isteach dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin*].

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar don fhéidearthacht go mbeadh na Ballstáit in ann foráil a dhéanamh do smachtbhannaí breise nó do bhearta breise agus d'fhíneálacha riaracháin a bheadh ar leibhéil níos airde ná iad sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

Airteagal 37

Cumhachtaí maoirseachta agus cumhachtaí forchurtha smachtbhannaí a fheidhmiú

1. Agus cineál agus leibhéal na smachtbhannaí agus na mbeart riaracháin á sainiú acu, cuirfidh údaráis inniúla na cúinsí ábhartha go léir san áireamh, lena n-áirítear, más iomchuí, na nithe seo a leanas:

   (a) tromchúis agus fad an tsáraithe;

   (b) an méid atá an duine is cúis leis an sárú ciontach as an sárú;

   (c) acmhainn airgeadais an duine is cúis leis an sárú, de réir mar a léiríonn láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh is cúis leis nó ioncam bliantúil agus glansócmhainní an duine nádúrtha is cúis leis;

   (d) an tionchar atá ag an sárú ar leasanna infheisteoirí miondíola;

(e) méid na mbrabús a ghnóthaigh an duine is cúis leis an sárú, nó méid na gcaillteanas a sheachain an duine is cúis leis, nó méid na gcaillteanas a thagann as an sárú do thríú páirtithe, a mhéid is féidir iad a chinneadh;

(f) a mhéid atá an duine is cúis leis an sárú ag comhoibriú leis an údarás inniúil, gan dochar don ghá aisíoc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin nó aisíoc na gcaillteanas a sheachain sé a áirithiú;

(g) sáruithe roimhe sin ag an duine is cúis leis an sárú;

(h) bearta a rinne an duine is cúis leis an sárú, i ndiaidh an tsáraithe, chun athdhéanamh an tsáraithe a chosc.

2. I bhfeidhmiú a gcumhachtaí smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin eile a fhorchur faoi Airteagal 36, comhoibreoidh údaráis inniúla go dlúth lena áirithiú go mbeidh feidhmiú na gcumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheachta agus na smachtbhannaí agus na bearta eile riaracháin a fhorchuirfidh siad éifeachtach agus iomchuí faoin Rialachán seo. Comhordóidh siad a ngníomhaíocht chun dúbailt agus forluí a sheachaint nuair a bheidh a gcumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheachta á bhfeidhmiú acu agus nuair a bheidh smachtbhannaí agus bearta riaracháin á bhforchur acu i leith cásanna trasteorann.

Airteagal 38
Ceart achomhairc

Deimhneoidh na Ballstáit go mbeidh cinntí a dhéanfar faoi choinníollacha an Rialacháin seo cuí-réasúnaithe agus go mbeidh siad faoi réir ceart achomhairc os comhair binse.

Airteagal 39
Sáruithe a thuairisciú

1. Bunóidh na húdaráis inniúla sásraí éifeachtacha ionas go spreagfar agus go gcuirfear ar chumas daoine aon sárú iarbhír ar an Rialachán seo, nó aon sárú a d'fhéadfadh a bheith ann, a thuairisciú dóibh.

2. Beidh an méid a leanas ar a laghad ina chuid de na sásraí dá dtagraítear i mír 1:

(a) nósanna imeachta sainiúla maidir le fáil na dtuairiscí ar sháruithe iarbhír nó féideartha agus gníomhaíochtaí leantacha ina leith, lena n-áirítear cainéil shlána cumarsáide a bhunú i leith na dtuairiscí sin;

(b) cosaint iomchuí, ar a laghad, ar fhrithbheartaíocht, idirdhealú agus cóir neamhchothrom de chineálacha eile a dhéanfadh fostóirí nó tríú páirtithe a thabhairt do na fostaithe sin atá ar conradh fostaíochta agus a thuairiscíonn sáruithe;

(c) cosaint a thabhairt do chéannacht agus do shonraí pearsanta an duine a thuairiscíonn na sáruithe agus an duine nádúrtha a líomhnaítear gurb é is cúis leis an sárú agus an chosaint a thabhairt le linn gach céim den nós imeachta ach amháin más gá sin a nochtadh faoin dlí náisiúnta i gcomhthéacs imscrúdú breise nó nósanna imeachta breithiúnacha ina dhiaidh sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go dtabharfar dreasachtaí airgeadais do dhaoine a thairgeann faisnéis ábhartha maidir le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Rialachán seo, ar dreasachtaí iad atá le deonú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i gcás nach ann do dhualgais dhlíthiúla nó chonarthacha eile ar na daoine sin cheana féin an

fhaisnéis sin a thuairisciú, agus ar choinníoll gur faisnéis nua atá i gceist, agus go mbeidh forchur smachtbhanna riaracháin nó choiriúil nó glacadh birt riaracháin eile i leith shárú an Rialacháin seo mar thoradh uirthi.

4. Cuirfidh na Ballstáit ceangal ar fhostóirí a thugann faoi ghníomhaíochtaí atá rialaithe ar mhaithe le cuspóirí seirbhísí airgeadais, nósanna imeachtaí cuí a chur ar bun ionas go mbeidh a bhfostaithe in ann sáruithe iarbhír nó féideartha a thuairisciú go hinmheánach trí chainéal sonrach neamhspleách féinrialaithe.

Airteagal 40
Cinntí a fhoilsiú

1. Má dhéanann údaráis inniúla cinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna nó beart riaracháin de thoradh sárú ar an Rialachán seo, foilseoidh siad é ar a suíomh gréasáin oifigiúil díreach tar éis don fhógra bheith tugtha don duine ar ar forchuireadh an smachtbhanna. Áireofar ar a laghad san fhaisnéis a fhoilseofar faisnéis maidir le cineál an tsáraithe, mar aon le céannacht na ndaoine is cúis leis an sárú. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le cinntí lena gcuirtear bearta de chineál imscrúdaitheach chun feidhme.

2. Má mheasann an t-údarás inniúil go bhfuil foilsiú chéannacht na n-eintiteas dlítheanach, nó chéannacht nó shonraí pearsanta daoine nádúrtha, míréireach, mar gheall ar mheasúnú cás ar chás a rinneadh maidir le comhréireacht fhoilsiú na sonraí sin nó dá gcuirfeadh foilsiú den sórt sin cobhsaíocht na margaí airgeadais nó aon imscrúdú atá ar siúl ag an am sin i mbaol, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla ceann de na nithe seo a leanas:

   (a) cuirfidh siad moill ar fhoilsiú an chinnidh chun smachtbhanna nó beart a fhorchur go dtí go dtagann deireadh le cúiseanna a neamhfhoilsithe;

   (b) an cinneadh smachtbhanna nó beart a fhorchur a fhoilsiú ar bhonn anaithnid, ar bhealach atá i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, má áirithítear le foilsiú anaithnid dá leithéid cosaint éifeachtach ar na sonraí pearsanta lena mbaineann; I gcás cinneadh smachtbhanna nó beart a fhoilsiú ar bhonn anaithnid, féadfar foilsiú na sonraí ábhartha a chur ar fionraí ar feadh tréimhse réasúnta ama i gcás ina bhforáiltear go gcuirfear deireadh leis na cúiseanna atá leis an bhfoilsiú anaithnid le linn na tréimhse sin;

   (c) ní fhoilseoidh siad an cinneadh maidir le smachtbhanna nó beart a fhorchur i gcás ina meastar nach leor iad na roghanna a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) den fhomhír seo chun an méid a leanas a áirithiú:

      (i) nach gcuirfí cobhsaíocht na margaí airgeadais i mbaol;

      (ii) comhréireacht fhoilsiú na gcinntí sin maidir le bearta a mheastar a bheith gan mórán tábhachta.

3. I gcás ina bhfuil an cinneadh smachtbhanna nó beart a fhorchur faoi réir achomhairc os comhair na n-údarás breithiúnach ábhartha nó údarás eile, déanfaidh údaráis inniúla faisnéis dá leithéid, agus aon fhaisnéis eile maidir leis an toradh ar an achomharc sin, a fhoilsiú láithreach, ar a suíomh gréasáin oifigiúil. Thairis sin, foilseofar freisin aon chinneadh lena gcuirtear ar neamhní cinneadh a rinneadh roimhe sin maidir le smachtbhanna nó beart a fhorchur.

4. Áiritheoidh údaráis inniúla go bhfanfaidh aon fhoilseachán, atá i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar a suíomh gréasáin ar feadh tréimhse nach giorra ná cúig bliana i

ndiaidh a fhoilsithe. Ní choimeádfar sonraí pearsanta atá san fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil an údaráis inniúil ach don tréimhse atá riachtanach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí

Airteagal 41
Smachtbhannaí a thuairisciú d'ÚEUM

1. Tabharfaidh an t-údarás inniúil, ar bhonn bliantúil, faisnéis chomhiomlán d'ÚEUM maidir leis na smachtbhannaí riaracháin nó na bearta riaracháin go léir atá forchurtha acu i gcomhréir le hAirteagal 36. Déanfaidh ÚEUM an fhaisnéis sin a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil.

   I gcás inar roghnaigh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 36(1), smachtbhannaí coiriúla a leagan síos i leith sáruithe ar na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 36(1), déanfaidh a n-údarás inniúil sonraí comhiomlánaithe anaithnide a chur ar fáil d'ÚEUM, ar bhonn bliantúil, maidir leis na himscrúduithe coiriúla uile a rinneadh agus na smachtbhannaí coiriúla uile a forchuireadh. Déanfaidh ÚEUM sonraí maidir leis na smachtbhannaí coiriúla a forchuireadh a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil.

2. I gcás ina bpoiblíonn an t-údarás inniúil smachtbhannaí riaracháin nó coiriúla nó bearta riaracháin eile, déanfaidh sé na smachtbhannaí nó na bearta riaracháin sin a thuairisciú, an tráth céanna, d'ÚEUM.

3. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚEUM ar an eolas faoi na smachtbhannaí nó bearta riaracháin uile a forchuireadh ach nár foilsíodh i gcomhréir le hAirteagal 40(2)(c), lena n-áirítear aon achomharc i ndáil leo sin agus an toradh a bhí orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh na húdaráis inniúla faisnéis agus an breithiúnas críochnaitheach i ndáil le haon smachtbhanna coiriúil a forchuireadh agus go gcuirfear an méid sin faoi bhráid ÚEUM. Chun faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla agus chun na críche sin amháin, coinneoidh ÚEUM bunachar lárnach sonraí de na smachtbhannaí a cuireadh in iúl dó. Is iad na húdaráis inniúla amháin a mbeidh rochtain acu ar an mbunachar sonraí seo agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn na faisnéise a chuireann na húdaráis inniúla ar fáil.

CAIBIDIL IX
GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 42
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. An tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(5) agus (6), Airteagal 2(2), Airteagal 9(14), Airteagal 13(1) agus (2), Airteagal 14(3), Airteagal 15(3), Airteagal 17(5), Airteagal 19(10), Airteagal 21(6) agus Airteagal 27(3), déanfar é a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse éiginnte ón [*cuirtear isteach dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(5) agus (6), Airteagal 2(2), Airteagal 9(14), Airteagal 13(1) agus (2), Airteagal 14(3), Airteagal 15(3), Airteagal 17(5), Airteagal 19(10), Airteagal 21(6) agus Airteagal 27(3) a chúlghairm tráth ar bith. Má chinntear cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa

chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 1(5) agus (6), Airteagal 2(2), Airteagal 9(14), Airteagal 13(1) agus (2), Airteagal 14(3), Airteagal 15(3), Airteagal 17(5), Airteagal 19(10), Airteagal 21(6) agus Airteagal (27)(3) i bhfeidhm ach i gcás nár chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse trí mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó, i gcás inar chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún roimh dhul in éag don tréimhse sin, nach gcuirfidh siad i gcoinne an ghnímh. Cuirfear síneadh trí mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 43
An nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste Eorpach um Urrúis, arna bhunú le Cinneadh 2001/528/CE[27] ón gCoimisiún, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL X
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 44
Aisghairm

1. Aisghairtear Treoir 2003/71/CE le héifeacht ón [cuirtear isteach dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. Déanfar na tagairtí do Threoir 2003/71/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Leanfaidh an tagairt don tríú fomhír agus don cheathrú fomhír d'Airteagal 4(1) de Threoir 2003/71/CE sa dara fomhír de phointe (a) d'Airteagal 25(4) de Threoir 2014/65/AE d'fheidhm a bheith aici d'fhonn coincheap an mhargaidh choibhéisigh i dtríú tír a shainmhíniú faoi Threoir 2014/65/AE.

4. Réamheolairí a formheasadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2003/71/CE roimh an [*cuirtear isteach dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], leanfaidh siad de bheith faoi réir an dlí náisiúnta sin go dtí deireadh a dtréimhse bailíochta, nó go dtí go mbeidh dhá mhí dhéag caite tar éis an [*cuirtear isteach dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cibé acu is túisce a tharlóidh.

[27] Cinneadh 2001/528/CE ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2001 lena mbunaítear an Coiste Eorpach um Urrúis (IO L 191, 13.7.2001, lch. 45).

Airteagal 45
Tuarascáil ÚEUM ar réamheolairí

1. De bhun na ndoiciméad arna bhfoilsiú tríd an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 20(6), déanfaidh ÚEUM tuarascáil a fhoilsiú, gach bliain, ina mbeidh mionsonraí na réamheolairí atá formheasta agus a bhfuil fógra tugtha fúthu san Aontas agus anailís ar threochtaí ina gcuirtear san áireamh na cineálacha eisitheoirí, FBManna go háirithe, agus na cineálacha eisiúintí, comaoineacha tairisceana go háirithe, an cineál urrús inaistrithe, an cineál ionaid trádála agus ainmníochta.

2. Beidh an méid seo go háirithe sa tuarascáil:

   (a) anailís ar an méid úsáide a bhaintear, ar fud an Aontais, as na córais nochta atá leagtha amach in Airteagal 14 agus Airteagal 15 agus as an doiciméad clárúcháin uilíoch atá leagtha amach in Airteagal 9;

   (b) mionsonraí na réamheolairí bunaidh agus na dtéarmaí críochnaitheacha, agus mionsonraí réamheolairí a tarraingíodh suas mar dhoiciméid ar leithligh nó mar dhoiciméad amháin;

   (c) mionsonraí na meánmhéideanna agus na méideanna iomlána a tiomsaíodh trí bhíthin tairiscint urrús don phobal faoi réir an Rialacháin seo, ag cuideachtaí neamhliostaithe, cuideachtaí a bhfuil a n-urrúis a thrádáil ar shaoráidí trádála iltaobhacha, lena n-áirítear margaí fáis na FBManna, agus cuideachtaí a bhfuil a n-urrúis ligthe isteach chun a dtrádála ar mhargaí rialáilte. I gcás inarb infheidhme, úsáidfear na mionsonraí sin chun miondealú a dhéanamh idir na chéad tairiscintí don phobal agus tairiscintí ina dhiaidh sin, agus idir urrúis chothromais agus urrúis neamhchothromais.

Airteagal 46
Athbhreithniú

Faoi cheann an [*cuirtear isteach dáta a bheidh ann 5 bliana tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm*], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach.

Measúnófar sa tuarascáil, *inter alia*, an iomchuí i gcónaí, i bhfianaise na gcuspóirí atá á gcur i gcrích, achoimre an réamheolaire, na córais nochta atá leagtha amach in Airteagal 14 agus Airteagal 15 agus an doiciméad clárúcháin uilíoch atá leagtha amach in Airteagal 9. Déanfar torthaí an athbhreithnithe piaraí dá dtagraítear in Airteagal 19(12) a chur san áireamh sa tuarascáil.

Airteagal 47
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón [cuirtear isteach dáta a bheidh ann 12 mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm].

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun Airteagail 11, 19(8), 29, 30, 36, 37, 38, 39, 40 agus 41 a chomhlíonadh faoi cheann an [*cuirtear isteach dáta a bheidh ann 12 mhí tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1 LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1 Teideal an togra/tionscnaimh

1.2 Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3 An cineál togra/tionscnaimh

1.4 Cuspóirí

1.5 Foras an togra/tionscnaimh

1.6 Fad agus tionchar airgeadais

1.7 Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2 BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1 Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2 Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3 Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3 AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1 Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2 An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3 An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh "Rialachán XXX/XX/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xx/xx/xx maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála"

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[28]

Réimse beartais: […]

Gníomhaíocht: […]

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[29]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Is cuid thábhachtach de thionscnamh Aontas na Margaí Caipitil an tionscnamh seo. Tá sé d'aidhm ag an togra seo go háirithe:

(1) ilroinnt sna margaí airgeadais a laghdú

(2) feabhas a chur ar an gcosaint a dhéantar ar infheisteoirí sna margaí caipitil.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Cuspóir sonrach Uimh.

Na torthaí ba cheart a bheith ar na bearta:

(i) laghdú a theacht ar an ualach riaracháin a bhíonn ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar eisitheoirí rialta urrús nuair a bhíonn orthu réamheolairí a tharraingt suas;

(ii) feabhas a theacht ar a úsáidí atá réamheolairí mar fhoinsí eolais ag infheisteoirí féideartha;

(iii) réamheolaire an Aontais Eorpaigh a thabhairt i gcomhréir níos dlúithe le rialacha an Aontais maidir le nochtadh.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

[28] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

[29] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

1 An t-ualach riaracháin a chuireann comhlíonadh na Treorach maidir le Réamheolairí ar thairgeoirí agus ar eisitheoirí a laghdú.

2 An creat rialála le haghaidh réamheolairí a dhéanamh níos solúbtha agus níos oiriúnaí do na cineálacha éagsúla urrús agus eisitheoirí a chumhdaíonn sé, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe.

4 An Treoir maidir le Réamheolairí a thabhairt i gcomhréir níos dlúithe le dlíthe de chuid an Aontais a tugadh isteach le deireanas.

5 An dóigh a nochtar faisnéis d'infheisteoirí faoi chóras na réamheolairí a dhéanamh ar dhóigh níos éifeachtaí.

1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

- An líon réamheolairí a fhormheasfar faoi chórais éagsúla na Treorach maidir le Réamheolairí agus na méideanna a thiomsófar.
- An sciar de na réamheolairí a fhoilseoidh fiontair bheaga agus mheánmhéide.
- An sciar de na hinfheisteoirí i dtairiscintí tosaigh poiblí ar infheisteoirí miondíola iad.
- Leachtacht margaí tánaisteacha.
- An difear idir an costas a bheidh ar réamheolaire a ullmhú agus a fháil formheasta agus an costas atá air i láthair na huaire.
- An sciar de réamheolairí a aistreofar chuig Ballstáit eile faoi nós imeachta an phas Eorpaigh.

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

1.5.2. Tá an t-athchóiriú ar chóras na réamheolairí ceaptha a bheith ina chomhlánú ar chuspóirí seo Aontas na Margaí Caipitil: ilroinnt sna margaí airgeadais a laghdú, foinsí maoiniúcháin a éagsúlú agus sreafaí trasteorann caipitil a neartú. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE.

Is uirlis é réamheolaire comhtháite an Aontais Eorpaigh nach féidir margaí caipitil ar fud an Aontais a chomhtháthú dá huireasa. A luaithe a bhíonn réamheolaire formheasta ag údarás inniúil Ballstáit den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, is féidir é a úsáid chun caipiteal a thiomsú trí urrúis a thairiscint don phobal nó a ligean isteach ar mhargadh rialáilte i mBallstáit eile. Cuid ríthábhachtach de bhunú Aontas na Margaí Caipitil is ea é an réamheolaire a dhéanamh níos so-úsáidte ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ag cuideachtaí a úsáideann na margaí caipitil go minic (eisitheoirí rialta).

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Cuireadh an Treoir maidir le Réamheolairí i bhfeidhm in 2010. Measadh go dtiocfadh sábháil airgid as na bearta a rinneadh an uair sin. Thug meastóireacht ar fheidhmiú na Treorach leasaithe le fios go bhfuil na grúpaí geallsealbhóirí ar fad, agus na heisitheoirí, na hinfheisteoirí agus na Ballstáit, den tuairim gur uirlis úsáideach í an Treoir le héifeachtúlacht agus comhtháthú sa mhargadh a chothú agus le cosaint infheisteoirí a chothú freisin. Leis an Treoir cruthaíodh íoschaighdeán maidir le nochtadh agus formheas atá infheidhme maidir le húdaráis inniúla

náisiúnta, caighdeáin ar féidir brath orthu ar fud an Aontais. Mar sin féin, in ainneoin na nithe dearfacha sin a baineadh amach, is athruithe de chineál incriminteach na hathruithe a tharla agus níor leor iad le laghdú ábhartha a dhéanamh ar an gcostas a leanann caipiteal a thiomsú trí réamheolaire a úsáid.

1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

An t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Réamheolairí, is cuid den Phlean Gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil é, plean a glacadh an 30 Meán Fómhair 2015. Na bearta atá molta meastar go mbeidh mórthionchar acu ar leachtacht, ar chobhsaíocht agus ar tharraingteacht Aontas na Margaí Caipitil san Aontas. Agus ós ní é go bhfuil bacainní de shaghsanna éagsúla sna margaí, níor leor beart amháin leis sin a bhaint amach.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse neamhtheoranta

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2017 go 2019,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[30]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

[30] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

Nótaí

Chun an tionscnamh seo a chur chun feidhme caithfidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) gníomhú. Na hacmhainní atá beartaithe, is d'ÚEUM iad, agus is gníomhaireacht rialála seachas gníomhaireacht feidhmiúcháin é ÚEUM. Feidhmíonn ÚEUM faoi mhaoirseacht an Choimisiúin.

Chun an tionscnamh a chur chun cinn, caithfidh ÚEUM réiteach ríomhaireachta a cheapadh le réamheolairí agus doiciméid ghaolmhara a stóráil i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh rochtain gan dua ag úsáideoirí ar na doiciméid sin agus go mbeidh feidhm chuardaigh ann.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart atá beartaithe 5 bliana i ndiaidh don togra teacht i bhfeidhm.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh

I ndáil le húsáid dhlíthiúil, eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil na leithreasuithe a eascróidh ón togra, meastar nach dtiocfaidh rioscaí nua as an togra nach mbeidh cumhdaithe faoin gcreat rialaithe inmheánach atá ag ÚEUM faoi láthair.

2.2.2. An modh rialaithe atá beartaithe

Neamhbhainteach

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Chun críocha calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhlíthiúil eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian maidir le hÚEUM ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Aontóidh ÚEUM don Chomhaontú Idirinstitiúideach dar dáta an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach, maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus glacfaidh sé forálacha iomchuí láithreach bonn maidir le foireann ÚEUM.

Leagfar amach go sainráite sna cinntí maidir le maoiniú agus sna comhaontuithe agus sna hionstraimí cur chun feidhme a dtig astu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, más gá, ar thairbhithe an airgid atá eisíoctha ag ÚEUM agus ar dhaoine den fhoireann atá freagrach as an airgead sin a leithdháileadh.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghasca iteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Ceannteideal……...……]	LD/LN[31].	ó thíortha de chuid CSTE[32]	ó thíortha is iarrthóirí[33]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
(1a)	12.02.06 ÚEUM	LD	TÁ	TÁ	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghasca iteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir[Ceannteideal……Neamhbhainteach……]	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

[31] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte

[32] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[33] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is infheidhme, tíortha de na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

[This section should be filled in using the **spreadsheet on budget data of an administrative nature** (second document in annex to this financial statement) and uploaded to CISNET for interservice consultation purposes.]

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	[Ceannteideal……...…….]

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	[Ceannteideal 1a]

[Comhlacht]: ÚEUM			Bliain N[34]: **2016**	Bliain N+**1** **2017**	Bliain N+**2** **2018**	Bliain N+**3** **2019**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**[35]
Teideal 1:	Gealltanais	(1)	0.362	1.078	0.924	0.200	…	…	**…**	**2.564**
	Íocaíochtaí	(2)	0.362	1.078	0.924	0.200	…	…	**…**	**2.564**
Teideal 2:	Gealltanais	(1a)	0	0.600	0.600	0.120	…	…	**…**	**1.320**
	Íocaíochtaí	(2 a)	0	0.600	0.600	0.120	…	…	**…**	**1.320**
Teideal 3:	Gealltanais	(3 a)								
	Íocaíochtaí	(3b)								
IOMLÁN leithreasuithe'ÚEUM	Gealltanais	=1+1a +3a	0.362	1.678	1.524	0.320	…	…	**…**	**3.884**
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	0.362	1.678	1.524	0.320	…	…	**…**	**3.884**

[34] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

[35] Cuimsíonn IOMLÁN céim an chur chun feidhme agus an chéad bhliain ina dhiaidh sin. Ní chuimsíonn sé na blianta ina dhiaidh sin inarbh ionann na leithreasuithe agus leithreasuithe 2019 ós ní é nach tréimhse theoranta an tréimhse sin agus nach féidir, dá bhrí sin, a leithreasuithe a shuimiú.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	**5**	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+**1**	Bliain N+**2**	Bliain N+**3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: <…….>									
• Acmhainní daonna									
• Caiteachas Riaracháin									
IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht <…….>	Leithreasuithe								

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)	Neamh bhainteach							

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N [36]: **2016**	Bliain N+**1** **2017**	Bliain N+**2** **2018**	Bliain N+**3** **2019**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**[37]
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0.362	1.678	1.524	0.320	…	…	**…**	**3.884**
	Íocaíochtaí	0.362	1.678	1.524	0.320	…	…	**…**	**3.884**

[36] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

[37] Cuimsíonn IOMLÁN céim an chur chun feidhme agus an chéad bhliain ina dhiaidh sin. Ní chuimsíonn sé na blianta ina dhiaidh sin inarbh ionann na leithreasuithe agus leithreasuithe 2019 ós ní é nach tréimhse theoranta an tréimhse sin agus nach féidir, dá bhrí sin, a leithreasuithe a shuimiú.

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe ÚEUM

– ☒ Ní fhágann an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Fágann an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N**: 2016**		Bliain N+**1: 2017**		Bliain N+**2: 2018**		Bliain N+**3: 2019**		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
⇩	Saghas[38]	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[39] ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
COSTAS IOMLÁN																		

[38] Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[39] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an [chomhlachta]

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní fhágann an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Fágann an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

ÚEUM	Bliain N[40] **: 2016**	Bliain N+ **1 2017**	Bliain N+ **2 2018**	Bliain N+ **3 2019**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN** [41]
Oifigigh (Gráid AD)								
Oifigigh (Gráid AST)								
Foireann atá ar conradh	1	7	6	1.3	…	…	**…**	**15.3**
Baill foirne shealadacha								
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht								
IOMLÁN	1	7	6	1.3	…	…	**…**	**15.3**

Luaitear an dáta earcaíochta atá beartaithe agus cuir an dáta in oiriúint mar is iomchuí (más i mí Iúil atá sé beartaithe an earcaíocht a dhéanamh, ní chuirtear san áireamh ach 50% den chostas) agus tabhair mínithe breise in iarscríbhinn.

[40] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

[41] Cuimsíonn IOMLÁN céim an chur chun feidhme agus an chéad bhliain ina dhiaidh sin. Ní chuimsíonn sé na blianta ina dhiaidh sin inarbh ionann na leithreasuithe agus leithreasuithe 2019 ós ní é nach tréimhse theoranta an tréimhse sin agus nach féidir, dá bhrí sin, a leithreasuithe a shuimiú.

3.2.3.2. Na riachtanais acmhainní daonna a mheastar a bheidh ag an máthair-Ard-Stiúrthóireacht

– ☒ Ní fhágann an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Fágann an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an chéad deachúil ar a mhéad)

		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
• **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)**								
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin)								
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)								
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)								
10 01 05 01 (Taighde díreach)								
• **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha (FTE))**[42]								
XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch)								
XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí)								
XX 01 04 ***bb***[43]	- Ceanncheathrú[44]							
	- Toscaireachtaí							
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach)								
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach)								
Línte buiséid eile (sonraigh iad)								
IOMLÁN								

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, a earcú mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

[42] CA = Ball foirne ar conradh; LA = Ball foirne áitiúil; SNE = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

[43] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

[44] Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Ciste Eorpach Iascaigh (CEI) go príomha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

Ba cheart tuairisc ar ríomh an chostais i gcomhair aonaid FTE a bheith ar áireamh i roinn 3 den Iarscríbhinn.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

– ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Mínigh an cineál athcláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.
[…]

– ☒ Fágann an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim solúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[45].

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.
Rinneadh meastachán ar na costais a bhaineann leis na cúraimí atá le déanamh ag ÚEUM i gcás an chaiteachais ar fhoireann, i gcomhréir leis an aicmiú costas atá i ndréacht-bhuiséad ESA do 2015.
Caithfidh ÚEUM réiteach ríomhaireachta a cheapadh agus a chothabháil le réamheolairí agus doiciméid ghaolmhara a stóráil i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh rochtain gan dua ag úsáideoirí ar na doiciméid sin agus go mbeidh feidhm chuardaigh ann. Meastar gur in 2017 a thosófar ar an réiteach ríomhaireachta a cheapadh agus gur in 2018 a chuirfear i gcrích é.
Ina theannta sin, gach bliain caithfidh ÚEUM tuarascáil a fhoilsiú ina mbeidh staitisticí faoi na réamheolairí a faomhadh agus ar tugadh fógra ina leith san Aontas agus anailís ar threochtaí ina mbeidh aird tugtha ar na cineálacha eisitheoirí agus ar na cineálacha eisiúintí.
Sa togra ón gCoimisiún tá forálacha maidir le hÚEUM méid áirithe caighdeán teicniúil rialála (RTSanna) a cheapadh.
Ag cur i gcás go mbeidh an togra le haghaidh Rialacháin glactha ag na comhreachtóirí faoi dheireadh 2016, thosódh ÚEUM ag obair ar na RTSanna in 2017.
Ní shannfar inniúlachtaí maoirseachta nua d'ÚEUM ach iarrfar air comhar agus cóineasú maoirseachta a chur chun cinn a thuilleadh a fhad a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Treorach/an Rialacháin maidir le Réamheolairí.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

[45] Féach Airteagal 11 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N **+1**	Bliain N **+2**	Bliain N **+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ☐ar acmhainní dílse

– ☐ ☐ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[46]						
		Bliain N	Bliain N **+1**	Bliain N **+2**	Bliain N**+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

[46] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bailiúcháin a bheith bainte astu.

Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála

Rinneadh meastachán ar na costais a bhaineann leis na cúraimí atá le déanamh ag ÚEUM i gcás an chaiteachais ar fhoireann, i gcomhréir leis an aicmiú costas atá i ndréacht-bhuiséad ESA do 2015. Sa togra ón gCoimisiún tá forálacha maidir le hÚEUM **méid áirithe caighdeán teicniúil rialála agus cur chun feidhme a cheapadh**.

Airteagal	Cineál an chumhachtaithe	Foirm an chumhachtaithe	Raon feidhme an chumhachtaithe
7(11)	**RTS**	déanfaidh	Inneachar agus leagan amach na faisnéise airgeadais bunriachtanaí stairiúla san achoimre a leagan síos, agus aird á tabhairt ar na cineálacha éagsúla urrús agus eisitheoirí.
18(4)	**RTS**	féadfaidh	An liosta atá luaite in Airteagal 18(1) a thabhairt cothrom le dáta trí chineálacha eile doiciméad a bhfuil sé ina cheangal faoi dhlí an Aontais iad a chomhdú le húdarás poiblí nó faomhadh údaráis phoiblí ina leith a fháil, trí na cineálacha sin doiciméad a chur ar áireamh.
20(11)	**RTS**	féadfaidh	Na forálacha a bhaineann le foilsiú an réamheolaire a shonrú.
20(12)	**RTS**	déanfaidh	Na sonraí a thabhairt a theastaíonn le haghaidh aicmiú na réamheolairí dá dtagraítear in Airteagal 20(5).
22(6)	**RTS**	déanfaidh	Na cásanna a shonrú ina bhfágfadh fachtóir nua tábhachtach, botún substainte nó míchruinneas i dtaobh na faisnéise sa réamheolaire, ina bhfágfadh ceann acu sin go gcaithfí forlíonadh a chur leis an réamheolaire a bheadh le foilsiú.
24(6)	**CCI**	féadfaidh	Foirmeacha caighdeánacha, teimpléid agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le fógra a thabhairt faoi dheimhniú formheasa, réamheolaire, forlíonadh an réamheolaire agus aistriúchán an réamheolaire agus/nó na hachoimre.
28(2)	**RTS**	féadfaidh	Teimpléad a leagan síos le haghaidh socruithe comhair, doiciméad nár mhór d'údaráis inniúla na mBallstát a úsáid nuair ab fhéidir.
29(6)	**RTS**	féadfaidh	An fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 29(1) (oibleagáid comhair) a shonrú.
31(6)	**RTS**	féadfaidh	An fhaisnéis a shonrú atá le malartú idir údaráis inniúla i gcomhréir le

			hAirteagal 31(1).
31(7)	**CCI**	féadfaidh	Foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta a bhunú le haghaidh comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla.
32(3)	**CCI**	féadfaidh	Na nósanna imeachta maidir le malartú faisnéise, agus na foirmeacha lena aghaidh, dá dtagraítear i mír 2 (comhar le hÚEUM), iad sin a chinneadh.

Ina cheann sin, beidh ar ÚEUM an clár réamheolairí atá aige i láthair na huaire a uasghrádú agus **córas stórála ar líne a dhéanamh de, sásra a mbeidh feidhm chuardaigh aige** agus a fhéadfaidh infheisteoirí a úsáid saor in aisce. Tabharfaidh sé sin caoi d'infheisteoirí teacht ar réamheolairí an Aontais Eorpaigh agus iad a chur i gcomparáid san aon áit amháin. Ina theannta sin, de bharr na sonraí a thiomsófar sa córas stórála beidh ÚEUM in ann **staitisticí mionsonraithe** a chur i dtoll a chéile faoi na réamheolairí atá formheasta san Aontas Eorpach agus tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas. Gach uair a chuirfidh údarás inniúil an leagan leictreonach de réamheolairí atá formheasta chuig ÚEUM, beidh air tacar meiteashonraí a chur chuige freisin, agus de bharr na meiteashonraí sin beifear in ann na réamheolairí a innéacsú ar shuíomh gréasáin ÚEUM.

Ní shannfar inniúlachtaí maoirseachta nua d'ÚEUM ach iarrfar air **comhar agus cóineasú maoirseachta a chur chun cinn a thuilleadh a fhad a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na gcritéir STC** (féach Caibidil 3)**.** Tá an cuspóir sin fíor-riachtanach mar cuirfidh sé cosc ar ilroinnt an mhargaidh urrúsúcháin ar fud an Aontais Eorpaigh.

I dtaca leis an uair a thiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm, glactar leis gur lár 2016 a bheidh ann. Dá bhrí sin, beidh gá ag ÚEUM leis na hacmhainní breise ó thús 2016 chun tús a chur leis an obair ullmhúcháin agus féachaint leis go gcuirfear an Rialachán chun feidhme go réidh. I dtaca le cineál na suíomhanna, ní mór, go háirithe, acmhainní breise a leithdháileadh ar chúraimí maidir le beartas, dréachtú dlíthiúil agus measúnú tionchair má táthar chun caighdeáin theicniúla nua a sholáthar go rathúil agus go tráthúil.

Chun an obair a dhéanamh, beidh gá le cruinnithe déthaobhacha agus iltaobhacha leis na geallsealbhóirí, anailís agus measúnú ar roghanna agus dréachtú doiciméad comhairleach, comhairliúcháin phoiblí le geallsealbhóirí, bunú agus bainistiú buanghrúpaí saineolaithe ina mbeidh maoirseoirí ó na Ballstáit, bunú agus bainistiú grúpaí saineolaithe ad hoc ina mbeidh rannpháirtithe sa mhargadh agus ionadaithe infheisteoirí, anailís ar na freagairtí ar chomhairliúcháin, dréachtú anailíse costas/sochar agus dréachtú an téacs dhlíthiúil.

Fágann sin go mbeidh gá le gníomhaire sealadach breise amháin ó thús 2016. Glactar leis go mbeidh an scéal amhlaidh arís in 2017 agus in 2018 toisc go mbeidh ar ÚEUM cúraimí nua a dhéanamh. Tá na cúraimí nua sin leagtha amach sa Rialachán atá beartaithe agus tá breis mionsonraí ina leith tugtha sa mheabhrán míniúcháin.

Toimhde maidir le hacmhainní breise:

Glactar leis gur gníomhairí sealadacha den ghrúpa feidhmiúil agus den ghrád AD7 a bheidh sna poist.

- Is ar threoir a thug DG BUDG i leith an Rialacháin maidir le hUrrúsú, ar ghlac Coláiste na gCoimisinéirí leis an 30 Meán Fómhair 2015, is air sin atá meánchostas tuarastail na gcatagóirí éagsúla pearsanra bunaithe.
- Is é 1.168 an chomhéifeacht coigeartaithe tuarastail do Pháras;
- Meastar go mbeidh €12,700 i gceist le costais a bhaineann le hearcaíocht (taisteal, óstáin, scrúduithe leighis, athlonnú agus liúntais eile, costais aistrithe, etc).

Pearsanra

Cineál costais	**Ríomh**	**Méid (i mílte)**				
		2016	**2017**	**2018**	**Ó 2019 ar aghaidh**	**Iomlán**
Caiteachas foirne		**1**x 132x1.168	**7**x 132 x1.168	**6**x 132 x1.168	**1.3**x 132 x1.168	
Tuarastail agus liúntais	**X** x 132 x 1.168	154	1,078	924	200	2,356
Caiteachas a bhaineann le hearcaíocht	16x13	208				208
Iomlán		362	1,078	924	200	2,564

Costais theicniúla (ríomhaireacht)

Cineál costais	**Ríomh**	**Méid (i mílte)**				
		2016	**2017**	**2018**	**Ó 2019 ar aghaidh**	**Iomlán**
Iomlán		-	600	600	120	1,320